# SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ RÁITEAS STRAITÉISE 2019 – 2021



Commission for
**Communications Regulation**
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**

## SÉANADH DLÍTHIÚIL

Ní doiciméad dlí ceangailteach an doiciméad seo agus ní chuimsíonn sé comhairle dlí, tráchtála, airgeadais theicniúil ná aon chomhairle eile ach oiread. Níl an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide ('ComReg') faoi cheangal aige, ná ní hé gur mar a chéile é sin a leagtar amach seasamh críochnaitheach nó cinntitheach an Choimisiúin maidir le hábhair ar leith. Sa chás go mbeadh aon neamhréireacht idir ábhar an doiciméid seo agus a fheidhmiú cuí dá fheidhmeanna agus chumhachtaí, agus idir a fheidhmiú dá dhualgais agus an bhaint amach cuspóirí ábhartha faoi réir an dlí, ní dhéanann an t-ábhar sin dochar do sheasamh dlíthiúil an Choimisiúin um Rialáil Cumarsáide. Dá bhrí sin, níor cheart iontaoibh mhíchuí a chur in ábhar an doiciméid seo.

| | |
|---|---|
| **01 Brollach** | 7 |
| **02 Réamhrá** | 11 |
| Cúlra | 12 |
| Ár bhfís don earnáil cumarsáide sna cúig bliana atá le teacht | 14 |
| Ár ról, misean agus luachanna | 16 |
| Rún Straitéiseach ComReg | 17 |
| **03. An Comhthéacs Geilleagrach agus Dlíthiúil** | 21 |
| Eacnamaíochtaí na cumarsáide leictreonaí | 22 |
| An Dearcadh Maicreacnamaíoch | 25 |
| An comhthéacs dlíthúil | 28 |
| An t-Athrú atá ar an gCreatlach Rialála | 30 |
| An Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach | 30 |
| Na h-Athruithe eile ar an reachtaíocht | 35 |
| **04 Treochtaí agus Dúshláin** | 37 |
| Treochtaí agus Dúshláin | 38 |
| Eispéireas Úsáideoirí Deiridh | 38 |
| An tóir atá ar ghléasanna boise agus móibíleacha | 39 |
| Ag glacadh go leanúnach le teicneolaíochta nua | 40 |
| An t-athrú atá ar iompar traidisiúnta tomhaltóirí agus gnóthaí | 41 |
| Fachtóirí Aoise | 42 |
| Fachtóirí Tíreolaíocha | 43 |
| An tÉiceachóras Cumarsáide Leictreonaí agus Margaí Bainteacha Eile | 46 |
| Seirbhísí Iomarcacha | 46 |
| Margaí Táirgí Comhlántacha | 47 |
| Margaí Ionchuir | 47 |
| An Geilleagar Sonraí agus an Geilleagar Digiteach | 48 |
| Forbairt leanúnach an éiceachórais | 49 |
| Fabhrú Líonraí | 50 |
| Nascacht agus Idirlíon na nEarraí (InE) | 54 |
| An t-Athrú atá ar an gCreatlach Rialála – An EECC | 56 |
| Conclúid | 57 |

| | |
|---|---|
| **05 Socrú na Rialacha d'Iomaíocht Éifeachtach** | 59 |
| Réamhrá | 60 |
| Iomaíocht i Margaí Seasta agus Móibíleacha | 61 |
| Iomaíocht ar líonraí seasta | 61 |
| Iomaíocht ar líonraí móibíleacha | 62 |
| Staid na hiomaíochta i margaí miondíola – seasta agus móibíleach | 63 |
| Monatóireacht a Dhéanamh ar Mhargaí | 64 |
| Iomaíocht, Rochtain ar Sheirbhísí agus Roghanna do Thomhaltóirí a Chur Chun Cinn | 66 |
| Rochtain ar Ionchuir Riachtanacha: Acmhainn Speictrim agus Uimhrithe | 69 |
| Speictream | 70 |
| Uimhreacha | 72 |
| Ag Athrú | 74 |
| **06 Cosaint agus Faisnéis a Thabhairt do Thomhaltóirí** | 77 |
| Réamhrá | 78 |
| Comhcheisteanna na dTomhaltóirí | 80 |
| Turas na dTomhaltóirí | 82 |
| Ag ullmhú tomhaltóirí don chinneadh | 82 |
| Rochtain ar agus ag úsáid táirgí agus seirbhísí | 86 |
| Gearáin agus Réiteach Tomhaltóirí | 90 |
| Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | 92 |
| **07 Ag Cruthú na gCúinsí d'Infheistíocht** | 95 |
| Éascú Infheistíochta Trádála | 99 |
| Rochtain ar na Margaí: Creatlach SMP | 99 |
| Rochtain ar Ionchuir Riachtanacha – Speictream agus Uimhreacha | 100 |
| Dreasachtaí Rialála | 102 |
| Idirghabháil Stáit | 106 |
| **08 Forfheidhmiú agus Comhlíonadh** | 109 |
| Cultúr Comhlíonta | 113 |
| Gníomhaíochtaí Comhlíonta agus Forfheidhmithe Spriocdhírithe | 115 |
| Díspreagadh Éifeachtach | 115 |
| **09 Ag Feidhmiú mar Rialálaí Éifeachtach agus Ábhartha** | 119 |
| Sonraí agus Anailís | 121 |
| Rannpháirtíocht | 125 |
| Rannpháirtíocht idirnáisiúnta | 128 |
| Reachtaíocht agus Cumhachtaí | 128 |
| Daoine, Próisis agus Acmhainní | 129 |

| Fíoracha | |
|---|---|
| Fíor 1: Creatlach Straitéiseach ComReg | 18 |
| Fíor 2: Baile (%) le gléasanna ceangailte le Leathanbhanda Seasta | 39 |
| Fíor 3: An Teicneolaíocht in Úsáid Faoi Láthair agus a mBeifear ag Súil Léi sa Todhchaí | 40 |
| Fíor 4: Treochtaí R-Thrádála in Éirinn thar am | 41 |
| Fíor 5: Úinéireacht ar na teicneolaíochtaí sa bhaile | 42 |
| Fíor 6: Líonraí Seasta: Síntiúsóirí NGA agus CGA | 49 |
| Fíor 7: Síntiúis Mhóibíleacha an Líonra, 2014-2018 | 50 |
| Fíor 8: Na Gléasanna inár dtithe | 55 |
| Fíor 9: Rialáil le hIomaíocht a Chur Chun Cinn | 61 |
| Fíor 10: Rolladh Amach na Chéad Ghlúine Eile de Líonraí | 62 |
| Fíor 11: Comhdhlúthacht Mhiondíola, R2 2013 go R4 2018 | 64 |
| Fíor 12: Turas na dTomhaltóirí | 79 |
| Fíor 13: Líne Tomhaltóirí ComReg – Ceisteanna & Gearáin | 81 |
| Fíor 14: Miondealú de na Ceisteanna & Gearáin (PRS agus ECS) | 81 |
| Fíor 15: Léarscáil den Chlúdach Mhóibíleach – www.comreg.ie/coveragemap | 85 |
| Fíor 16: Réimsí Infheistíochta | 97 |
| Fíor 17: Infheistíocht in ECS/ECN (Éire, €milliúin) | 98 |
| Fíor 18: Forfheidhmiú Optamach | 111 |
| Fíor 19: Rialáil Éifeachtach agus Ábhartha a Chinntiú | 121 |

# BROLLACH

01

**IN 2017 D'FHOILSIGH COMREG A STRAITÉIS CHÚIG BLIANA D'EARNÁIL NA CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ. IN 2019, LEATHBHEALAIGH TRÍD NA CÚIG BLIANA SIN, IS MITHID DÚINN MACHNAMH A DHÉANAMH AR AN DUL CHUN CINN ATÁ DÉANTA AR AN STRAITÉIS SEO AGUS NA TOSAÍOCHTAÍ DON TRÉIMHSE ATÁ FÁGTHA A LEAGAN AMACH.**

Tá ról tábhachtach ag an earnáil cumarsáide leictreonaí dul i bhfeidhm ar ár ngeilleagar agus ar ár sochaí. Ó glacadh leis na teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí, thar na 10 mbliana anuas, chuir siad sin ar chumas daoine naisc a dhéanamh ar bhealaí nach ndearna siad riamh roimhe agus chabhraigh siad le samhlacha gnó agus deiseanna nua a chruthú.

Sa lá atá inniu, níl cuid ar bith dár saolta nach bhfuil tionchar ag nuálaíochtaí i nascacht dhigiteach orthu. Tuarann Coimisiún na hEorpa go gcuirfidh margadh singil digiteach amháin €415 billiún an bhliain le fás geilleagrach. Cuirfidh sé méadú ar phostanna, san iomaíocht, san infheistíocht agus sa nuálaíocht laistigh den Eoraip. Ina theannta sin, infheisteoidh Clár AE na hEorpa Digití (2021-2027) i gcúig phríomhearnáil dhigiteacha: ríomhaireacht ardfheidhmíochta, intleacht shaorga, cibearshlándáil agus cibeariontaoibh, ardscileanna digiteacha, agus cinntiú go n-úsáidfear agus go mbainfear feidhm as teicneolaíochtaí digiteacha go forleathan ar fud an gheilleagair agus na sochaí, rud a neartóidh an cheannasaíocht thionsclaíoch theicneolaíoch san Eoraip.

In aineoinn an dul chun cinn a bhí déanta le roinnt blianta anuas, níor bhain na húsáideoirí deiridh an tairbhe chéanna astu. Níor glacadh leis agus ní raibh na líonraí, na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí nua ar fáil ar fad ar fud na tíre agus d'fhéadfaí nach raibh go leor nascachta ag úsáideoirí deiridh sna ceantracha seo le riaradh dá gcuid riachtanas.

Beidh ról ag infheistíocht ón earnáil phríobháideach, idirghabháil móide rialáil an Stáit as cinntiú go riarfar do riachtanais nascachta na n-úsáideoirí deiridh, atá ag dul i méid. Is ábhar misnigh na fógraí a rinneadh maidir le rolladh amach na líonraí agus infheistíochtaí i gcumarsáid leictreonach a léiríonn an mhuinín sa mhargadh Éireannach. Cuireann ComReg fáilte roimh infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí agus i líonraí ar féidir leo cur le nascacht fhoriomlán úsáideoiri deiridh.

Mar an rialálaí d'earnáil na cumarsáide leictreonaí, tá ComReg ag déanamh a dhíchill tionchar bheith aige ar an tírdhreach iomaíoch, cinnteacht rialála a sholáthar agus na dreasachtaí riachtanacha a thabhairt lenar féidir le hinfheistíochtaí mórscála a dhéanamh i líonraí cumarsáide leictreonaí. Gan rialáil neamhspleách, ba dhócha go ndéanfaí infheistíochtaí níos moille nó nach ndéanfaí iad. Dá dtarlódh an dara cás, níos lú nuálaíochta agus níos lú roghanna ag úsáideoirí deiridh ar phraghsanna níos airde an toradh a d'fhéadfadh bheith aige seo.

Nótálann an ráiteas straitéise seo an dul chun cinn atá déanta thar an dá bhliain

deireanach den Straitéis Chúig Bliana agus tugann sé eolas faoin dóigh a gcuirfimid an straitéis seo i bhfeidhm sa ghearrthéarma.

Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinneamar sraith cinntí rialála, mar shampla, cinntí a bhain leis na príomh-mhargaí leathanbhanda mórdhíola, a chuir níos mó infheistíochta ón earnáil phríobháideach agus níos mó rolladh amach de na líonraí ar fáil ar fud fad na tíre. Ina theannta sin, mar gur aithníomar an tábhacht atá ag an nascacht inár ngnáthshaolta, chuireamar tús le próiseas le mórchodanna den speictream raidió nua a shannadh. Cabhróidh siad seo le seirbhísí móibíleacha níos fearr a sholáthar. Thar an dá bhliain dheireanach anuas, dhíríomar ár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe éagsúla ar dhóigh a d'uasmhéadaigh an éifeachtúlacht. Ina theannta sin, rinneamar bearta leis na socruithe rialachais in Eir a fheabhsú. Cabhróidh siad seo leis an iomaíocht san earnáil a neartú.

Leagann ár Straitéis Chúig Bliana cúig rún straitéiseacha amach don eagraíocht:

- **Iomaíocht** – Cuireann an margadh nuálaíocht agus an rogha fhéideartha is mó oibreoirí mórdhíola agus miondíola ar fáil.
- **Cosaint Tomhaltóirí** – Is féidir le tomhaltóirí na seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.
- **Infheistíocht** – Chumasaigh infheistíocht éifeachtúil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide.
- **Forfheidhmiú agus Comhlíonadh** – Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála.
- **Eagraíocht** – Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinne.

THAR AN DÁ BHLIAIN DÁR STRAITÉIS ATÁ LE TEACHT, TÁ MUID AG SÚIL LENÁR BHFÍS DON EARNÁIL A CHUR CHUN CINN – IS Í SIN **GO BHFUIL ROCHTAIN INACMHAINNE, ARDCHAIGHDEÁNACH AGUS FHORLEATHAN AG TOMHALTÓIRÍ AGUS GNÓTHAÍ IN ÉIRINN AR SHEIRBHÍSÍ AGUS AR FHEIDHMCHLÁIR CUMARSÁIDE A THACAÍONN LENA RIACHTANAIS SHÓISIALTA AGUS GHEILLEAGRACHA.**



**Garrett Blaney**
Cathaoirleach



**Jeremy Godfrey**
Coimisinéir




**Robert Mourik**
Coimisinéir

# RÉAMHRÁ

02

## AN GEILLEAGAR DIGITEACH

MEASTAR GO BHFUIL LUACH DE




**DE OTI NA hÉIREANN IN 2016 AIR[1]**

### CÚLRA

2.1 Is cuid riachtanach de gheilleagar na hÉireann An Geilleagar Digiteach atá ag méadú agus a mheastar go bhfuil luach de 6% (€12.3bn) de OTI na hÉireann in 2016 air[1].

2.2 Bhí Éire sa séú háit san Eoraip in 2018 de réir Innéacs Geilleagair agus Sochaí Digití Choimisiúin na hEorpa[2]. Tá nascacht mar eochairchuid d'áireamh DESI, is é sin, an cumas le faisnéis a mhalartú ag úsáid seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus líonraí cumarsáide leictreonaí. Tá ról lárnach ag ComReg i rialú na seirbhísí seo le cinntiú go bhfuil rochtain inacmhainne, archaighdeánach agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.

2.3 Tá ról tábhachtach ag Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí ('**ECS**') agus ag Líonraí Cumarsáide Leictreonaí ('**ECN**'), a ndéantar tagairt dóibh araon mar 'an earnáil ECS', sa tionchar atá acu ar ár ngeilleagar agus i gcumasú an gheilleagair dhigitigh. Bhí tionchar ag seirbhísí amhail teileafónaíocht mhóibíleach agus leathanbhanda ar ár saolta agus braithimid orthu ar níos mó dóigheanna eile ná riamh roimhe. In 2016, meastar gur chuir an earnáil €2.4 Billiún le geilleagar na hÉireann, nó 1.4% den Ollioncam Náisiúnta (GNI*)[3]. Ní chuireann an figiúr seo san áireamh an méid a dhéanann an earnáil ECS ó thaobh éascú gníomhaíochta geilleagraí sa gheilleagar agus sa tsochaí ar fad. (m.sh. cúram sláinte, oideachas agus líonrú sóisialta).

---

[1] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/news-and-media/press-releases/Pages/Trading-Online-Enterprise-Impact-Reports.aspx


[2] Is innéacs an DESI a dhéanann achoimre ar fheidhmíocht dhigiteach san Eoraip agus a leanann lorg iomaíochta digití gach Ballstát an AE. Tá níos mó sonraí ar an DESI ar fáil ó: http://europa.eu/rapid/press-release_MEMO-18-3737_en.htm

[3] Frontier Economics, tuarascáil do ComReg, Feabhra 2019 – The Contribution of the Telecommunications Sector to the Irish Economy.

2.4 Le bheith iomaíoch san earnáil ECS ní mór d'oibreoirí teileachumarsáide réimse táirgí mórdhíola agus miondíola nuálacha a sholáthar. Is í iomaíocht an spreagadh atá taobh thiar de na margaí, spreagann sí infheistíocht agus nuálaíocht agus soláthraíonn sí seirbhísí ardchaighdeánacha d'úsáideoirí ar phraghsanna níos ísle. Ní oibríonn na margaí go maith i gcónaí áfach. Mar sin de, is minic a bhíonn idirghabhálacha rialála ag teastáil le cinntiú go n-oibríonn na margaí i gceart agus go gcosnaítear tomhaltóirí.

2.5 Mar an rialálaí d'earnáil ECS[4], bhí tionchar ag cinntí ComReg ar an tírdhreach iomaíoch, a thug cinnteacht rialála agus a rinne an spreagadh le gur féidir infheistíochtaí mórscála a dhéanamh sna líonraí teileachumarsáide a bhí riachtanach. Gan rialáil, is dócha go ndéanfaí infheistíochtaí ar leith níos fadálaí nó nach ndéanfaí iad ar chóir ar bith. Dá dtarlódh an dara cás, níos lú nuálaíochta agus níos lú roghanna ag úsáideoirí deiridh ar phraghsanna níos airde an toradh a d'fhéadfadh bheith aige seo.

2.6 Le cúig bliana anuas, bhain cuid mhór úsáideoirí deiridh tairbhe as an rochtain ar líonraí agus ar theicneolaíochtaí nua, a soláthair luasanna íoslódála níos gaiste agus réimse beart seirbhíse níos leithne (m.sh. bearta imeartha triaraí agus cuad-imeartha). Ba é €2.9 billiún méid na n-infheistíochtaí sna líonraí seasta agus móibíleacha in Éirinn thar na 5 bliana seo anuas, rud a chinntigh go raibh na líonraí nua seo ag níos mó úsáideoirí deiridh ná riamh roimhe.



BA É

**€2.9 BILLIÚN**

MÉID NA N-INFHEISTÍOCHTAÍ SNA LÍONRAÍ SEASTA AGUS MÓIBÍLEACHA

IN ÉIRINN THAR NA 5 BLIANA SEO ANUAS

[4] Rialaímid an earnáil poist fosta. Cuimsíonn ár bhfís, ról, misean agus luachanna na hearnálacha cumarsáide leictreonaí agus poist, ach foilsítear ár straitéis don earnáil poist i ráiteas straitéiseach ar leith.

2.7 In ainneoin an dul chun cinn a bhí déanta le roinnt blianta anuas, níor bhain na húsáideoirí deiridh uilig an tairbhe chéanna astu. Níor glacadh leis agus ní raibh na líonraí, na teicneolaíochtaí agus na seirbhísí nua ar fáil ar fad ar fud na tíre. Tá ceantracha sa tír go fóill a shíltear nach mbeidh infheistíocht iontu tráchtálach agus nach dtarlóidh sé gan idirghabháil ón Stát. D'fhéadfaí nach raibh go leor nascachta ag úsáideoirí deiridh sna ceantracha seo le riaradh dá gcuid riachtanas. Tá ról ag infheistíocht ón earnáil phríobháideach, ag idirghabháil mar aon le rialáil ón Stát uilig le cinntiú go bhfíorófar riachtanais nascachta úsáideoirí deiridh.

## ÁR BHFÍS DON EARNÁIL CUMARSÁIDE SNA CÚIG BLIANA ATÁ LE TEACHT

2.8 In 2017, d'fhoilsíomar ár Straitéis ECS Chúig Bliana don tréimhse ó 2017 go 2021, a leag amach ár bhfís don earnáil cumarsáide thar an tréimhse sin, na dúshláin rialála dóchúla agus na spriocanna éagsúla a bhí mar aidhm againn baint amach thar an tréimhse sin leis an bhfís seo a bhaint amach. Is athbhreithniú lárthéarma an Ráiteas seo ar ár Straitéis ECS Chúig Bliana agus a athdhearbhaíonn ár gcúig Rún Straitéiseacha a aithníodh in 2017.


2.9 Inár bhfís, mar atá leagtha amach sa Straitéis ECS Chúig Bliana, is earnáil í mar go bhfuil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha. Tá an fhís seo don earnáil ag teacht leis an bhfís níos leithne don earnáil a leag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ('DCCAE') amach agus lenár mandáid dhlíthiúil, mar atá leagtha síos sa reachtaíocht. Ina theannta sin, cuireann fís ComReg don earnáil aidhmeanna chlár oibre Mhargadh Singil Digiteach Choimisiún na hEorpa agus obair Chomhlacht Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach ('BEREC') san áireamh.[5]

2.10 Ní féidir le ComReg amháin an fhís seo don earnáil a fhíorú. Beidh meascán d'idirghabhálacha beartais ón Rialtas, idirghabhálacha rialála ó ComReg agus infheistíocht ó earnáil na tionsclaíochta leoga, ag teastáil. Mar sin féin, ceapaimid gur chóir don fhís faoi na torthaí a bheimid ag iarraidh baint amach bheith ag treorú ár straitéise.

[5] Bhí Comhlacht Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) arna bhunú ag Rialachán (AE) 2018/1971 Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa ar 11 Nollaig 2018.

## ÁR BHFÍS DON EARNÁIL CUMARSÁIDE

BEIDH ROCHTAIN INACMHAINNE, ARDCHAIGHDEÁNACH FHORLEATHAN AG TOMHALTÓIRÍ AGUS GNÓTHAÍ IN ÉIRINN AR SHEIRBHÍSÍ AGUS AR FHEIDHMCHLÁIR CUMARSÁIDE A THACÓIDH LENA RIACHTANAIS SHÓISIALTA AGUS GHEILLEAGRACHA.








## ÁR RÓL, MISEAN AGUS LUACHANNA

2.11 Leagann ár Straitéis ECS Chúig Bliana amach gurb é an ról atá againn, mar rialálaí geilleagrach go bhfeidhmeoidh na margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Tá margadh rialaithe maith a chinntiú ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí le fís don earnáil cumarsáide a bhaint amach.

2.12 Tá tuairim níos forleithne againn faoina mbeidh i gceist don margadh le feidhmiú ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí. Maidir leis seo, ceapaimid gur chóir don margadh ardseirbhísí a sholáthar dá mhéad úsáideoirí deiridh agus is féidir, idir sheasta agus gan sreang. I measc na samplaí eile de dhíol spéise níos leithne na sochaí tá soláthar seirbhísí amhail glaonna éigeandála móide dearadh uilíoch ar agus oiriúnú sheirbhísí sa dóigh is gur féidir le daoine le míchumais páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí, mar shampla.

2.13 Léiríonn ár misean an tuairim fhorleathan atá againn ar ár ról: Trí rialáil éifeachtach agus ábhartha, forbairt earnála cumarsáide iomaíche in Éirinn a éascú, a mheallfaidh infheistíocht, a spreagfaidh nuálaíocht agus a thabharfaidh cumhacht do thomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.


### RÓL AGUS MISEAN COMREG

IS É RÓL COMREG LE CINNTIÚ GO BHFEIDHMEOIDH NA MARGAÍ CUMARSÁIDE AR MHAITHE LE HÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH AGUS LEIS AN TSOCHAÍ.

TRÍ RIALÁIL ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA A ÉASCAÍMID FORBAIRT NA HEARNÁLA CUMARSÁIDE IOMAÍCHE IN ÉIRINN, RUD A MHEALLANN INFHEISTÍOCHT, A SPREAGANN NUÁLAÍOCHT A THUGANN CUMHACHT DO THOMHALTÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE A ROGHNÚ AGUS A ÚSÁID GO MUINÍNEACH.

2.14 Le go mbeimid éifeachtach mar rialálaí geilleagrach, tá sé tábhachtach go bhfuil muinín ag páirtithe leasmhara asainn ár bhfeidhmeanna a dhéanamh go neamhspleách bunaithe ar fhianaise agus ar anailís ardchaighdeánach, gan bheith claonta i dtreo páirtí margaidh ar bith agus gan fulaingt ó "gabháil rialála", mar a thugtar air. Cuireann ár luachanna ar chumas pháirtithe leasmhara an mhuinín seo bheith acu.

## LUACHANNA





## RÚN STRAITÉISEACH COMREG

2.15 Mar atá leagtha amach inár Straitéis ECS Chúig Bliana, beidh an dearcadh chúig bliana seo dár gcumasú díriú ar fhorbairtí níos fadtéarmaí agus le smaoineamh ar an ról a fhéadfaidh bheith ag an rialáil le nuálaíocht a chumasú, agus le tabhairt faoi cheisteanna a fhéadfaidh tarlú sa todhchaí. Ligfidh sé do pháirtithe leasmhara pleanáil ar an mbealach céanna freisin. Feidhmíonn an ráiteas seo mar athbhreithniú lárthéarma ar ár Straitéis ECS Chúig Bliana agus athdhearbhaíonn sé ár gcúig Rún Straitéiseach a aithníodh in 2017. Ina theannta sin, feidhmíonn an ráiteas seo mar Ráiteas Straitéise ECS 2019-2021 foirmeálta, mar atá ag teastáil faoin Acht.

2.16 Inár Straitéis ECS Chúig Bliana, leagaimid ár gcreatlach straitéiseach amach (mar a léirítear i bhFíor 1 thíos), a léiríonn an caidreamh idir ár bhFís, Misean agus Ról agus na huirlisí atá ar fáil againn. Is féidir ár misean a rangú i gceithre phríomhréimse leathana – Iomaíocht, Cosaint Tomhaltóirí, Infheistíocht, agus Forfheidhmiú agus Comhlíonadh. Braitheann ár gcumas lenár bhfís agus ár misean a fhíorú ar fhorbairt ár n-eagraíochta.

**Fíor 1: Creatlach Straitéiseach ComReg**




2.17 I gcomhthéacs ár róil, ár misin agus ár bhfíse, leagamar amach cúig ráiteas de rún straitéiseach, a dhéanann cur síos ar na spriocanna ba mhaith linn baint amach sa tréimhse 2017-2021 tríd na huirlisí éagsúla atá againn. Tugtar achoimre ar gach ceann de na rúin seo thíos agus déanfar plé níos mine orthu sna caibidlí níos déanaí den Ráiteas Straitéise seo.

2.18 Tar éis sin, caithfimid athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreatlach gheilleagrach agus dhlíthiúil ina bhfeidhmímid a mhíniú ar dtús agus na hathruithe a tharla ó foilsíodh an Straitéis ECS Chúig Bliana in 2017, a phlé. Ansin, déanfaimid machnamh ar na treochtaí agus na dúshláin príomha a bhféadfadh tionchar bheith acu ar rialáil éifeachtach agus ábhartha ó ComReg thar an tréimhse go 2021. I ndeireadh na dála, déanfaimid machnamh ar gach ceann dár rúin straitéiseacha amach, ar tugadh achoimre orthu thuas, ar an dul chun cinn a bhí déanta orthu seo agus ar na spriocanna bainteacha agus na cláir oibre áirithe a mbeidh rún ag ComReg a dhéanamh thar an tréimhse 2019-2021.

# RÚIN STRAITÉISEACHA 2017-2021

01

## IOMAÍOCHT

Soláthraíonn an margadh nuálaíocht agus an rogha fhéideartha is fearr d'oibreoirí mórdhíola agus miondíola

02

## COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Is féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach

03

## INFHEISTÍOCHT

Chumasaigh infheistíocht éifeachtach rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir

04

## FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHLÍONADH

Cloíonn aonáin rialaithe le hoibleagáidí rialála

05

## EAGRAÍOCHT

Is rialálaí éifeachtach agus ábhartha sinn

03

# AN COMHTHÉACS GEILLEAGRACH AGUS DLÍTHIÚIL

## EACNAMAÍOCHTAÍ NA CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ

3.1 Mar a bhí pléite inár Straitéis ECS Chúig Bliana, tá a lán fáthanna ann go bhféadfadh baol bheith ann nach mbeadh na margaí ECS éagsúla a rialaímid agus a ndéanaimid monatóireacht orthu, ag feidhmiú go héifeachtúil nó ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí (féach ar Bhosca Mínithe 1). Mar gheall ar an sainchúram agus ar na cumhachtaí atá ag ComReg is féidir leis idirghabháil a dhéanamh sna margaí ECS éagsúla (de réir mar is cuí) le cinntiú go bhfeidhmíonn na margaí seo go héifeachtúil.

### BOSCA MÍNITHE 1:

### NA FÁTHANNA NACH BHFÉADFADH NA MARGAÍ ECS BHEITH AG FEIDHMIÚ AR MHAITHE LE HÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH AGUS LEIS AN TSOCHAÍ

Mar gheall ar an ngné thráchtálach d'infheistíocht phríobháideach, b'fhéidir nach bhféadfaí na líonraí ardchaighdeánacha a rolladh amach ach i gceantracha mar a mbeadh a leithéid de dhlúsanna daonra ann go bhféadfaí na hioncaim fhéideartha ó na húsáideoirí deiridh sna ceantracha sin bheith níos mó ná na costais. Lena chois sin, ní fhéadfadh caighdeán na bunlíonraí a choinneáil i gceantracha mar a mbeadh na costais ard agus mar a mbeadh an iomaíocht lag nó nach mbeadh sí ann. Mar an gcéanna, dá dtabharfaí seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar bhonn tráchtála, chiallódh sé sin nach mbeadh roinnt seirbhísí inacmhainne d'úsáideoirí deiridh ar leith. Ina theannta sin, d'fháthanna eile seachas infhaighteacht nó inacmhainneacht, ní fhéadfadh grúpaí úsáideoirí deiridh ar leith bheith ábalta nó spéis bheith acu glacadh le teicneolaíochtai nua. Ar an ábhar sin, dá ndéanfaí cinntí infheistíochta ar an mbonn seo, ní fhéadfadh sé an luach geilleagrach agus sóisialta don tsochai san iomlán ag glacadh níos mó le seirbhísí, a chur san áireamh.

- Cuireann **teipeanna margaidh** bac ar chumas an ghnáthphróisis iomaíochta na torthaí leasa is fearr a bhaint amach. Is cuspóir na rialála geilleagraí iarracht a dhéanamh na teipeanna margaidh a cheartú nó a chúiteamh tríd na hidirghabhálacha cuí. Is féidir cuid mhór d'fheidhmeanna agus cuspóirí reachtúla ComReg a cheangal siar le bunteipeanna sa mhargadh. Seo na trí theip margaidh clasaiceacha: cumhacht mhargaidh (nó cumhacht mhonaplachta ar fad), seachtrachtaí (bainteach le hearraí poiblí) agus aisiméadracht faisnéise.
- Déanann **cumhacht margaidh** tagairt do chumas oibreoir amháin na praghasanna a ardú thar, nó an caighdeán thíos a laghdú fúthu sin a n-éireodh leo i margadh iomaíoch. D'fhéadfadh cumhacht margaidh teacht ó dhá phríomhfhoinse, drogall nó míchumas na dtomhaltóirí athrú mar fhreagairt do dhíghrádúchán sna téarmaí agus coinníollacha. D'fhéadfadh seo tarlú mar tá athrú deacair/costasach mar shampla, nó mar nach bhfuil margaí eile nó teoranta eile ar fáil, nó i bhfocail eile, mar go bhfuil struchtúr an mhargaidh monaplach. Sna margaí cumarsáide leictreonaí, tá an dá cheann d'fhoinsí na cumhachta margaidh ann, ach is í an dara foinse í – an struchtúr margaidh monaplach – a bhí mar an fócas traidisiúnta rialála san earnáil. Tarlaíonn struchtúr monaplach roinnt margaí cumarsáide leictreonaí mar gheall ar na costais mhóra báite a bhaineann go minic le líonra fisiceach a bhunú. Tugann sé seo an spreagadh do rialáil chuimsitheach a leithéid seo de mhargaí.

- Déanann **seachtrachtaí** tagairt do chostais agus do thairbhí ghníomhaíocht eacnamaíochta ar bith nach bhfuil ag an gníomhaí eacnamaíochta a dhéanann an ghníomhaíocht. Déantar gníomhaíochtaí a chruthaíonn seachtrachtaí diúltacha, níos mó ná mar a ghlacann an tsochaí leis de ghnáth, ach fosholáthraítear dóibh siúd a bhfuil seachtrachtaí dearfacha acu. Mar sin de, tá idirghabháil ag teastáil le iompar a bhainfidh seachtrachtaí dearfacha amach agus a dhíspreagfaidh gníomhaíochtaí le seachtrachtaí diúltacha, a chur chun cinn. Tá samplaí ann de na seachtrachtaí dearfacha agus diúltacha sna margaí cumarsáide leictreonaí
- Déanann an **aisiméadracht faisnéise** tagairt don staid mar a bhfuil faisnéis éagsúil ag páirtithe ar idirbhearta. Is féidir le sampla den fhaisnéis aisiméadrachta sna margaí cumarsáide leictreonaí tarlú, mar shampla, mura dtuigeann tomhaltóir sonruithe nó téarmaí agus coinníollacha táirgí agus seirbhísí. Mura bhfuil an fhaisnéis go léir ann ar earra nó ar tháirge, tá sé deacair do thomhaltoir cinneadh ar an méid luacha air – go bunúsach, cuireann sé cosc ar an mheicníocht phraghais feidhmiú go héifeachtach agus d’fhéadfadh tomhaltóiri ró-íoc as táirge, nó gan rud éigin a oireann dá gcuid riachtanas a cheannach. Tugann ComReg faoin aisiméadracht faisnéise seo trí chuir síos chruinne ar tháirgí agus dearbhuithe caighdeáin a iarraidh.
- Déanann **claontacht iompair** tagairt don dóigh an ndéanann daoine aonair iompar ar bhealach neamhréasúnta, d’ainneoin na súile leis na gnáthshamhlacha geilleagracha. De dheasca a leithéid seo d’iompar neamhréasúnach, d’fhéadfadh daoine drochroghanna a dhéanamh. Féadtar seo tarlú san earnáil ECS nuair a roghnaíonn daoine táirgí agus seirbhísí nach bhféadfadh riaradh dá gcuid riachtanas, nó nuair a theipeann orthu cinntí a dhéanamh le hathrú a shábhálfadh airgead.

Is í an tríú gné de na margaí cumarsáide leictreonaí ná go bhfuil siad mar chuid d’éiceachóras níos forleithne, ina bhfuil réimse margaí bainteacha, amhail margaí d’ábhar agus do sheirbhísí soláthraithe ar an idirlíon, san áireamh. Tagann cuid de luach geilleagrach agus sochaíoch na margaí cumarsáide leictreonaí óna ról a chumasaíonn nuálaíocht sna margaí seo. Tá dinimicí coimpléascacha ag baint leis an idirchaidreamh idir na margaí seo, agus tá sé tábhachtach nach bhforbróidh na margaí cumarsáide leictreonaí ar bhealach a chuirfidh bac ar nuálaíocht.



3.2 Bhí tionchar ag fás agus ag daoine ag fáil seirbhísí amhail teileafónaíocht mhóibíleach agus leathanbhanda ar ár saolta, ar ár gcaidreamh sóisialta agus ar ár dtimpeallacht oibre. Mar sin de, níor chóir dúinn ár róspleáchas ar ECS inacmhainne, ardchaighdeánach agus an-rochtana a mheas faoina luach.

3.3 Mar a nótáladh i bhFíor 17 (Caibidil 7), rinneadh cuid mhór infheistíochta san earnáil ECS thar chúig bliana anuas. Léiríonn an leibhéal infheistíochta seo an mórmhéid a chuireann an earnáil ECS i ngeilleagar na hÉireann. Tacaíonn an infheistíocht seo in ECS le hathrú agus le nuálaíochtaí ar fud an gheilleagair iomláin. D'athraigh infheistíochtaí sa ECS an dóigh a n-oibrímid, a ndéanaimid cumarsáid agus a n-úsáidimid rudaí. Chabhraigh ECS leis na baic iontrála agus na costais bainteach le hidirbhearta a ísliú. Lig siad seo do thomhaltóirí agus do ghnóthaí idirghníomhú ar níos nó dóigheanna ná riamh roimhe. Ina theannta sin, agus úsáid ECS ag fás thar am, cabhraíonn siad le glúin nua de ghléasanna pearsanta agus baile, a dtugtar 'Idirlíon na nEarraí' nó 'InE' orthu, a chumasú. Lena chois sin, tacaíonn ECS le soláthar earraí sóisialta, amhail oideachas nó cúram sláinte agus ligeann siad do shaoránaigh cumarsáid a dhéanamh ar dhóigheanna nua tríd na líonraí sóisialta.

3.4 Níl an méid a chuireann ECS le geilleagar agus le sochaí na hÉireann teoranta leis an luach gheilleagrach a chruthaítear san earnáil í féin, ach beidh measúnú ar an méid sin an chuireann ECS leis an ngeilleagar de dhíth. Mar chuid de Ráiteas Straitéise ECS 2019-2021, rinne ComReg iarracht an méid a chuireann an earnáil ECS leis an ngeilleagar iomlán agus leis an ngnáthphobal a mheas. Measann tuarascáil a rinne Frontier Economics do ComReg:

- €2.4 billiún ba ea an méid breis luacha a bhí ar earraí agus ar sheirbhísí teileachumarsáide déanta in Éirinn in 2016.[6]
- Is áisitheoir barrthábhachtach i gcuid mhór earnálacha den gheilleagar ECS. Shaothraigh na hearnálacha seo suas go €69 billiún in 2016.[7]

## AN DEARCADH MAICREACNAMAÍOCH


3.5 Ó d'fhoilsigh ComReg a Straitéis ECS Chúig Bliana in 2017, tharla roinnt forbairtí sa gheillleagar níos leithne a mbeidh an fhéidearthacht acu tionchar bheith acu ar na margaí a rialaímid agus ar a ndéanaimid monatóireacht móide ar na páirtithe leasmhara éagsúla a oibríonn sna margaí seo.

[6] Leis an méid iomlan a chuirtear leis an ngeileagar, is gá na cánacha ar tháirgí a chur san áireamh atá gearrtha ar tháirgí agus ar sheirbhísí nach bhfuil san áireamh laistigh den 'Ollbhreisluacha'. Mar sin de, is é an figiúr de €2.4 billiún suim bhreisluacha na hearnála, chánacha ar tháirgí, agus thionchair neamhdhíreacha.

[7] Déanann Frontier machnamh ar na hearnálacha sin a dhianúsáideann teileachumarsáid nó atá diandhigiteach (agus a bhraitheann ar theileachumarsáid). Rangaíodh dianúsáideoirí teileachumarsáide mar earnálacha thar an 85ú peircintíl sa dá mhéadrach seo a leanas; aschuir theileachumarsáide mar chéatadán den aschur, agus cion na n-aschur iomlán arb aschuir theileachumarsáide iad. Is iad na hearnálacha diandhigiteacha na cinn atá rangaithe thar an 85ú peircintíl sa méid ionchur foilsitheoireachta nó ríomhchlárúcháin a úsáideann siad, ag úsáid sonraí ó tháblaí ionchuir-aschuir an CSO. Ba é €69 billiún an méid iomlán GVA de na 22 earnáil a bhí aitheanta in 2016.

3.6 Aithníonn ComReg nach féidir leis na margaí ECS féin feidhmiú as an ngeilleagar níos forleithne. Tá na margaí seo leochaileach de thoradh na n-athruithe sa mhicreagheilleagar agus na gcinntí a dhéantar go hidirnáisiúnta a bhféadfadh tionchar bheith acu ar gheilleagar na hÉireann agus ar an teileachumarsáid i gcoitinne dá réir. Tá a lán de na soláthraithe ECS atá in Éirinn mar chuid de ghrúpaí níos leithne de chomhlachtaí, a sholáthraíonn seirbhísí i roinnt tíortha eile. Dá réir sin, is féidir le hinfheistíochtaí in ECS in Éirinn brath ar an dóigh a bhfuil na comhlachtaí ag feidhmiú, idir intíre nó ar bhonn idirnáisiúnta ag leibhéal grúpa.

3.7 D'fhéadfadh cúrsaí micreacnamaíochta in Éirinn tionchar bheith acu ar an earnáil teileachumarsáide. Is féidir leis na hathruithe i gcúrsaí micreacnamaíochta tionchar bheith acu ar chaiteachas tomhaltóirí, ar dhearcadh na earnála ECS cinntí infheistíochta a dhéanamh, agus ar bheartas agus ar chinntí caithimh an rialtais ar theileachumarsáid.




[8] Monatóir ar Aigne Tomhaltóirí RED C (E 2019) https://www.redcresearch.ie/wp-content/uploads/2019/01/RED-C-Consumer-Mood-Monitor-January-2019.pdf


3.8 Tá baint ag cúinsí geilleagracha intíre le ECS agus le margaí bainteacha mar tá éifeacht dhíreach agus indíreach acu ar sholáthraithe seirbhíse agus ar thomhaltóirí. Mar shampla, ciallaíonn níos mó fostaíochta go bhfuil níos mó teaghlach ag saothrú níos mó airgid. Is féidir leo roghnú le cuid den airgead breise seo a chaitheamh ar sheirbhísí ECS, mar sin, tagann méadú ar dhíolacháin agus ar ioncam don tionscal. Ciallaíonn dearcadh infheistíochta gnó níos fearr go mbeidh níos mó foinn ar oibreoirí infheistiú sa mhargadh nó gur dócha go n-infheisteoidh gnóthaí eile i gcórais cumarsáide níos fearr.

3.9 Tá dúshláin ann áfach. Cé go raibh geilleagar na hÉireann ag téarnamh go seasta ón gcúlú eacnamaíochta deireanach, de dheasca fachtóirí idirnáisiúnta amhail Breatimeacht agus teannais geopholaitíochta, d'fhéadfadh moill teacht ar an ngeilleagar. Léiríonn Monatóir ar Aigne Tomhaltóirí RED C ó Eanáir 2019[8] laghdú i muinín tomhaltóirí i gcoitinne, le formhór mór daoine buartha faoi éifeacht dhiúltach fhéideartha an Bhreatimeachta ar gheilleagar na hÉireann.

3.10 Braithfidh éifeacht an Bhreatimeachta ar théamaí aistarraingt na Ríochta Aontaithe ón AE. D'fhéadfadh an éiginnteacht faoi Bhreatimeacht impleachtaí féideartha bheith aige don tionscal teileachumarsáide in Éirinn ar:

- Dóigheanna díreacha (mar shampla, rialáil fánaíochta agus an éifeacht ar oibreoirí atá mar chuid de chomhlacht grúpa lonnaithe sa Ríocht Aontaithe); agus
- Dóigheanna indíreacha trí éifeachtaí micreacnamaíochta níos forleithne (amhail caiteachas agus muinín tomhaltóirí, infheistíocht, dearcadh geilleagrach, na héifeachtaí ar thrádáil srl.)

3.11 Déantar níos mó plé ar éifeacht fhéideartha an Bhreatimeachta ar an earnáil ECS i mBosca Mínithe 2.



## BOSCA MÍNITHE 2:
### TIONCHAR AN BHREATIMEACHTA AR EARNÁIL ECS NA HÉIREANN

Ar 29 Márta 2017, chuir an Ríocht Aontaithe in iúl do Chomhairle na hEorpa go raibh sé ar intinn aici imeacht ón Aontas Eorpach, de réir Alt 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Chuir sé seo tús le hidirbheartaíochtaí dhá bhliain, a dtugtar próiseas Alt 50 orthu.

Is é cuspóir na n-idirbheartaíochtaí téarmaí imeachta na Ríochta Aontaithe ón AE ar dhóigh shásúil a chomhaontú. Glacfaidh na hiarmhairtí ó chinneadh na Ríochta Aontaithe imeacht ón AE am le fíorú, ach is féidir roinnt iarmhairtí féideartha bheith ann do ECS agus do na margaí bainteacha a aithint sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma.

Beidh siad seo ar bharr na n-impleachtaí an-luaite don gheilleagar iomlán a bhféadfadh cur isteach ar na slabhraí soláthair, dearcadh tomhaltóirí agus infheisteoirí a ísliú, dífhostaíocht a mhéadú, ardleibhéal éiginnteachta geilleagraí agus sóisialta a spreagadh agus impleachtaí ar leith don earnáil teileachumarsáide a spreagadh.

Tá ComReg ag déanamh monatóireachta gníomhaí ar impleachtaí féideartha an Bhreatimeachta don earnáil teileachumarsáide, agus tabharfaidh sé treoir agus faisnéis de réir mar a bheidh sí ag teastáil. D'fhéadfadh na forbairtí féideartha seo a leanas tarlú:

- Má bhíonn Breatimeacht gan margadh ann, ní bheidh an Ríocht Aontaithe faoi réir na rialachán Roam Like at Home. Tugadh na rialacháin seo isteach i Meitheamh 2017 agus ciallaíonn siad go n-íocann tomhaltóirí na rátaí baile nuair a úsáideann siad a ngléasanna móibíleacha beag beann ar an áit san AE ina bhfuil siad. Mar aon leis an tionchar a bheidh acu seo ar na daoine sin a thaistealaíonn go minic go dtí an Ríocht Aontaithe, dá n-atabharfaí rátaí fánaíochta isteach, bheadh impleachtaí ar leith ann do na 456,000 tomhaltóir Éireannach a bhfuil cónaí orthu i réigiún na teorann agus d'fhéadfadh fánaíocht de thaisme bheith ina fadhb. (nuair a cheanglaíonn comhartha fóin le líonra i dtír eile).
- D'fhéadfadh cúlú eacnamaíochta ar bith sa mhargadh sin dul i bhfeidhm ar oibreoirí teileachumarsáide a bhfuil a gceannárais sa Ríocht Aontaithe, go háirithe maidir le cinntí infheistíochta a dhéanfaí in Éirinn. Bheadh sé seo amhlaidh ach go háirithe dá n-ísleofaí laghdú sna margaí caipitil sa Ríocht Aontaithe cumas comhlachtaí rochtain bheith acu ar chistí.
- Ní bheidh faisnéis ar bith ar an gcaidreamh iarBhreatimeachta idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. D'fhéadfaí go gcuirfí bacainní trádála neamhfhánacha i bhfeidhm, a mhéadódh na costais a bheadh ar chomhlachtaí lonnaithe sa Bhreatain atá ag feidhmiú sa mhargadh Éireannach.
- Tar éis an Bhreatimeachta, d'fhéadfadh rialacháin bacainní a chruthú ar sholáthraithe ón Ríocht Aontaithe atá ag riaradh do mhargadh an AE.
- Sa ghearrthéarma, d'fhéadfadh soláthraithe ECS a cheannaíonn earraí leictreonacha a bhfuil an marc CE orthu, moill bheith orthu earraí déanta sa Ríocht Aontaithe a iompórtáil go hÉirinn, mar d'fhéadfaí seiceálacha sábháilteachta a dhéanamh le cinntiú go gcloíoidís leis an gcaighdeán CE as siocair nach ndéanfaí a leithéid seo de sheiceálacha sa Ríocht Aontaithe a thuilleadh.

[9] Foinse: CSO, Daonáireamh 2016

## AN COMHTHÉACS DLÍTHIÚIL

3.12 Bhunaigh an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002[10] ("Acht 2002") ComReg mar chomharba Oifig an Stiúrthóra um Rialáil Teileachumarsáide (ODTR), ar bunaíodh í féin in 1997[11]. D'athraigh scóip ár sainchúraim rialála thar dhá dheichniúr anuas, ag léiriú athruithe sa bheartas intíre agus Eorpach i dtaca leis na margaí cumarsáide mar aon leis na hathruithe sa teicneolaíocht fosta. Sa lá atá inniu, cuimsíonn croíchúram sainiúil ComReg:

- Rialáil na líonraí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí[12];
- Bainistiú speictream na minicíochta raidió agus na hacmhainne uimhithe náisiúnta[13]; agus
- Rialáil na seirbhísí poist[14].

3.13 Tá feidhmeanna breise ag ComReg fosta, maidir le rialáil na Seirbhísí Ardráta('PRS')[15], na Seirbhísí Freagartha Glaonna Éigeandála ('ECAS')[16], ísliú ar na costais le seirbhísí leathanbhanda ardluais a sholáthar[17], fánaíocht[18] agus neodracht idirlín[19] i measc na gceann eile nach iad[20]. Ina theannta sin, roinn ComReg cumhachtaí leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí[21] agus cumhachtaí comhroinnte agus comhlántacha leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí i dtaca le gnéithe áirithe de

---

10 Rinne an tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach 2003, an tAcht Craolacháin (Leasú) 2007, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Leasú) 2007, an tAcht Craolacháin 2009, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010, an tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011, an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014, an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014, an tAcht um Shaorail Faisnéise 2014, an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2015, agus an tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) (Leasú) 2017, leasú, inter alia, ar an Acht um Rialáil Cumarsáide 2002 ("Acht 2002").

11 Ag Alt 2 den Acht Teileachumarsáide (Forálacha Ilghnéitheacha) 1996, a chuaigh i bhfeidhm ar 10 Márta 1997.

12 Alt 10(1)(a) d'Acht 2002.

13 13 Alt 10(1)(b) d'Acht 2002.

14 Alt 10(1)(ba) agus (c) d'Acht 2002.

15 Alt 10(1)(cb) d'Acht 2002, curtha isteach ag an Acht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta agus Bonneagar Cumarsáide Leictreonaí) 2010.

16 Alt 10(1)(ca) d'Acht 2002, curtha isteach ag an Acht um Rialail Cumarsáide (Leasú) 2007.

17 Treoir 2014/61/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 15 Bealtaine 2014 ar bhearta leis na costais ar líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a sholáthar a ísliú; An tAontas Eorpach (Ísliú ar an gCostas le Líonraí Cumarsáide Ardluais Poiblí a Sholáthar) Rialacháin 2016 (I.R. Uimh. 391 de 2016).

18 Rialacháin AE agus baile éagsúla ó 2007 go 2017.

19 Féach ar, m.sh., Rialachán (AE) 2015/2120 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2015 a leagann síos bearta a bhaineann le rochtain oscailte idirlín agus Treoir leasaithe 2002/22/EC ar sheirbhís uilíoch agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí, seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus le Rialachán (AE) Uimh 531/2012 ar fhánaíocht ar na líonraí cumarsáide móibíleacha poiblí laistigh den Aontas.

20 Mar shoiléireacht, níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach an liosta cumhachtaí agus feidhmeanna seo a dtugtar achoimre orthu. Le haghaidh níos mó faisnéise ar fheidhmeanna agus cumhachtaí ComReg, gabh agus féach ar shuíomh gréasáin ComReg le do thoil - https://www.comreg.ie/about/legislation/

21 I dtaca le reachtaíocht iomaíochta iarphoist agus reachtaíocht um cosaint tomhaltóirí ar leith, a fhad agus a bhaineann siad leis an earnáil cumarsáide leictreonaí agus PRS.

phríobháideacht sonraí.[22] Tá cumhachtaí agus feidhmeanna éagsúla eile ag ComReg a tháinig ó reachtaíocht náisúnta fosta.

3.14 Ó 2002 go dtí an lá atá inniu (agus ag leanstan ar aghaidh go dtí 20 Nollaig 2020), rialaíodh cumarsáid leictreonach i Ballstáit an AE de bhun Comhchreatlach Rialála ina bhfuil cúig phríomhthreoir:

- An Chreat-Threoir[23]
- An Treoir Údaraithe[24]
- An Treoir Rochtana[25]
- An Treoir Seirbhíse Uilíche[26]
- An Treoir um Phríobháideachas[27]

3.15 Cuireadh na treoracha seo i bhfeidhm in Éirinn trí shraith rialachán intíre a dhéanamh in 2003 agus a leasú in 2011, tar éis don AE glacadh le dhá threoir leasaithe (an Treoir um Rialáil Níos Fearr[28] agus an Treoir um Chearta Saoránach[29]).

3.16 Leagann Acht 2002 agus na Creat-Rialacháin roinnt cuspóirí reachtúla amach do ComReg le leanstan, ina gcuimsítear:

- Suimeanna úsáideoirí deiridh seirbhísí cumarsáide a chur chun cinn
- Infheistíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn
- Iomaíocht a chur chun cinn
- Bainistiú éifeachtúil agus úsáid an speictrim raidió a chinntiú.

3.17 Nuair a fheidhmímid ár gcumhachtaí reachtúla, déanaimid cinntí indibhidiúla bunaithe ar an bhfianaise, déanaimid gníomhaíocht ar dhóigh mar is cuí de réir ár gcuspóirí reachtúla. Tagann ár ráitis de rúin straitéiseacha agus ár spriocanna straitéiseacha le chéile lenár gcuspóirí reachtúla agus úsáidtear iad le cabhrú linn ár tosaíochtaí a dhéanamh.

---

22 Rialacháin 2011 na gComhphobal Eorpach (Líonraí agus Seirbhísí Cumarsáide Leictreonaí) (Príobháideachas agus Cumarsáid Leictreonach), I.R. Uimh. 336 de 2011

23 Treoir 2002/21/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar chomhchreatlach rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (An Chreat-Treoir).

24 Treoir 2002/20/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar údarú na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (An Treoir Údaraithe).

25 Treoir 2002/19/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar rochtain ar, agus idircheangal le, líonraí agus áiseanna bainteacha cumarsáide leictreonaí (An Treoir Rochtana").

26 Treoir 2002/22/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 7 Márta 2002 ar sheirbhísí uilíocha agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí (an Treoir Seirbhíse Uilíche).

27 Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir faoi Phríobháideachas).

28 Treoir 2009/140/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2009 ag leasú Treoracha 2002/21/EC ar chomhchreatlach rialála um líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí, 2002/19/EC ar rochtain ar, agus idircheangal le, líonraí agus áiseanna bainteacha cumarsáide leictreonaí, agus 2002/20/EC ar údarú na líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí.

29 Treoir 2009/136/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 25 Samhain 2009 ag leasú Treoir 2002/22/EC ar sheirbhísí uilíocha agus ar chearta úsáideoirí maidir le líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí. Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 12 Iúil 2002 maidir le próiseáil sonraí pearsanta agus le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí agus Rialachán (AE) Uimh. 2006/2004 ar chomhoibriú idir na húdaráis náisiúnta atá freagrch as forfheidhmiú na ndlíthe um chosaint tomhaltóirí.

## AN T-ATHRÚ ATÁ AR AN GCREATLACH RIALÁLA

3.18 D'athraigh Coimisiún an AE an Chomhchreatlach Rialála iomlán um rialáil na earnála cumarsáide leictreonaí. Rinneadh é seo nuair a glacadh le treoir nua a thiocfaidh i bhfeidhm in áit na sraithe reatha de threoracha ina bhfuil Comhchreatlach Rialála an AE um chumarsáid leictreonach.

## AN CÓD EORPACH UM CHUMARSÁID LEICTREONACH

3.19 Ar 17 Nollaig 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa le treoir nua in áit Treoir (AE) 2018/1972, Comhchreatlach Rialála 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 11 Nollaig 2018, ag bunú "Téacs an Chóid Eorpaigh um Chumarsáid Leictreonach (Athraithe) le hábharthacht an EEA", a dtugtar "an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach", "an EECC" nó go simplí "an Cód" air sa ghnáthchaint. Cé gur tháinig an Treoir seo i bhfeidhm ar 20 Nollaig 2018, beidh go dtí 21 Nollaig 2020 ag Ballstáit glacadh leis na dlíthe, na rialacháin agus/nó na forálacha riaracháin, agus iad a fhoilsiú fosta, a bheidh riachtanach le cloí leis an gCód agus lena fheidhmiú. Tiocfaidh na bearta nua sin i bhfeidhm ó 21 Nollaig 2020.

3.20 Tá an EECC ann in áit na Comhchreatlaí Rialála, ar glacadh léi in 2002 agus a leasaíodh in 2009 faoinar rialaigh ComReg (agus na NRAnna eile) ar chumarsáid leictreonach ó 2002.

3.21 Le teacht an Chóid nua um Chumarsáid Leictreonach, is dócha go mbeidh roinnt feidhmeanna agus cuspóirí nua ag ComReg, comh maith leis na cinn sin san iarChomhchreatlach Rialála, ina measc, mar shampla, maidir le nascacht.

3.22 Is é an príomhtogra reachtúil is déanaí an EECC a dhéileálann leis an mbonneagar nua a bheidh ag teastáil don gheilleagar digiteach. Pléitear athruithe reachtúla eile go hachomhair thíos. Tá an EECC mar chuid de bheart nascachta níos forleithne a bhí molta ag Coimisiún na hEorpa i Meán Fómhair 2016. Is é a aidhm ná rannpháirtíocht iomlán saoránaigh agus gnóthaí an AE sa gheilleagar digiteach a chumasú.

3.23 Cruthaíodh an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach le creatlach reachtúil nua a sholáthar do mhargaí ECS san Eoraip a ligfeadh do chomhoiriúnú níos dlúithe idir na margaí éagsúla ar fud an Aontais Eorpaigh, agus a d'éascódh an t-athrú go Margadh Singil Digiteach. Cuireann an EECC béim ar leith ar na rudaí seo a leanas:

- Cur chuige seasta maidir le bainistiú speictrim bheith ann;
- Infheistíocht i líonraí leathanbhanda ardluais a dhreasú;
- Cearta úsáideoirí deiridh a nuashonrú i dtaca le OTTanna agus le bearta chun níos mó cothrom na Féinne a chruthú agus a chur ar fáil;
- Na rialacha faoi rochtain shiméadrach ar an mbonneagar a bhunú;
- Nósanna imeachta athraithe d'anailís ar na margaí agus do phiarathbhreithniú ar leigheasanna a chur i bhfeidhm;
- Comhspriocanna agus comhbhandaí speictrim 5G a shocrú;
- An cur chuige i dtaca le rochtain uilíoch ar leathanbhanda a shainmhíniú; agus
- Tabhairt faoi roinnt ceisteanna rialachais a bhaineann le neamhspleáchas na NRAnna agus le feidhmiú BEREC[30].

3.24 Déantar níos mó plé ar bhearta ar leith san EECC i mBosca Mínithe 3 thíos.

3.25 Mar go bhfuil an Cód nua á thabhairt ar fud an AE trí threoir shingil nua, caithfear an treoir seo a aistriú go dlí náisiúnta gach Ballstát, agus is do gach Ballstát amháin é an próiseas aistrithe seo a dhéanamh. In Éirinn, ar an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil atá an phríomhfhreagracht an Cód nua a aistriú sa dlí Éireannach. Cuirfidh rith na reachtaíochta digití leis an Straitéis Dhigiteach Margaidh Shingil a chríochnú an cumas ar ComReg an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta a chur i bhfeidhm. Mar gheall ar aistriú tráthúil an chóid nua, beidh cinnteacht rialála ann do ghnóthaí agus do shaoránaigh ó chreatleach rialála láidir mar an dúshraith le muinín a chothú, infheistíocht a mhéadú agus bonneagar digiteach a rolladh amach agus deiseanna a chur ar fáil do shaoránaigh agus don tsochaí. Cuireann ComReg fáilte roimh an gcomhoibriú leis an DCCAE leis an gCód nua a chur i bhfeidhm agus roimh na caibidlí tar éis sin go dtí seo leis an gCód nua a chur sa dlí intíre in Éirinn, mar thacaíocht dár gcomhchuspóirí straitéiseacha. Chuirfeadh níos mó mionchomhoibrithe ar phlean togra na Roinne leis an aistriú éasca agus thráthúil a dhéanamh, ar chumas ComReg an Cód a chur i bhfeidhm.

3.26 Fíorófar impleachtaí beartais an EECC a luaithe agus chuirfidh DCCAE i ndlí náisiúnta na hÉireann é. Athróidh na héifeachtaí a bheidh aige le himeacht ama, beidh roinnt éifeachtaí níos láithrí ná cinn eile, ach athróidh sé do gach dream sa mhargadh[31].

30 Seasann BEREC don Chomhlacht Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach. Tá níos mó faisnéise ar BEREC ar fáil ar a shuíomh gréasáin: https://berec.europa.eu/

31 D'fhoilsigh an tAE roinnt doiciméad cabhrach a rinne athbhreithniú ar an gcreatlach rialála um chumarsáid leictreonach agus tá sé ar fáil anseo: https://ec.europa.eu/digital-single-market/en/news/review-electronic-communications-regulatory-framework-executive-summaries

3.27 Faoi 21 Nollaig 2025 agus gach cúig bliana tar éis sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar obair an EECC agus tabharfaidh sé tuairisc uirthi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Déanfaidh na hathbhreithnthe sin measúnú ach go háirithe ar na himpleachtaí don mhargadh agus ar cé acu is leor nó nach leor atá na cumhachtaí ex-ante agus idirghabhála de bhun an EECC leis na húdaráis rialála náisiúnta a chumasú le tabhairt faoi struchtúir olagaplacha neamhiomaíocha, agus le cinntiú go leanfaidh an rath ar an iomaíocht sna margaí cumarsáide leictreonaí ar aghaidh ar mhaithe le húsáideoirí deiridh. Ina theannta sin, faoi 21 Nollaig 2025, agus gach cúig bliana tar éis sin, déanfaidh am Coimisiún athbhreithniú ar scóip na seirbhíse uilíche, go háirithe de gheall ar mholadh a dhéanamh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle go n-athrófaí nó go sainmhíneofaí an scóip. Lena chois sin, faoi 21 Nollaig 2021, agus gach trí bliana tar éis sin, foilseoidh BEREC a bharúil ar chur i bhfeidhm agus ar fheidhmiú an Údaráis Ghinearálta, agus ar an tionchar atá acu ar an margadh inmheánach.

3.28 Le cinntiú go ndéanfaidh an EECC eolas do ghníomhaíochtaí éagsúla ComReg agus nach mbeidh drochthionchar aige orthu, a mhéad agus is féidir, cuireann ár straitéis, ár bhfís, ár gclár agus ár gníomhaíochtaí leagtha amach sa Ráiteas Straitéise forálacha éagsúla an EECC san áireamh. Tá a fhios ag ComReg ar phríomhghnéithe den EECC agus ar an dóigh a bhfuil tionchar acu ar na sruthanna oibre leanúnacha. Le fírinne, nuair a chlúdaíonn mír i gclár oibre ComReg (amhail cinneadh rialála) an tréimhse tar éis (is é sin, aisghairm na seanchreatlaí agus aistriú an EECC i ndlíthe na hÉireann) sa mhéid go bhfuil sé cuí go gcuirfimid san áireamh na haidhmeanna agus na riachtanais leagtha amach sa EECC, agus gníomhaíocht ar bith á déanamh againn.

3.29 Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise seo, a chlúdaíonn 2019 go 2021, an tréimhse ina gcaithfear aistriú an EECC a chríochnú. Is deis é seo do ComReg machnamh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh an chreatlach rialála nua seo tionchar bheith aici ar an earnáil a ndéanaimid rialáil uirthi dá réir, agus is dúshlán do ComReg agus don earnáil í thar an dhá bhliain atá le teacht go dtí an t-aistriú, a ndéantar níos mó plé air i gCaibidil 3.

## BOSCA MÍNITHE 3:
### PRÍOMHGHNÉITHE DEN EECC NUA

Tháinig an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (EECC) i bhfeidhm ar 20 Nollaig 2018, agus dhá bhliain ag Ballstáit an EECC a aistriú isteach ina ndlíthe naisiúnta féin, is é sin, faoi 21 Nollaig 2020 ar a dhéanaí.

Tugann an tábla seo a leanas achoimre ar na príomhghnéithe den EECC.

**Cuspóir Ginearálta Nua**

Tá ceithre chuspóir luaite ag an EECC – iomaíocht a chothú; cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; cur chun cinn suimeanna shaoránaigh an AE, agus cur chun cinn na rochtana forleithne ar agus an glacadh le; líonraí ardacmhainne (idir sheasta agus gan sreang), do na húsáideoirí deiridh go léir bunaithe ar phraghsanna agus ar roghanna réasúnta. Is cuspóir nua san EECC an cuspóir deiridh a bhaineann le nascacht úsáideoirí deiridh.

**Rialáil rochtana**

- Rialáil shiméadrach: D'fhéadfadh na NRAnna oibleagáidí siméadracha a bhrú, de réir iarratais réasúnta maidir le sreangú, cáblaí agus áiseanna bainteacha, taobh istigh den fhoirgneamh nó suas go dtí an chéad phointe comhchruinnithe nó dáileacháin taobh amuigh den fhoirgneamh, nuair atá macasamhlú eilimintí líonra "tíosach agus neamhéifeachtúil" nó "neamhphraiticiúil go fisiceach".

- Comhinfheistíocht: Ligeann an EECC d'fhaoiseamh rialála d'oibreoirí SMP a thugann coimitmintí go soláthróidh siad líonraí an-ardacmhainne trí chomhinfheistíocht.  Tabharfaidh BEREC treoirlínte do na NRAnna ar fheidhmiú seasmhach na gcritéar le measúnú a dhéanamh ar na coimitmintí comhinfheistíochta.

- Líonraí mórdhíola amháin: ba chóir go gcaithfeadh NRAnna níos fabhraí le hoibreoirí SMP ábhartha ó thaobh rialála de nuair ba sholáthraí mórdhíola amháin an t-oibreoir (is é sin, ní fheidhmíonn sé sa mhargadh miondíola).

**Anailís ar an Margadh**

- Ba chóir go ndéanfaí athbhreithnithe ar anailísí margaidh gach 5 bliana.

- Rátai Deiridh: socróidh Cinneadh ón gCoimisiún seachas NRA amháin an mhodheolaíocht do na rátaí le deireadh a chur le glaonna gutha. Beidh na rátaí AE bunaithe ar mheán ualaithe na gcostas éifeachtúla i líonraí seasta agus móibíleacha.

**Na forálacha um chosaint tomhaltóirí:**

- Cinntiú go mbeidh rochtain ag gach saoránach ar sheirbhísí cumarsáide inacmhainne;

- Cinntiú nach gcosnóidh glaonna idirnáisiúnta déanta laistigh den AE níos mó ná 19 cent an nóiméad;

- Comhrochtain ar chumarsáid a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh le míchumais;

- Táillí níos soiléire agus comparáid níos fearr idir tairiscintí conartha a chur chun cinn;

- Slándáil níos fearr in aghaidh haiceála, bogearraí mailíseacha, srl. a chinntiú;
- Cosaint níos fearr do thomhaltóirí a íocann as pacáistí seirbhíse beartaithe a úsáid;
- É a dhéanamh níos éasca an soláthraí seirbhíse a athrú agus an uimhir fóin chéanna a choinneáil, ina measc, na rialacha le haghaidh cúitimh má théann an próiseas amú nó má ghlacann sé barraíocht ama;
- An chosaint ar shaoránaigh i staideanna éigeandála a mhéadú, ina measc, níos mó faisnéise cruinne a fháil ar shuíomh an ghlaoiteora i staideanna éigeandála, an chumarsáid éigeandála a leathnú go teachtaireacht téacs agus glaonna físeáin, agus córas a bhunú le fógraí rabhaidh poiblí a sheoladh chuig fóin mhóibíleacha.

**Speictream**

- Fad ceadúnais: San EECC tá mionfhaid cheadúnais do bhandaí a chomhoiriúnú, le hoibleagáidí le húsáid an speictrim a cheadúnú ar feadh 15 bliana ar a laghad, nó suas go 20 bliain.
- Piarathbhreithniú: eagróidh an RSPG agus beidh se I gceannas ar phróiseas piarathbhreithnithe deonach ar bith d'oibreacha speictrim náisiúnta ar a bhféadfadh NRAnna iarraidh.

3.30 Tá ceithre chuspóir luaite ag an EECC – iomaíocht a chothú; cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh; cur chun cinn suimeanna shaoránaigh an AE, agus cur chun cinn na rochtana forleithne ar agus an glacadh le, líonraí ardacmhainne (idir sheasta agus gan sreang), do na húsáideoirí deiridh go léir bunaithe ar phraghsanna agus ar roghanna réasúnta. Is cuspóir nua san EECC an ceathrú cuspóir a bhaineann le nascacht úsáideoirí deiridh[32].

3.31 Dá réir, agus do ComReg agus d'Éirinn i gcoitinne, ciallaíonn sé seo tacaíocht a thabhairt do rolladh amach na líonraí is airde ó thaobh acmhainne de atá go geilleagrach inmharthana i gceantar ar leith, agus ag an am céanna, ag iarraidh teacht le chéile a bhaint amach in acmhainneacht na líonraí ar fáil i gceantracha éagsúla. Tagann an cuspóir nua seo go forleathan lenár bhfís féin don mhargadh teileachumarsáide, mar atá leagtha amach i gCaibidil 1, *go bhfuil rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ag tomhaltóirí agus gnóthaí in Éirinn ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide a thacaíonn lena riachtanais shóisialta agus gheilleagracha.*

3.32 I mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg torthaí na dtrí staidéar nascachta a mheas an dóigh is fearr le riaradh do riachtanais nascachta tomhaltóirí [33], Rinneadh meastachán ar chostálacha líonraí nascachta móibílí don todhchaí [34] agus ar na himpleachtaí do bhronntaí speictrim agus d'oibleagáidí clúdaigh[35]. Ábhair shuntasacha ar leith ó na staidéir seo ba ea:

[32] Cuspóirí atá ann go fóill is ea na chéad trí chuspóir, iomaíocht a chur chun cinn, cur le forbairt an mhargaidh inmheánaigh agus suimeanna shaoránaigh an AE a chur chun cinn, faoi Chomhchreatlach Rialála an AE atá ann i láthair na huaire.

- Tuigtear nascacht (idir sheasta agus gan sreang) mar chumas úsáideoirí agus a ngléasanna nasc agus cumarsáid a dheánamh lena chéile agus lena líonraí. Tá leaganacha éagsúla di seo ann. Tá méadú ar an gcuid mhór líonraí éagsúla (idir sheasta agus gan sreang) agus gléasanna atá á n-úsáid le cumarsáid a dhéanamh agus ábhar agus fheidhmchláir a ídiú, gan stró.
- D'fhéadfaí idirghabhálacha beartais nó rialála a úsáid le cinntiú go mbeadh torthaí clúdaigh níos forleithne ná mar a bhainfí amach ó iomaíocht sa mhargadh amháin. Bheadh dearadh cúramach ag teastáil uathu, agus iad bunaithe ar mheasúnú ar chostais agus ar thairbhí an chlúdaigh bhreise a bheadh á iarraidh don tsochaí.

3.33 Déanann ComReg níos mó machnaimh ar impleachtaí chuspóir na nascachta seo i gCaibidil 7 den Ráiteas Straiéise seo.

## NA HATHRUITHE EILE AR AN REACHTAÍOCHT

3.34 Mar aon leis na hathruithe ar tugadh achoimre orthu thuas i dtaca leis an gcreatlach rialála, bhí lear mór reachtaíochta nua AE maidir le cosaint sonraí, costais leathanbhanda, fánaíocht, neodracht idirlín (a ndéantar tagairt di go minic mar rochtain idirlín oscailte), cibearshlándáil, cáin ar ardáin ar líne, r-thrádáil, "sonraí móra", coinneáil sonraí, forfheidhmiú an dlí iomaíochta Eorpaigh, cóipcheart sa DSM, rialáil na n-ardán ar líne agus in am trátha, r-phríobháideacht agus araile.

3.35 Aithníonn ComReg go bhféadfadh níos mó athruithe ar ár ról, ár bhfeidhmeanna agus ár gcumhachtaí reachtúla tarlú de réir mar a athróidh an tírdhreach polaitiúil, geilleagrach, sóisialta agus timpeallachta in Éirinn agus san AE. Nuair is cuí é, tabharfaidh muid sainfhaisnéis agus comhairle theicniúil don Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil ar leibhéal náisiúnta agus/nó do BEREC ar leibhéal an AE ar athrú molta ar bith ar ár ról, ár bhfeidhmeanna nó ár gcumhachtaí.

---

33 Doiciméad 18/103a and b, "Meeting Consumers' Connectivity Needs" – tuarascáil (Doiciméad 18/103b) agus grafaic faisnéise in éineacht leis (Doiciméad 18/103a) ó Frontier Economics Ltd. a thugann léargas ar na dúshláin atá ann le nascacht a sholáthar do thomhaltóirí in Éirinn agus a thugann achoimre ar na gníomhaíochtaí a d'fheadfadh na páirtithe leasmhara go léir, ina measc, tomhaltóirí, earnáil na tionsclaíochta, an rialtas agus ComReg a dhéanamh le leibhéil na nascachta a optamú, i bhfianaise na ndúshlán seo.

34 Doiciméad 18/103c - "Future Mobile Connectivity in Ireland" - tuarascáil (Doiciméad 18/103c) ó Oxera Consulting LLP , le Real Wireless Ltd., a dhéanann machnamh ar sherbhísí na nascachta móibílí a d'fhéadfadh teacht chun cinn in Éirinn sa todhchaí, agus ar na costais mheasta atá ann le nascacht a sholáthar dá leithéid sin de sheirbhísí ar leibhéil arda de chlúdach in Éirinn.

35 Doiciméad 18/103d: "Coverage obligations and spectrum awards" – tuarascáil (Doiciméad 18/103d) ó DotEcon Ltd. a dhéanann machnamh ar roghannna maidir leis na dóigheanna a bhféadfaí clúdach cuí agus oibleagáidí rolladh amach a chur i mbronntaí speictrim amach anseo.

# 04

# TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN

## TREOCHTAÍ AGUS DÚSHLÁIN

4.1 Inár Straitéis ECS Chúig Bliana, d'aithníomar cúig phríomhthreocht agus phríomhdhúshlán a bhféadfadh tionchar bheith acu ar an earnáil agus dúshláin a thabhairt thar an tréimhse go 2021:

- **Eispéiris neamhchomhionann úsáideoirí deiridh:** Níor fhorbair inrochtaineacht agus nascacht mar an gcéanna, agus níor choinnigh eispéiris úsáideoirí deiridh cab ar chab le hathruithe i ndóchais i gcónaí.

- **Sraith infhairsingithe de mhargaí bainteacha ábhartha do rialáil na cumarsáide leictreonaí:** Tá tuiscint ar an éiceachóras cumarsáide leictreonaí coimpléascach ag teastáil i dtaca de rialáil éifeachtach, go háirithe nuair is cumasóir na nuálaíochta i margaí bainteacha cumarsáid leictreonach.

- **Forbairt leanúnach líonraí seasta agus móibíleacha:** Is dócha go mbeidh riachtanais éagsúla ag líonraí cumarsáide leictreonaí, amhail líonraí 5G, sa todhchaí.

- **Méadú ar "rudaí" nasctha:** Cé go ndíríonn an t-éiceachóras cumarsáide leictreonaí go príomha ar an dóigh a nascann daoine, táthar ag súil go mbainfidh an chéad nuálaíocht eile le "rudaí" nasctha.
- **Athrú ar an gcreatlach rialála:** Mar chuid de straitéis dhigiteach níos forleithne, rinneadh leasú ar an gcreatlach rialála um chumarsáid leictreonach a tugadh isteach in 2002 (a bhí nuashonraithe in 2009), agus tugadh an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach isteach ina háit in 2018.

4.2 Rinne ComReg machnamh ar an réimse fachtóirí timpeallachta seachtracha[36] a bhféadfadh tionchar bheith acu ar an earnáil, ar a thomhaltóirí agus ar ról an rialálaí é fein, agus é ag teacht ar na treochtaí agus na dúshláin seo. Sa Ráiteas Straitéise seo déanaimid athbhreithniú ar gach ceann de na treochtaí agus na dúshláin seo agus déanaimid machnamh ar an dóigh a bhféadfaidís tionchar bheith acu ar an earnáil thar an tréimhse go 2021.

## EISPÉIREAS ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH

4.3 Inár nDearcadh Straitéiseach Chúig Bliana, d'aithníomar eispéireas úsáideora méadaitheach na dtomhaltóirí Éireannacha mar eochairthreocht thar na cúig bliana ó 2017 go 2021. Mar chuid den treocht seo, nótálamar an móréileamh atá ag fás ar ghléasanna boise agus móibíleacha, ar an dóigh a bhfuil tionchar ag an méadú ar éagsúlacht na líonraí atá ar fáil ar iompair thraidisiúnta tomhaltóirí agus gnóthaí, agus ar an nglacadh leanúnach le teicneolaíochtaí nua.

4.4 Chonaiceamar na forbairtí seo ag dul chun cinn níos láidre sa treo chéanna sa réimhse ó rinneamar an Dearcadh Straitéiseach Chúig Bliana agus táimid ag súil lena bhfás sna blianta atá le teacht.


[36] Shocraigh ComReg an réimse treochtaí agus dúshlán a raibh machnamh le déanamh orthu, ag úsáid anailís PESTLE.

## AN TÓIR ATÁ AR GHLÉASANNA BOISE AGUS MÓIBÍLEACHA

4.5 Le 10 mbliana anuas, chumasaigh an glacadh le teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí daoine nascadh ar bhealaí nach ndearna siad riamh roimhe. Níl rud ar bith inár saol nach sáraíonn na nuálaíochtaí i nascacht dhigiteach.[37] Tá an tóir ar ghléasanna boise agus móibíleacha ag dul i méid go fóill, agus tomhaltóirí ag athrú ó na gnáthleaganacha de rochtain idirlín (féach ar Fhíor 2 do mhionbhreacadh síos de na gléasanna a úsáideadh i dtithe Éireannacha idir 2013 agus 2017). Táimid ag súil go leanfaidh an treocht seo thar an tréimhse atá le teacht, le níos mó fáis in úsáid na bhfón cliste, na dtaibléad agus na ngléasanna InE sa teach (m.sh. teilifíseán cliste).

**Fíor 2: Baile (%) le gléasanna ceangailte le Leathanbhanda Seasta[38]**






[37] Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach.
[38] Suirbhé Ireland Communicates ComReg, 2017, Suirbhéanna ICT Tomhaltóirí ComReg 2013 agus 2015.

## AG GLACADH GO LEANÚNACH LE TEICNEOLAÍOCHTAÍ NUA

4.6 Tá tomhaltóirí Éireannacha ag glacadh le teicneolaíochtaí nua ina dtithe agus táthar ag súil go n-úsáidfidh siad níos mó teicneolaíochta san todhchaí. Léiríonn Fíor 3 ó Shuirbhé Ireland Communicates ComReg 2017 úsáid reatha na dteicneolaíochtaí éagsúla agus an úsáid tuartha don bhliain 2022. Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé seo, tá tomhaltóirí Éireannacha ag súil go méadóidh úinéireacht agus úsáid na dteicneolaíochtaí móibíleacha (m.sh. ríomhairí taibléid) agus gléasanna InE pearsanta agus baile (m.sh. callairí cliste).

4.7 Aithníonn ComReg nach bhféadfaí cuid mhór de na teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn a fháil agus a ghlacadh ag an am céanna – is dócha go mbeidh na tomhaltóirí níos óige a bhfuil cónaí orthu i gceantracha uirbeacha, mar a bhfuil ioncaim indiúscartha níos airde agus na líonraí rochtana níos gaiste ar fáil, á bhfáil agus á nglacadh leo ar dtús.

4.8 Tugann úinéireacht tuartha na dteicneolaíochtaí nua le fios go mbeidh leibhéal níos airde rochtana ag teastáil ó thomhaltóirí Éireannacha ar líonraí seasta agus móibíleacha sa todhchaí, mar athróidh a bpatrún ídithe.

**Fíor 3: Úsáid na teicneolaíochta Reatha agus Tuartha sa Todhchaí [39]**

| | Úsáid (in 2017) % | Úsáid Tuartha sa Todhchaí (in 2022) % |
|---|---|---|
| Carr Peitril/ Díosail | 84 | 72 |
| Taibléad/ iPad | 65 | 74 |
| Teilifíseán Cliste | 29 | 56 |
| Bosca Sruthú Teilifíse | 13 | 34 |
| Uaireadóir Cliste/ Rianaire Corpacmhainne Inchaite | 9 | 25 |
| Apple/ Android Pay | 7 | 26 |
| Teirmeastat Baile Cliste | 4 | 32 |
| Carr Hibrideach | 4 | 26 |
| Gléasanna Baile Cliste Eile | 3 | 25 |
| Carr Iomlán Leictreach | 1 | 14 |
| Carr Uathrialaitheach/ Féintiomána | N/A | 4 |

39 Suirbhé Ireland Communicates ComReg, 2017


## AN T-ATHRÚ ATÁ AR IOMPAR TRAIDISIÚNTA TOMHALTÓIRÍ AGUS GNÓTHAÍ

4.9 Tá an fás ar ilghnéitheacht na líonraí sóisialta ar fáil ag imirt tionchair ar iompair thraidisiúnta tomhaltóirí agus gnóthaí.

- **Tomhaltóirí:** á roinnt ardán chomhroinnt grianghrafanna agus físeán agus líonraí gairmiúla agus sóisialta ag imirt tionchair ar an méid ama a théann daoine ar líne, ar an dóigh a n-úsáideann siad an t-idirlíon, a n-amharcann siad ar an teilifís, agus a gcuireann agus a bhfaigheann siad glaonna agus teachtaireachtaí fóin. Tá an treocht ag fás go fóill, mar tá cuntas Facebook ag 66% de dhaoine fásta Éireannacha atá 15 bliana d'aois no níos sine, tá cuntas Instagram ag 39% díobh, tá cuntas Twitter ag 33% díobh, agus tá cuntas LinkedIn ag 33% díobh[40].
- **Gnóthaí:** Tá cleachtais gnó agus iompair oibre ag athrú fosta de réir mar a chruthaíonn an dul chun cinn i seirbhísí cumarsáide leictreonaí deiseanna nua. Mar shampla, is é 51%, céatadán na ndaoine a bhí fostaithe in Éirinn agus a fuair gléas iniompartha óna bhfostóirí in 2017, go maith níos mó ná an meánmhéid san AE de 23.4%. Baineann 68% de na comhlachtaí in Éirinn úsáid as na meáin shóisialta, i gcomparáid le 47.5% san AE[41].

4.10 Claonadh bainteach eile is ea na cainéil thráchtála ar líne ag éirí níos coitianta mar ligeann siad do ghnóthaí a ndíolacháin a leathnú ar líne. Mar shampla, díolann 46% de chomhlachtaí móra earraí ar líne óna saothraíonn siad láimhdeachas de 42% ag teacht ó r-thráchtáil, agus díolann 30% de thionscadail bheaga go meána earraí ar líne óna saothraíonn siad láimhdeachas de 23%. Is féidir an méadú i ngníomhaíochtaí tráchtála thar am a fheiceáil i bhFíor 4 thíos.[42] Nótáil an Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana gur ordaigh 63% de dhaoine Éireannacha earraí nó seirbhísí ar líne in 2015. Mhéadaigh sé seo go 70% in 2018. Beidh méadú ar an treocht seo thar am, de réir mar a mhéadóidh an réimse suíomhanna r-tráchtála ar fáil do thomhaltóirí Éireannacha.

**Fíor 4: Treochtaí R-Thráchtála in Éirinn thar am**




[40] Ipsos MRBI, Rianaire Líonraithe Shóisialta, Meitheamh 2018

[41] Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach

[42] Coimisiún na hEorpa, Eochair-Tháscairí Scórchlár Chlár Oibre Digiteach


4.11 Sa Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana, d'aithníomar fosta an dóigh nár fhorbair na treochtaí seo bainteach le heispéireas úsáideoirí deiridh mar an gcéanna. Bhí fachtóirí déimeagrafacha amhail aois agus láthair thíreolaíoch ábhartha don ghlacadh le nuálaíochtaí mar gheall ar an dul chun cinn sna teicneolaíochtaí cumarsáide leictreonaí ar fud na tíre.

**FACHTÓIRÍ AOISE**

4.12 Léiríonn suirbhé ComReg ar Eispéireas Móibíleach Tomhaltóirí[43] agus suirbhé Ireland Communicates[44] gur mór gur dócha go nglacann daoine níos óige le ECS ná daoine níos sine. Is mór gur dócha go bhfuil seirbhís leathanbhanda sheasta acu ina mbaile féin, gur chuir siad nó go bhfuair siad glao físeáin nó go bhfuil cuntas Netflix acu (féach ar Fhíor 5 thíos do mhionbhreacadh síos in úinéireacht agus úsáid teicneolaíochtaí de réir aoise). Ina theannta sin, téann 96% díobh sin idir 16-24 bliain d'aois ar líne go seachtainiúil ar a laghad, i gcomparáid le 40% díobh sin atá thar 65 bliain d'aois.[45] Léiríonn na treochtaí seo seo gur dócha go dtiocfaidh méadú ar úinéireacht agus ar úsáid an leathanbhanda sa bhaile thar am.

4.13 Ar fud na n-aoisghrúpaí, tá an úinéireacht ar na fóin mhóibíleacha uilíoch a bheag nó a mhór, le daoine 65+ bliain d'aois níos moille ag glacadh leo (ag 88%). Ar an taobh eile den scéal, úsáideann siad sin thar 65 bliain d'aois seirbhísí fóin sa bhaile ach úsáideann níos lú na leathlíon de na daoine faoi 54 bliain d'aois na seirbhísí sin.

**Fíor 5: Úinéireacht ar na teicneolaíochtaí sa bhaile[46]**






[43] Doiciméad ComReg 17/100

[44] Doiciméad ComReg 18/23a

[45] Eurostat, An Geilleagar agus an tSochaí Dhigiteach, 2017

[46] Suirbhé Ireland Communicates 2017

## FACHTÓIRÍ TÍREOLAÍOCHA

4.14 Tugann tíreolaíocht agus dáileadh daonra na hÉireann dúshláin ar leith do rolladh amach idir líonraí seasta agus líonraí gan sreang. Tá dlús daonra na hÉireann go maith níos lú ná an meánlíon san AE agus tá an chuid is mó de an-lonnaithe timpeall ár gcathracha. Léiríonn Daonáireamh 2016[47]:

**37%**

Tá 37% den daonra ina gcónaí i gceantar faoin tuath;

**70%**

Tá 70% den daonra ina gcónaí in 3% den limistéar talaimh iomlán;

**3%**

Tá 3% den daonra ina gcónaí in 25% limistéar talaimh iomlán; agus

**76%**

Is foraoiseacha nó talamh feirme 76% den limistéar talaimh iomlán.

4.15 Le rolladh amach forleathan den chéad ghlúin eile de na líonraí a bhaint amach, beidh infheistíocht ó oibreoirí tráchtála agus ón Stát ag teastáil. Cé go mbaineann breis agus 1 milliún úsáideoir Éireannach[48] úsáid as seirbhísí leathanbhanda NGA-bhunaithe, ciallaíonn fírinní tráchtála rolladh amach líonraí nach bhféadfadh rolladh amach líonra NGA tarlú ar chor ar bith i gceantracha tíreolaíocha mar nach bhfuil mórán daoine ann.  Sa lá atá inniu, chuir 73% de theaghlaigh Éireannacha a bhfuil cónaí orthu i gceantracha uirbeacha in iúl go raibh rochtain acu ar sheirbhís leathanbhanda sheasta sa bhaile ach nach raibh seirbhís leathanbhanda sheasta ach ag 58% de theaghlaigh Éireannacha i gceantracha tuaithe.[49]

4.16 Maíonn trí cinn de na príomhlíonraí fóin mhóibíligh go bhfuil clúdach daonra acu atá níos mó ná 90% den daonra (atá difiriúil ó gclúdach tíreolaíoch) do sheirbhísí 2G, 3G agus 4G. Cé go bhfuil cuid mhór tomhaltóirí sásta lena nascacht, tá leibhéal míshásaimh ann i measc úsáideoirí deiridh maidir le caighdeán an chlúdaigh i gceantracha níos tuaithe.

4.17 In 2017, rinne ComReg taighde margaidh[50] e tábhacht, sástacht agus scála na ceisteanna a bhí ag tomhaltóirí Éireannacha a mheas nuair a bhain siad úsáid as fón móibíleach sa bhaile agus in áiteanna eile:

- Dhearbhaigh taighde ComReg go raibh níos mó úsáide á baint as na fóin mhóibíleacha le níos mó ná glaonna agus teachtaireachtaí a chur agus a fháil – is iad na gléasanna a roghnaímid níos mó le húsáid, sa bhaile fiú.

[47] Faisnéis ar Dhaonáireamh 2016 ar fáil ón Phríomh-Oifig Staidrimh, www.cso.ie

[48] R4 2018 QKDR ComReg  – Cuireann na figiúir na hArdáin chábla VDSL, FTTH agus DOCSIS san áireamh.

[49] Suirbhé ICT ComReg, 2017

[50] Suirbhé ar Eispéireas Móibíleach Tomhaltóirí, 2017

- Tá ceathrar as gach cúigear tomhaltóirí Éireannacha sásta lena seirbhís mhóibíleach reatha san áit a bhfuil siad ina gcónaí (is é sin, ina dtithe), agus sna ceantracha eile a dtugann siad cuairt orthu/chuig a dtaistealaíonn siad, ach thuairiscigh roinnt úsáideoirí seirbhísí móibíleacha go raibh fadhbanna feidhmíochta acu. De réir an tsuirbhé seo, cé gur féidir le tomhaltóirí fadhbanna ó thaobh nascachta bheith acu beag beann ar na háiteanna ina bhfuil siad, tarlaíonn fadhbanna feidhmíochta níos minice nuair atá siad istigh agus i gceantracha níos tuaithe sa tír. Tuairiscíodh fadhbanna feidhmíochta in áiteanna eile agus nuair a thaistealaíonn siad, cé go raibh sé sin ar ráta níos ísle.
- Is mór an tsúil atá againn le, agus an méid a bhraithimid ar an gclúdach fóin mhóibíligh.

4.18 In 2018, d'fhoilsigh ComReg réamhfhaisnéis tráchta móibílí suas go 2022[51]. Táthar ag tuar go mbeidh an ráchairt ar shonraí móibíleacha in Éirinn ag fás ar mheánráta de 32% an bhliain go dtí 2022, ach beidh an ráta fáis ag moilliú i rith tréimhse na réamfhaisnéise. Beidh méadú ar thrácht iomlán bhliantúil sonraí móibíleacha ó 273 milliún GB/an bhliain in 2017 go 1,059 milliún GB/an bhliain in 2022. Léiríonn torthaí ó Thuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg **('QKDR')** go raibh fás 43.5% ar an méid iomlán tráchta sonraí móibíleacha in Éirinn idir R4 2017 agus R4 2018.

4.19 Sa todhchaí, ní amháin go mbeidh clúdach níos fearr ar na líonraí móibíleacha ag teastáil, ach beidh an cumas ag tomhaltóirí agus ag seirbhísí le bheith ag fánaíocht go héasca idir na líonraí móibíleacha agus seasta, mar shampla, ag úsáid glaoch Wi-Fi agus glaoch dúchasach Wi-Fi[52] ar nasc leathanbhanda seasta, ag teastáil le riaradh do riachtanais tomhaltóirí Éireannacha ag fáil feidhmchlár lán de shonraí ó ghléasanna móibíleacha. Is eochairchumasóirí le riaradh don dúshlán seo, an Plean Náisiúnta um Leathanbhanda **('NBP')** agus an fháil ar níos mó speictrim tríd na bronntaí speictrim amach anseo.

4.20 I mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg na torthaí ar staidéar nascachta a rinne machnamh ar na dóigheanna is fearr le riaradh do riachtanais nascachta tomhaltóirí.[53], Mheas sé na costais ar na líonraí nascachta móibílí sa todhchaí, agus na himpleachtaí do bhronntaí speictrim agus d'oibleagáidí clúdaigh. Chuir na tuarascálacha seo béim ar na dúshláin, na réitigh agus na gníomhaíochtaí a bheith de dhíth leis an nascacht in Éirinn a fheabhsú. Déanann na tuarascálacha roinnt moltaí a bhaineann le clúdach agus le nascacht tuaithe:

- Is réitigh fheidhmiúla do nascacht taobh istigh glaoch Wi-Fi agus Wi-Fi dúchasach a úsáid ar nasc leathanbhanda seasta, agus athsheoltóirí fóin mhóibíligh

[51] Tuarascáil ó Frontier Economics do ComReg, dar dáta 27 Aibreán 2018. Tagairt 18/35.

[52] Is seirbhís d'fhóin chliste Android agus iOS glaoch Wi-Fi dúchasach a chuireann an cumas ar fáil le glaonna fóin a chur agus a fháil thar nasc idirlín le go leor luais ioslódála agus aga folaigh sa bhaile, an córas is éifeachtaí le fadhbanna comharthaíochta laistigh a fheabhsú. Bheadh tomhaltóirí a bhfuil nasc idirlín agus fón le cuidiú ghlaoch Wi-Fi acu ábalta glaoch Wi-Fi a úsáid. Is é an t-aon oibreoir Éireannach líonra mhóibíligh Eir a bhfuil glaoch Wi-Fi rollte amach aige go dtí seo. Tá ComReg ag moladh go gníomhach do na soláthraithe seirbhíse móibílí sin a dhéanamh fosta.

[53] Doiciméad ComReg 18/103a, b, c, d

díolmhaithe ó cheadúnais a úsaid. Beidh an fháil ar leathanbhanda seasta criticiúil don sciar de agus don ghlacadh le seirbhísí glaoite Wi-Fi agus Wi-Fi dúchasach.

- Is léir go bhfuil sé ina fhéidearthacht don mhargadh é féin an clúdach leathanbhanda mhóibíligh 30 Mbit/s a mhéadú ó na leibhéil atá ann faoi láthair go dtí 90% ar a laghad den daonra (mar a bhfuil cónaí ar dhaoine) sa tréimhse suas go 2025. Dá mbainfí leibhéal an chlúdaigh amach, chuirfeadh sé feabhsuithe tábhachtacha ar an gclúdach teagmhasach do ghnéithe eile de chlúdach (tíreolaíoch, mótarbhealach, príomhbhóithre).
- Ní bhainfeadh an margadh é féin na leibhéil an-arda de chlúdach leathanbhanda mhóibíligh 30 Mbit/s ó thaobh na tíreolaíochta de, mar bheadh ar na líonraí dhá nó ceithre oiread níos mó suíomhanna ceall bheith acu ná mar atá acu faoi láthair. Ghlacfadh sé seo lear mór blianta le baint amach agus ba dhócha go mbeadh an costas foriomlán do na páirtithe leasmhara iontach mór.

4.21 Déanfaidh ComReg machnamh ar na tuarascálacha seo, agus na moltaí bronnta do na bandaí speictrim éagsúla á leagan amach acu, leis an aidhm acu níos mó comhairliúcháin a fhoilsiú go luath in 2019.

## BOSCA MÍNITHE 4:
### AN TASCFHÓRSA MÓIBÍLEACH AGUS LEATHANBHANDA

Bhí an Clár um Rialtas 2016 tiomanta do Thascfhórsa Fóin agus Leathanbhanda Mhóibiligh a bhunú. Bunaíodh é i mi Iúil 2016. D'aithin tuarascáil an Tascfhórsa 40 gníomhaíocht a raibh cuspóir acu réitigh ar easnaimh i gclúdach leathanbhanda agus fóin mhóibíligh a aithint agus fiosrú a dhéanamh ar na dóigheanna a bhféadfaí seirbhísí níos fearr a sholáthar do thomhaltóirí roimh rolladh amach an NBP.

Freastalaíonn ComReg ar chruinnithe an Tascfhórsa agus thug sé faisnéis don Tascfhórsa ar roinnt sruthanna oibre atá ag dul ar aghaidh faoi láthair a bhaineann le hobair an Tascfhórsa, ina measc:

- Forbairt léarscáile ilchodaí den chlúdach náisiúnta.
- Feidhmíocht na ngléasanna láimhe ar an margadh faoi láthair a thástáil le níos mó faisnéise a chur ar thomhaltóirí faoin dóigh ar féidir le feidhmíocht ghléasanna láimhe éifeacht bheith aici ar a n-eispéireas.
- Réamhfhaisnéis chúig bliana de thrácht sonraí tomhaltóirí, idir sheasta agus mhóibíleach, a dhéanamh.
- Scéim a fhorbairt d'athsheoltóirí fóin mhóibíligh, a ligfidh d'úsáideoirí na comharthaí ar a n-áitreabh féin a neartú.

Tá roinnt Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn foilsithe ag Grúpa Feidhmithe an Tascfhórsa, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin DCCAE[54]. Bhí cuid de na sruthanna oibre thuas déanta ag ComReg in 2017 agus in 2018 agus d'fhoilsigh sé an léarscáil ilchodach den chlúdach náisiúnta in R1 2019 – www.comreg.ie/coveragemap.

[54] https://www.dccae.gov.ie/en-ie/communications/topics/Broadband/mobile-phone-and-broadband-taskforce/Pages/ProgressReports2018.aspx

## AN T-ÉICEACHÓRAS CUMARSÁIDE LEICTREONAÍ AGUS MARGAÍ BAINTEACHA EILE

### SEIRBHÍSÍ IOMARCACHA

4.22 Inár Straitéis ECS Chúig Bliana, nótálamar gur cuireadh seirbhisí ECS ar fáil agus gur díoladh iad taobh istigh d'éiceachóras. Tá méadú ar an méid seirbhísí cumarsáide éagsúla (seirbhísí teilifíse agus raidió, gutha, teileafónaíochta agus ar líne), atá ar fáil ar an aon ardán singil amháin anois, a bhíodh á soláthar ar ardáin éagsúla roimhe. Tá na comhlachtaí seo, ar ceapadh go traidisiúnta gur chomhlachtaí meán iad roimhe, in iomaíocht (nó ag comhtháthú) le hoibreoirí teileachumarsáide traidisiúnta anois. Lean na treochtaí seo ar dul sa treo chéanna.

4.23 Baineann margadh ábhartha atá ag éirí níos tábhachtaí le soláthraithe seirbhíse iomarcacha (m.sh. Netflix, Spotify, aipeanna teachtaireachta agus líonraí sóisialta). Thar an dá bhliain dhéanach anuas, chonaiceamar soláthraithe ECS ag comhoibriú leis an earnáil craoltóireachta, trí cainéil teilifíse a fháil agus trí sheirbhísí sruthaithe ábhar teilifíse OTT a chur ar fáil dá gcustaiméirí leathanbhanda agus teilifíse. Fuair digitiú agus soláthar seirbhísí ar an idirlíon réidh leis na teorainneacha tíreolaíochta a bhí ann roimhe do sheirbhísí teileafónaíochta, teilifíse agus meán. Mhéadaigh ioncam domhanda an tionscail OTT ó 6.1 billiún dolar na S.A. in 2010 go 46.5 billiún in 2017 agus táthar ag súil go mbainfidh sé 83.4 billiún amach in 2022[55].

4.24 Aithníonn ComReg go n-úsáideann a lán tomhaltóirí meascán de sheirbhísíECS-bhunaithe agus seirbhísí OTT ina ngnáthshaolta. Tá níos mó tomhaltóirí ag úsáid seirbhísí OTT soláthraithe ag an soláthraí céanna (m.sh. Alphabet, ar leosan Google, a sholáthraíonn roinnt seirbhísí meán sóisialta, roinnt griangrafanna, cuardaigh, ríomhphoist agus físeáin, mar aon le córas oibriúcháin fóin mhóibíligh). Má bhaintear úsáid as ardán singil dá leithéid sin de sheirbhísí (nó éiceachóras) tá roinnt tairbhí féideartha ann do thomhaltóirí (m.sh. gnáthlogáil isteach agus pasfhocail, ghnáthchomhéadain úsáideora, srl.). Mar go bhfuil tomhaltóirí ag brath níos mó ar a leithéid sin d'éiceachórais, tharla roinnt fadhbanna maidir le príobháideacht úsáideoirí agus méid na faisnéise atá ag úinéirí na n-éiceachóras seo. Ina theannta sin, mar gheall ar bhrath úsáideoirí deiridh ar éiceachórais is féidir go mbeidh níos lú deise ann athrú go soláthraí serbhíse eile go gcuirfear bac ar iomaitheoirí OTT féideartha dul isteach sa mhargadh.

4.25 Tarraingíonn éifeacht na seirbhísí OTT ar na margaí cumarsáide leictreonaí traidisiúnta roinnt ceisteanna anuas a bhaineann le rialáil éifeachtach, go háirithe nuair a thrasnaíonn seirbhísí OTT agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí traidisiúnta amhail seirbhísí teachtaireachtaí nó gutha nó nuair a úsáidtear seirbhísí OTT ina n-áit. Léiríonn torthaí ó Shuirbhé Ireland Communicates Survey ComReg (2017) go bhfuair daichead faoi gcéad d'úsáideoirí fóin mhóibíligh

[55] Taighde ar Theilifís Dhigiteach, Eanáir 2018

[56] Suirbhé Ireland Communicates 2017

Éireannacha guthghao móibíleach OTT agus gurbh í seirbhís WhatsApp ó Facebook an feidhmchlár fóin chliste a raibh an tóir ba mhó uirthi[56]. Chuir 56% d'úsáideoirí fóin mhóibíligh Éireannacha a úsáideann seirbhísí guthghlaonna nó físghlaonna OTT-bhunaithe go gcuireann siad níos lú guthghlaonna traidisiúnta nó guthghlao ar bith anois ar a bhfón baile nó ar a líonra fóin mhóibíligh.

4.26 Ar an talamh, agus a bhaineann níos dírí le margaí ECS, tháinig fás an OTT chun cinn i níos mó tábhachta ar na mbeartsheirbhísí ina a mbíonn táirgí nó seirbhísí nach mbaineann le ECS go minic, mar shampla, ábhar meán. In R4 2018, bhain 51.8% de na síntiúis le beart seirbhísí agus bhain an 48.2% eile le síntiúis neamhspleácha[57].

4.27 Aithníonn an Cód nua na hathruithe seo agus tá sé mar aidhm aige an chreatlach reachtaíochta a fhorbairt dá réir agus go cuí le tabhairt faoin gcéad ghlúin eile de sheirbhísí. Cuimsíonn seirbhísí cumarsáide leictreonaí faoin EECC seirbhísí rochtana idirlín agus seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, mar aon leis na cinn a iompraíonn comharthaí. Foroinntear seirbhísí cumarsáide idirphearsanta a thuilleadh idir seirbhísí "uimhir-spleách" agus "uimhir-neamhspleách. Sa chéad cheann tá ghnáthsheirbhísí teileafónaíochta, ach sa dara ceann tá seirbhísí OTT amhail Skype, WhatsApp agus eile.

## MARGAÍ TÁIRGÍ COMHLÁNTACHA

4.28 Déanann táirgí nó seirbhísí comhlántacha sa chomhthéacs seo tagairt do mhargaí do tháirgí nó seirbhísí a úsáidtear taobh le seirbhísí cumarsáide leictreonaí agus ar féidir leo tionchar mórthábhachtach bheith acu ar eispéireas an tomhaltóra den tseirbhís cumarsáide leictreonaí, m.sh., trealamh úsáideoirí deiridh. Braitheann caighdeán na seirbhísí atá úsáideoirí deiridh fón móibíleach ag úsáid ar fhachtóirí éagsúla mar aon le neart faighte an chomhartha mhóibíligh seolta, amhail an aimsir, topagrafaíocht áitiúil, agus i gcás na húsaide taobh istigh, na hábhair tógála agus caighdeán an inslithe sa bhaile. Príomhfhachtóir eile is ea feidhmiú an ghléas láimhe áfach. Tá faisnéis fíormhaith ann go ndíolann a fheabhas agus a fhaigheann siad comharthaí móibíleacha seolta as an bhfeidhmiúlacht fhorleathan atá sna fóin chliste. Nuair a dhéantar idirghabhálacha beartais agus rialála cuí i gcomhthéacs díospóireachta faoin gclúdach móibíleach, tá sé tábhachtach go gcothaíonn ComReg tuiscint ar na margaí agus na teicneolaíochtaí bainteacha, amhail i gcás na ngléasanna láimhe, mar shampla. Maidir leis seo, d'fhoilsigh ComReg roinnt tuarascálacha ar na mallaibh a rinne comparáid idir feidhmiú seolta comharthaí ghléasanna láimhe éagsúla[58].

## MARGAÍ IONCHUIR

4.29 Is ionann na margaí ionchuir agus na margaí do threalamh líonra a bhfuil gné dhomhanda acu de ghnáth, ach is ceisteanna tábhachtacha an comhoiriúnú agus an caighdeánú. Tá ionchuir ann fosta a bhaineann le bonneagar na hinnealtóireachta sibhialta amhail cuaillí, duchtanna agus suíomhanna. Tar éis Rialacháin an

[57] ComReg QKDR R4 2018

[58] Doiciméid ComReg 18/05, 18/73, 18/78, 18/82

tAontais Eorpaigh 2016 (Íisliú ar an gCostas le Líonraí Cumarsáide Ardluais Poiblí a Sholáthar)[59] ("na Rialacháin um Chostais ar Leathanbhanda") a thabhairt isteach, a chuireann "Treoir na gCostas ar Leathanbhanda"[60] mar a thugtar uirthi, i bhfeidhm in Éirinn (féach ar Chaibidil 4), tá ról ag ComReg díospóidí a réiteach i dtaca le hiarratais rochtana ar bhonneagar na cumarsáide neamhleictreonaí. Go dtí seo, níor tarraingíodh díospóid ar bith anuas le ComReg maidir leis an Treoir um Chostais ar Leathanbhanda.

## AN GEILLEAGAR SONRAÍ AGUS AN GEILLEAGAR DIGITEACH

4.30 Cé nach bhfuil na sonraí féin nua, ba chúis na dóigheanna nua lena mbailiú agus lena n-úsáid (m.sh. InE) le méadú an-sciobtha sa méid sonraí atá ar fáil. Ba chúis le margaí nua a chruthú é seo, a ndéantar tagairt dó mar 'an geilleagar sonraí' in amanna, lena n-imreoirí agus a ndinimic féin.

4.31 Sa gheilleagar sonraí, úsáideann ardáin sonraí tomhaltóirí le deiseanna saothraithe ioncaim a chruthú (tríd na sonraí seo a dhíol le fógróirí agus tríú páirtithe). Mar shampla, inneall cuardaigh ag úsáid torthaí cuardaigh a úsáideoirí le sonraí faoina n-iompar ar líne a bhailiú, le léargais ar phearsantacht agus le roghanna na n-úsáideoirí a fháil. Féadtar an fhaisnéis seo úsáid ansin le tairiscintí tarraingteacha a chruthú d'fhógróirí a thabharfaidh deis dóibh díriú ar chustaiméirí ar leith a mbeidh iompair nó roghanna acu a bheidh fabhrach do na táirgí nó na seirbhísí a bheidh siad ag cur ar fáil. Sa dóigh seo, laghdófar na costais a bheidh ag comhlachtaí le custaiméirí a fháil.

4.32 In 2017, thug an Economist [61] fuel of the future' ar shonraí mar gheall ar a lárnaí agus a bheidh siad i dtaca le feidhmiú gnóthaí ó lá go lá mar aon le saolta dhaoine aonair. Ba é níos mó ná €285 billiún, atá thar 1.94% d'OTI an AE don bhliain sin, luach gheilleagar sonraí an AE in 2015, agus táthar ag súil leis go méadóidh sé seo go 739 billiún faoi 2020 (suas go 4% d'OTI an AE).

4.33 De réir mar a bheidh an geilleagar sonraí ag fás, beidh níos mó ráchairte ar acmhainn líonra leis an bhfaisnéis uilig seo a iompar. Spreagfaidh an geilleagar sonraí gléasanna nua a chruthú le níos mó sonraí a ghiniúint, a bhailiú agus a anailísiú, mar sin de, beidh níos mó ECS de dhíth. Ina theannta sin, tarraingíonn fás an gheilleagair sonraí anuas an fhéidearthacht go dteipfidh ar mhargaí nua, a bhféadfadh drochthionchar bheith acu ar thomhaltóirí agus ar an earnáil ECS i gcoitinne. Mar shampla, is féidir le héifeachtaí ag líonraí láidre nó ag cinntí daingne stuama le srian a chur ar chomh-inoibritheacht bheith mar an chúis le claochlú sna margaí, nuair a thagann comhlacht amháin chun cinn mar an t-imreoir a bhfuil an lámh in uachtar aige, a d'fhéadfadh bheith díobhálach do leas tomhaltóirí.

[59] I.R. Uimh. 391/2016.

[60] Treoir 2014/61/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ar 15 Bealtaine 2014 ar bhearta leis na costais ar líonraí cumarsáide leictreonaí ardluais a sholáthar a íisliú.

[61] https://www.economist.com/briefing/2017/05/06/data-is-giving-rise-to-a-new-economy


4.34 Is féidir an geilleagar sonraí a idirdhealú ón ngeilleagar digiteach, a éascaíonn idirbhearta trí mheáin dhigiteacha. Sa gheilleagar digiteach, ní mhalaítear sonraí mar an phríomhtháirge nó an phríomhsheirbhís, ach cumasaíonn nó feabhsaíonn TFC éifeachtúlacht an idirbhirt. Mar shampla, cuireann a lán miondíoltóirí táirgí ar fáil le díol ar líne (m.sh. siopadóireacht ollmhargaidh). Tugann sé seo deis do thomhaltóirí súil a chaitheamh ar na táirgí óna mbaile féin.

4.35 Is forbairtí suimiúla don earnáil ECS agus do ComReg le monatóireacht a dhéanamh orthu an dóigh a mbeidh éifeacht ag an ngeilleagar sonraí agus ag an ngeilleagar digiteach ar iomaíocht, na conspóidí reachtúla agus eiticiúla a d'fhéadfadh tarraingt anuas, agus réimse na réiteach rialála a d'fhéadfadh bheith ar fáil.

## FORBAIRT LEANÚNACH AN ÉICEACHÓRAIS

4.36 Aithníonn ComReg go bhfuil éiceachóras na margaí níos leithne a idirghníomhaíonn le seirbhísí ECS ag forbairt go han-ghasta. Ní rialaíonn ComReg gach ceann de na margaí seo, agus tá dlúthbhaint ag cuid de na margaí seo (m.sh. seirbhísí teilifíse OTT) le ról agus sainchúram chomhlachtaí poiblí eile[62]. Tarraingíonn an fhéidearthacht go dteipfidh ar na margaí san éiceachóras níos leithne anuas go bhféadfaidh go mbeidh bearna ann sa chreatlach rialála níos leithne. Leanfaidh ComReg ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar na forbairtí seo san éiceachóras níos leithne le cinntiú nach mbeidh drochéifeacht ag a léithéid seo de theipeanna sna margaí ar an earnáil ECS agus ar a tomhaltóirí. Nuair is gá é, beimid ar son cumhachtaí a fháil le cinntiú go bhfeidhmeoidh an earnáil ECS go héifeachtúil.

**Fíor 6: Líonraí Seasta: Síntiúsóirí NGA agus CGA[63]**




62 Mar shampla, Banc Ceannais na hÉireann, Údarás Craolacháin na hÉireann nó An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí.

63 Cuireann CGA CGA Bitstream, CGA SABB & seirbhísí coparbhunaithe LLU san áireamh. Cuireann NGA NGA Bitstream, VUA, agus seirbhísí Cáblabhunaithe agus FTTH-bhunaithe san áireamh. Foinse: Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg.

## FABHRÚ LÍONRAÍ

4.37 Sa Straitéis ECS Chúig Bliana, d'aithníomar an dóigh ar infheistigh oibreoirí líonra tráchtála sa chéad ghlúin eile de líonraí seasta agus móibíleacha le blianta déanacha anuas.


4.38 Maidir leis na líonraí seasta, tá uasghrádú Eircom ar a ghlúin reatha de mhalartáin, ó sheirbhísí coparbhunaithe go seirbhísí FTTC-bhunaithe a bheag nó a mhór críochnaithe mar aon le huasghrádú ar líonra FTTH atá ag dul chun cinn i réimsí ar leith.

4.39 Leanann SIRO (comhfhiontar idir ESB agus Vodafone) ar aghaidh líonra FTTH a rolladh amach i mbailte réigiúnacha agus tá Virgin Media ag forbairt a líonra CATV agus a achar líonra FTTH mar chuid de leathnú a líonra Project Lightning.

4.40 Léiríonn Fíor 6 go bhfuil líon na síntiúsóirí Éireannacha ar líonraí seasta NGA thar 1 milliún, ach go bhfuil an líon síntiúsóirí atá ag úsáid líonraí CGA ag ísliú go fóill. Thar an tréimhse atá le teacht, níos mó tomhaltóirí ag iarraidh líonraí an-ardacmhainneacha an toradh a bheidh ar ráchairt tomhaltóirí ar luais leathanbhanda níos gaiste agus ar an méadú sna sonraí a úsáidfear thar na líonraí.

4.41 Is é Plean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialais an phríomhidirghabháil a bhfuil aidhm aige an deighilt dhigiteach idir na ceantracha uirbeacha agus tuaithe a dhúnadh. Is é an cuspóir ná cinntiú go mbeidh rochtain ag gach áitreabh in Éirinn ar líonra ardchaighdeánach a mbeidh acmhainn aige luas de 30Mbs ar a laghad a sholáthar.

**Fíor 7: Síntiúis Mhóibíleacha an Líonra, 2014-2018[65]**




[64] Doiciméad ComReg 17/100a

[65] Tá síntiúís Inneall go hInneall agus síntiúis Leathanbhanda Mhóibílígh san áireamh. ComReg QKDR.

## 78% DE THRÁCHT IDIRLÍN NA HEORPA IARTHARAÍ DÉANTA TRÍ MHEÁN AN FHÍSEÁIN IN 2021

4.42 Leis an méadú i gclúdach líonraí NGA, beidh sé ina fhéidearthacht go bhfaighfear réidh le heilimintí de líonraí amhail na lúib áitiúla chopair agus na guthsheirbhísí POTS-bhunaithe thar an chúpla bliain atá le teacht agus dlús á chur leis an ascnamh go líonraí IP-uilig.

4.43 I dtaca le líonraí móibíleacha, tá Eir, Three agus Vodafone ag rolladh amach líonraí 4G fós. Léiríonn Fíor 2 thíos fabhtú na líonraí móibíleacha ó 2014. Thar an tréimhse seo bhí méadú seasta sa méid síntiús 4G, ach a mhalairt de scéal atá ann maidir le síntiúis 3G, san ísliú orthu a léiríonn an t-athrú nádúrtha ó 3G go 4G agus tomhaltóirí ag uasghrádú a ngléasanna láimhe. Léirigh suirbhé ComReg 2017 ar Eispéireas Tomhaltóirí Móibíleacha,[64] cé go raibh móramh na ndaoine a d'fhreagair an suirbhé sásta lena soláthraí fóin mhóibíligh, chuir cuid mhór freagróirí in iúl go raibh fadhbanna acu leis an gclúdach/an gcomharthaíocht. Ba dhócha go raibh níos mó fadhbanna seirbhíse ag na daoine sin a raibh cónaí orthu i gceantracha tuaithe.

4.44 Thar an tréimhse atá le teacht, is dócha go mbainfidh níos mó daoine agus gnóthaí ná riamh roimhe úsáid as a bhfóin mhóibíleacha le cumarsáid a dhéanamh, le híoc as seirbhísí agus le breathnú ar an teilifís. Nascfaimid níos mó gléasanna lena chéile agus le seirbhísí idirlíonbhunaithe, agus idirghníomhóimid leis an idirlíon ar bhealaí éagsúla. Níos mó ráchairte ar shonraí agus ar rochtain mhóibíleach (féach ar Fhíor 3 thuas do mhionbhreacadh síos d'úsáid na dteicneolaíochtaí éagsúla reatha agus don úsáid tuartha de na teicneolaíochtaí éagsúla sa todhchaí in 2022), is ea na torthaí a bheidh ar gach ceann de na húsáidí nua seo.

4.45 In 2018, choimisiúnaigh ComReg Frontier Economics leis an ráchairt dhóchúilar shonraí móibíleacha sa todhchaí a mheas. Thuar Frontier go mbeadh meánfhás de 32% sa ráchairt ar shonraí móibíleacha sna blianta 2017-2022.[66] Mar gheall go bhfuiltear ag tuar go mbeidh 78% de thrácht idirlín na hEorpa Iartharaí déanta trí mheán an fhíseáin in 2021, beidh líonraí ardtréchuir de dhíth.[67] Leis an dúshlán seo a thabhairt, is dócha go gcuirfear snáithín chun cinn níos mó don úsáideoir deiridh leis an acmhainn a bheidh ag teastáil ó na líonraí seasta agus gan sreang a sholáthar.[68]

4.46 Le teacht na líonraí gan sreang nua, a bhfuil nascacht mhóibíleach níos fearr agus aga folaigh íseal, cruthóidh siad samhlacha gnó agus úsáid-chásanna nua ina mbeidh infheistíochtaí i mbonneagar agus speictream nua de dhíth orthu.

[66] Frontier Economics, Aibreán 2018, Réamhfhaisnéis ar Thrácht na Sonraí Móibíleacha in Éirinn.


[67] Innéacs Amharclíonraithe Cisco, Meitheamh 2016 agus Uasdátú ar Réamhfhaisnéis na Tráchta Domhanda Sonraí Móibíleacha, 2016–2021 Páipéar Bán, Feabhra 2017.

[68] Ligfidh cábla snáthoptaice go stáisiún bunáite agus go cealla beaga d'oibreoirí gan sreang an acmhainn a sholáthar dá n-úsáideoirí.

4.47 Tá níos mó cinnteachta ann sa lá atá inniu faoin is ann do 5G agus faoi na bandaí speictrim a úsáidfear le seirbhísí 5G a sholáthar. Beidh na líonraí 5G ábalta feidhmíocht oibríochtúil níos fearr (m.sh. rátaí sonraí níos airde agus aga folaigh íseal), agus eispéireas níos fearr d'úsáideoirí (m.sh nascacht mhóibíleach níos fearr, InE agus seirbhísí nua do thomhaltóirí), a sholáthar. Féach ar Bhosca Mínithe 5 thíos d'achoimre ar acmhainní agus ar shamhlacha gnó.

## BOSCA MÍNITHE 5:
### ÁBALTACHTAÍ 5G AGUS SAMHLACHA GNÓ

Déanann 5G tagairt don chéad ghlúin eile de theicneolaíocht cumarsáide raidió gan sreang. Léiríonn an fíor thíos ónITU[69] na dóigheanna gur feabhas ar na líonraí 4G ar fáil sa lá atá inniu (a ndéantar tagairt dóibh mar IMT-2020),eochair-ábaltachtaí na líonraí 5G (a ndéantar tagairt dóibh mar IMT-2020 ardfhorbartha). Ligfidh siad do réimse forleathan ábaltachtaí i líonra, amhail luas an-ard, leibhéil an-íseal aga folaigh, tréchur sonraí ard agus an acmhainneacht theicniúil fhéideartha lena lán gléasanna a láimhseáil ag an aon am amháin. Cabhróidh na líonraí 5G InE a fhíorú, trí réimse ollmhór gléasanna cliste, innill; agus rudaí eile a nascadh gan idirghabháil ó dhaoine. Mar aon leis sin, cabhróidh na líonraí 5G le forbairtí amhail gluaisteáin fhéintiomána, tithe agus cathracha cliste a éascú.




[69] ITU-R M.2083-0

I measc cuid de na cásanna gnó féideartha do 5G[70] a d'fhéadfadh teacht chun cinn tá:

**Cásanna bainteach le seirbhísí**

- Seirbhísí atá roinnte ina gcodanna éagsúla: Ligfidh ábaltachtaí teicniúla 5G do shainoiriúnú seirbhísí a riarann do shainúsáidí de réir a riachtanas uathúil. Mar shampla, b'fhéidir gurbh fhearr le custaiméir aga folaigh íseal agus tréchur sonraí ard, ach gurbh fhearr le custaiméir eile nascacht mhór ilghléasanna; d'fhéadfaí 5G a úsaid le riaradh do cheachtar den dá iarratas. Leathnóidh an t-éagsúlú sna seirbhísí an dóigh a n-éileofar ar na seirbhísí seo agus a soláthrófar iad.
- Idirghabhálaithe: Mar gheall ar an deis le seirbhísí a shainiú, d'fhéadfadh idirghabhálaithe teacht chun cinn a oibríonn le líonraí a chur ar fáil a riarfadh d'éilimh ó shainúsáideoirí deiridh.
- Samhlacha Luchtaithe: Mar fhreagairt d'éagsúlú seirbhísí, beidh ar shamhlacha luchtaithe éirí níos coimpléascaí agus níos solúbtha mar beidh ar na praghsanna gnéithe na seirbhísí a chuirfear ar fáil a mheaitseáil. Beidh orthu nascacht ilghléasanna a chur san áireamh, mar d'fhéadfadh costas-éifeachtúlacht na samhlacha luchtaithe nascachta tionchar bheith acu ar an ráchairt ar chásanna úsáide 5G ar leith.

**Cásanna bainteach le líonraí**

- Níos mó dlúis: Le 5G a sholáthar, caithfear méid mór suíomhanna ceall beag a chur go dlúth lena chéile i ndlúthlíonra le luasanna agus acmhainn a chinntiú, i bhfianaise réimse beag na teicneolaíochta. Ciallaíonnn sé seo go gcaithfear a lán suíomhanna a chur ar fáil le cealla a shuiteáil, rud a d'fhéadfadh an lámh in uachtar féideartha a thabhairt d'úinéirí na suíomhanna ó thaobh cumhachta de. Ardaíonn sé seo ceisteanna faoin dóigh a gcuirfear rochtain ar fáil, má bhíonn oibreoirí san iomaíocht faoina coinne, má bhíonn iontrálaithe nua ann mar idirghabhálaithe, nó má chuirfear rochtain eisiach ar fáil d'oibreoirí aonair sa dóigh is gur féidir leo í a dháileadh.
- Coinbhéirseacht: D'fhéadfaí seirbhísí atá á soláthar faoi láthair thar bhonneagar líonra neamhspleách a chur ar fáil thar an mbonneagar líonra céanna mar líonraí tráchtála ag úsáid lionrú sainmhínithe ag bogearraí agus fiorúlú feidhmithe líonra le líonraí scartha a chruthú a roinneann bonneagar fisiceach amháin, le gach líonra déanta le riaradh dá sainriachtanas féin. D'fheadfaidís coinbhéirseacht PPDR (cosaint phoiblí agus seirbhísí athshlánaithe ó thubaiste), oibreoir líonra mhóibíligh, agus FWA (rochtain sheasta gan sreang) a sholáthar.
- Roinnt bonneagair: Do roinnt cásann úsáide, d'fhéadfadh sé bheith tarraingteach do sholáthraithe 5G bonneagar a roinnt le costais a ísliú agus dúbláil bonneagair a sheachaint. Ar an dóigh chéanna, féadtar tóir bheith ar chomhaontuithe ar chostais agus ar rioscaí a roinnt ar fud an tslabhra inghearaigh mar bhealach le tacaíocht a thabhairt do sholáthar líonraí agus seirbhísí.

Cibé cás gnó féideartha a fhíorófar, braithfidh sé sin ar an nglacadh le 5G agus lena soláthar forleathan.

4.48 Aithníonn ComReg nach bhféadfaí na líonraí a rolladh amach ar fud na tíre nó i measc na ngrúpaí úsáideoirí mar an gcéanna. Do lear mór tomhaltóirí, d'fhéadfadh seirbhísí níos fearr bunaithe ar 3G/4G, ar dtús, tarlú agus 5G ar fáil. Tarraingíonn níos mó solúbthachta ar na líonraí 5G nua an fhéidearthacht anuas go n-athróidh na bonneagair margaidh agus na slabhraí ingearacha go mór fosta. Tarraingíonn teacht chun cinn líonraí, slabhraí ingearacha agus teicneolaíochtaí nua an fhéidearthacht anuas go mbeidh cineálacha nua dochair ann do thomhaltóirí agus fadhbanna iomaíochta ann. Is ábhar é seo a leanfaimid ar aghaidh monatóireacht agus taighde a dhéanamh air thar tréimhse an Ráitis Straitéise seo.

[70] "Study on the Implications of 5G Deployment on Future Business Models", DotEcon Ltd and Axon Partners Group for BEREC, March, 2018

## NASCACHT AGUS IDIRLÍON NA NEARRAÍ (INE)

4.49 Thar an tréimhse atá le teacht, mar go bhfuil líonraí seasta ardacmhainne agus bandaí minicíochta nua 5G ar fáil níos mó, beidh naisc idirlín níos gaiste, níos mó nascachta agus glacadh níos leithne le hidirlíon na n-earraí. (InE) ann.

4.50 Déanann coincheap InE tagairt do nasc daoine agus gléasanna (níos mó ná na gléasanna traidisiúnta bainteach leis an idirlíon amhail ríomhairí agus fóin chliste) leis an idirlíon agus/nó lena chéile. Leiríonn Fíor 3 thíos an méid gléasanna nasctha inár dtithe sa lá atá inniu, a ligeann d'úsáideoirí idirghníomhú leis an teicneolaíocht agus leis an idirlíon ar níos mó bealaí ná riamh roimhe.

4.51 Mar chuid den InE, tá na gléasanna ábalta idirghníomhú lena dtimpeallacht agus lena chéile, gan srianta fisiceacha na tíreolaíochta. Tá réimse gléasanna InE in úsáid inár dtithe sa lá atá inniu ann cheana féin, ina measc, gléasanna cliste baile amhail teirmeastait, aláraim agus ceamaraí, mar aon le rianairí corpacmhainne agus gluaisteáin nasctha (Féach ar Fhíor 3 thuas).

4.52 Táthar ag súil leis go mbeidh fás ar úsáid, réimse agus scála a leithéid seo de ghléasanna thar an chéad chúpla bliain atá le teacht. Níltear ar an eolas faoi nádúr agus feidhmeanna na ngléasanna nasctha nua seo go fóill áfach, ach i measc na n-eochair-réimsí atá ag baint tairbhe as seirbhísí InE faoi láthair tá seirbhísí na ngluaisteán, seirbhísí r-shláinte, méadrú/eangacha cliste, tithe cliste, cathracha cliste, earnáil na tionsclaíochta/an uathoibrithe agus na talmhaíochta. Táthar ag súil go bhféadfaidh 20 go 30 billiún gléasanna bheith nasctha le chéile ar fud an domhain faoi 2020[71].

4.53 Mar gheall ar theacht chun cinn InE beidh dúshláin ann do ComReg. Go háirithe, tá na riachtanais nascachta do ghléasanna InE forleathan agus beidh tairiscintí nua seirbhíse ag teastáil le riar do na riachtanais indibhidiúla. Ina theannta sin, beidh acmhainní uimhrithe tábhachtacha de dhíth le teacht chun cinn na ngléasanna InE. Agus an fhéidearthacht ann le stíl mhaireachtála agus táirgiúlacht bainteach le InE a fheabhsú, tá ComReg ar an eolas faoina ról maidir le héascú na nuálaíochta agus na hinfheistíochta. Aithníonn ComReg fosta gur chóir go dtabharfaí aire maidir leis na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh bheith ann ó InE do shlándáil líonra agus do phríobháideacht sonraí.

4.54 Tá Éire á cur chun cinn féin mar cheannasaí domhanda i bhforbairt agus i soláthar InE. Tá oibreoirí teileachumarsáide Éireannacha ag rolladh amach réiteach InE don mhargadh Éireannach, ag oscailt a líonraí d'fheidhmchláir nua agus do réitigh do thomhaltóirí. Ina theannta sin, tá ComReg ag soláthar córais speisialta ceadúnaithe darb ainm Test & Trial'[72] le nuálaíocht agus forbairt bainteach le teicneolaíochtaí nó seirbhísí raidió a spreagadh. De thairbhe na gceadúnas seo, beidh sé

71 Cisco, 2018. Nasc anseo - https://blogs.cisco.com/datacenter/internet-of-things-iot-data-continues-to-explode-exponentially-who-is-using-that-data-and-how

72 Níos mó faisnéise ar fáil ó http://www.testandtrial.ie/

**Fíor 8: Na Gléasanna inár dtithe**



níos éasca agus níos costas-éifeachtúla taighde gan sreang a dhéanamh ag úsáid speictream raidió na hÉireann.

4.55 In R4 2018, bhí beagnach breis agus 1 milliún síntiús inneall go hinneall (M2M)[73] in Éirinn, méadú de 22% ó R4 2017. Is dócha gurbh fheidhmchláir bhandaleithid ísil formhór na n-úsáidí M2M go dtí seo, ina measc, úsáid eangacha cliste, rianú ar fheithiclí agus feidhmchláir chliste baile. Leathnú sa chéad ghlúin eile de theicneolaíocht teileachumarsáide agus ísliú sa chostas ar na modúil agus na braiteoirí leabaithe gan sreang a chumasaíonn seirbhísí M2M, is cúis go príomha le fás na cumarsáide M2M in Éirinn. Ba chúis an feabhsú leanúnach seo sa timpeallacht bonneagair thart ar M2M le fás mór, gasta ar na feidhmchláir agus na seirbhísí a riarann do riachtanais úsáideoirí.

## AN TATHRÚ ATÁ AR AN GCREATLACH RIALÁLA – AN EECC

4.56 An treocht dheireanach a d'aithníomar ba ea creatlach rialála atá ag athrú.

4.57 I Meán Fómhair 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún Moladh do Threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le Cód Eorpach Cumarsáide Leictreonaí a bhunú a bheadh ann in áit na Comhchreatlaí Rialála ar glacadh léi in 2002 agus a leasaíodh in 2009 faoinar rialaigh ComReg (agus na NRAnna uilig eile) cumarsáid leictreonach ó 2002.

4.58 I rith phróiseas reachtúil an AE i dtaca leis an EECC, bhí ról gníomhach ag ComReg ann, trí shainchomhairle neamhspleách a thabhairt do DCCAE, mar a iarradh air trína bhallraíocht de BEREC, do na hinstitiúidí Eorpacha. Chríochnaigh an próiseas seo i mí na Nollag 2018.

4.59 Mar a leagadh amach níba luaithe, tá go dtí 21 Nollaig 2020 ag na ballstáit an EECC a aistriú – is é sin glacadh leis na dlíthe, na rialacháin agus/nó na forálacha riaracháin a bheidh riachtanach le cloí le agus chun an EECC a fheidhmiú, agus iad seo a fhoilsiú fosta. Rachaidh na bearta nua seo i bhfeidhm ó 21 Nollaig 2020. Cé gur ceist don bhallstát é an t-aistriú a dhéanamh, tá ComReg ag comhoibriú leis an Roinn maidir le haistriú an EECC, agus tosóidh sé an obair ullmhúcháin ar na ceisteanna a thiocfaidh chun cinn ón EECC, agus a bhaineann lenár gcuid oibre agus lenár ról mar rialálaí, agus na hacmhainní ar fáil ag ComReg lena déanamh.

4.60 Mar a nótáladh i gCaibidil 2, le teacht chun cinn Chód Eorpach na Cumarsáide Leictreonaí, is dócha go mbeidh feidhmeanna agus cuspóirí nua ag ComReg, ar bharr na gceann sin atá sa Chomhchreatlach Rialála, ina measc, i dtaca le nascacht. Sílimid gur ceart agus cóir é do ComReg agus do pháirtithe leasmhara eile leoga, ullmhú leis an EECC a thabhairt isteach, roimh a aistriú. Caithfear ComReg gan glacadh le bearta a d'fhéadfadh an toradh atá leagtha amach sa Chód a chur i mbaol go mór. Mar sin de, cuirfidh na

[73] Déanann Inneall go hInneall (M2M) tagairt do theicneolaíochtaí ina bhfuil cumarsáid idir gléasanna nó córais i gceist, nuair nach dtarlaíonn idighabháil ó dhuine, i bprionsabal ar a laghad. D'fhéadfadh na teicneolaíochtaí seo cumarsáid gan sreang nó le sreang nó an dá cheann a chumisiú.

míreanna oibre atá leagtha amach sa ráiteas straitéise seo a chlúdaíonn an tréimhse tar éis 2020, na haidhmeanna agus na riachtanais leagtha amach san EECC, nuair is cuí agus a mhéad agus is féidir é, agus é ag déanamh machnaimh ar chinntí rialála a mbeidh éifeacht acu sa tréimhse tar éis 2020 (is é sin, tar éis aistriú an EECC).

4.61 Ar an dáta céanna a tháinig an Cód nua i bhfeidhm (20 Nollaig 2018), tháinig Rialachán BEREC an AE i bhfeidhm fosta. Ní bheidh aistriú ar bith sa reachtaíocht intíre ag teastáil ón rialachán seo, ach beidh sé i bhfeidhm ar fud bhallstáit an AE ón dáta a tháinig sé i bhfeidhm. Cé go ndéileálann rialachán seo an AE go príomhá le heagrú agus feidhmiú inmheánach BEREC, beidh tionchar aige ar an gcaidreamh idir BEREC agus na NRAnna amhail ComReg agus ar an dóigh a mbeidh siad ag déanamh gnáthghníomhaíochtaí laethúla amhail faisnéis a roinnt agus treoir a fhorbairt. Tá foráil sa rialachán do rialáil Glaonna taobh istigh den AE agus beidh na rialacha nua sin i bhfeidhm ó 15 Bealtaine 2019.

## CONCLÚID

4.62 San athbhreithniú a rinne sé ar na Rúin Straitéiseacha a bhí leagtha amach sa Straitéis ECS Chúig Bliana, bhí ComReg ag iarraidh na dóigheanna a raibh tionchar ag na treochtaí agus na dúshláin éagsúla seo leagtha amach thuas ar ár straitéis a thuiscint. Mar go bhfabhróidh na treochtaí seo thar an tréimhse atá le teacht go fóill, leanfaimid ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh orthu agus ar an dóigh a mbeidh tionchar acu ar an earnáil ECS agus ar na tomhaltóirí a úsaideann seirbhísí ECS. Leis an anailís curtha i láthair sa chaibidil seo san áireamh, leagamar amach na tograí éagsúla a bheidh le cur i gcrích thar tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Pléitear iad seo faoi gach Rún Straitéiseach sna caibidlí seo a leanas.

05

# SOCRÚ NA RIALACHA D'IOMAÍOCHT ÉIFEACHTACH

## RÉAMHRÁ

5.1 Tá roinnt gnéithe san earnáil teileachumarsáide a chuireann bac ar fheidhmiú iomlán na bhfórsaí iomaíocha. I measc a leithéid seo de ghnéithe tá, ardbhaic ar iontráil, cumhacht margaidh, neamhshiméadracht faisnéise agus mealltacht ó thaobh athrú a dhéanamh de. Creideann ComReg go gcuireann iomaíocht le leas tomhaltoirí mar spreagann sé oibreoirí praghsanna a ísliú, nuálaíocht a dhéanamh agus infheistíocht a mhéadú. Déanann ComReg idirghabháil dá réir le laigí i bhfeidhmiú an mhargaidh a laghdú nuair a thabharfar údar leis agus nuair is cuí é go hoibiachtúil.

5.2 Aithníonn ComReg go bhfabhraíonn an earnáil teileachumarsáide go gasta agus nótálann sé an trádmhalartú idir éifeachtúlacht statach, a spreagann na praghsanna i dtreo costais sa ghearrthéarma, agus éifeachtúlacht dhiminiciúil a chuireann infheistíocht agus nuálaíocht san áireamh thar tréimhse ama. Déantar níos mó mionphlé ar rún straitéiseach ComReg i dtaca le hinfheistíocht i gCaibidil 7.

## 01 RÚN STRAITÉISEACH 1: CUIREANN AN MARGADH SEO NUÁLAÍOCHT AGUS AN ROGHA IS MÓ OIBREOIRÍ MÓRDHÍOLA AGUS MIONDÍOLA AR FÁIL.

| Rún Straitéiseach 1 | |
|---|---|
| | ■ Tá rogha soláthraithe sna margaí cumarsáide leictreonaí mórdhíola agus miondíola ann<br>■ Tá an iomaíocht chomh láidir agus is féidir; tá rialacha ann le dochar a laghdú nuair atá an iomaíocht lag<br>■ Tá caighdeán na dtáirgí agus na seirbhísí cumarsáide leictreonaí ar na cinn is airde inár bpiarghrúpa<br>■ Tá fianaise shoiléir ann de:<br>– Iomaíocht thar tréimhse ama<br>– Nuálaíocht i margaí cumarsáide leictreonaí agus i margaí bainteacha, agus<br>– Tomhaltóirí ag feidhmiú a rogha |

5.3 Mar a léirítear thíos i bhFíor 9, is í tuairim ComReg go mbaineann rialáil le hiomaíocht a spreagadh le:

- Monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí, margaí bainteacha san áireamh, mar a dtuigtear teipeanna margaidh go maith maidir le,
- Idirghabháil dhírithe a chumasú,
- Dírithe ar iomaíocht a éascú.

5.4 Aithníonn ComReg gur próiseas dinimiciúil é seo ar a bhfuil uasdátú agus oiriúnú leanúnach de dhíth, agus thar tréimhse ama, **ba chóir scóip na rialála laghdú**[74].

**Fíor 9: Ag Rialáil le hIomaíocht a Chur Chun Cinn**




## IOMAÍOCHT I MARGAÍ SEASTA AGUS MÓIBÍLEACHA

### IOMAÍOCHT AR LÍONRAÍ SEASTA

5.5 Ó 2011, bhí Eircom, an t-iarsholáthraí monaplachta líonra sheasta ag rolladh amach a chéad ghlúine eile de líonra rochtana le luais íoslódála de suas go 100Mb/s, bunaithe ar chábla snáthoptaice go colbha (FTTC) agus ar VDSL mhalairt-sheolta (EVDSL). Lena chois sin, in Aibreán 2017, d'fhógair Eircom go mbeadh sé ag rolladh amach a líonra chábla snáthoptaice go baile (FTTH) go 300,000 áitreabh i gceantracha tuaithe in Éirinn, mar chuid de choimitmint a thug sé do DCCAE faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda. D'fhógair Eircom fosta pleananna lena líonra FTTH a leathnú go 1.4 milliún teach agus gnó, i bhfad níos mó ná na 300,000 áitreabh FTTH sna ceantracha tuaithe in Éirinn.

5.6 Tá méideanna éagsúla d'iomaíocht ar leibhéal líonra ag Eircom ó Virgin Media agus SIRO, ar comhfhiontar idir ESB Networks (féach ar Fhíor 10) agus Vodafone. Tá méideanna éagsúla de shrian iomaíochta ag Eircom ó Virgin Media i gceantracha uirbeacha mar a bhforluíonn a líonra CGA agus FTTC le líonra CATV Virgin, a chuireann luais íoslódála suas go 360Mb/s ar fáil. Tá níos lú de shrian iomaíochta ag Eircom ó líonra SIRO, mar tá clúdach líonra SIRO níos lú i gcomparáid le ceann Eircom. Aithníonn ComReg an fhéidearthacht go dtarlóidh iomaíocht ar leibhéal áitiúil mar a bhfuil líonraí in iomaíocht a chéile.

5.7 I measc na n-iomaitheoirí margaidh eile, a dtugtar cuardaitheoirí rochtana orthu, tá BT[75], Vodafone agus oibreoirí éagsúla níos lú (oibreoirí gan sreang seasta) a rinne leibhéil éagsúla d'infheistíocht i mbonneagar, mar

[74] Cé go n-ísleoidh scóip na rialála thar tréimhse ama de réir mar a fhabhróidh an margadh le hiomaíocht, is dócha go leanfaidh teipeanna margaidh ar aghaidh fós agus go mbeidh roinnt idirghabhála rialála ag teastáil dá bharr.

[75] Soláthraíonn BT seirbhísí do roinnt imreoirí, Sky Ireland san áireamh.

gheall ar tháirgí rochtana mórdhíola, ar tugadh údarás rialála dóibh, bheith ar fáil, go príomhá. Mar a bheifí ag súil leis, tá méid an rolladh amach bonneagair níos doimhne i gceantracha uirbeacha mar a bhfuil an dlús daonra agus an dlús áitribh níos mó

5.8 A mhéad atá an leibhéal infheistíochta sa líonra a dhéanann an cuardaitheoir rochtana, is amhlaidh is mó smachta atá ag an gcuardaitheoir rochtana ar phraghsáil agus ar nádúr na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear thar líonra Eircom. Tá sé de bhuntáiste ag an iomaíocht ar fhíorleibhéal seirbhíse, ina n-úsáideann oibreoirí líonra Eircom le seirbhísí a sholáthar, ligean d'oibreoirí iontrála nua bonn síntiúisóirí a bhunú agus geilleagair scála a bhaint amach sula ndéantar níos mó infheistíochta bonneagair tábhachtaí.  Ina theannta sin, is féidir le hiomaíocht ar leibhéal seirbhíse ligean d'iontrálaithe riaradh do chodanna den mhargadh ina bhfuil bearnaí (m.sh. seirbhísí fiontair saincheaptha).

**Fíor 10: Rolladh Amach na Chéad Ghlúine Eile de Líonraí**

| | |
|---|---|
| **Eircom** | 1.8m áitreabh soláthraithe le teicneolaíocht snáthoptaice ardluais (go dtí 30 Meán Fómhair 2018), 228,000 líne FTTH san áireamh.[76] |
| **Virgin Media** | 900,000 teach soláthraithe le leathanbhanda snáthoptaice (go dtí Meitheamh 2018).[77] |
| **SIRO** | 200,000 áitreabh soláthraithe le seirbhís leathanbhanda snáthoptaice (Nollaig 2018).[78] |

## IOMAÍOCHT AR LÍONRAÍ MÓIBÍLEACHA

5.9 Tá dhá chineál oibreoirí san earnáil mhóibíleach, oibreoirí líonra mhóibíligh (MNOnna) a d'infheistigh i líonra rochtana (túir, crainn agus aisiompair bhainteacha) agus oibreoirí líonra fhíorúil mhóibíligh (MVNOnna) a cheannaíonn toilleadh líonra uathu. Murab ionann is atá sna líonraí seasta, tá an cinneadh le toilleadh a dhíol le MNVO bunaithe ar mhachnaimh thráchtála[79] de ghnáth. Is gné de líonraí móibíleacha socruithe líonraroinnte. Ligeann siad seo do dhá oibreoir nó níos mó codanna áirithe dá líonraí a roinnt, le socruithe sa réimse ó bhonneagar éighníomhach (amhail suíomhanna, crainn  agus aeróga) go codanna níos gníomhaí, roinnt croíbhonneagair san áireamh.

5.10 Déantar machnamh níos mine ar chur chun cinn iomaíochta éifeachtaí i mbainistiú speictrim do ECS agus ar na huirlisí bainistíochta speictrim i mír 3.2.3 Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim Raidió[80].

[76] https://www.eir.ie/pressroom/eir-announce-first-quarter-FY19-results-to-30-September-2018/

[77] https://www.virginmedia.ie/about-us/press/2018/virgin-media-announces-landmark-figure-of-900-000-premisesnow-passed/

[78] https://siro.ie/sky-ireland-now-live-on-siro-network/

[79] Ba choinníoll de chumasc Three/O2 an Virgin Media MVNO. Déantar plé air seo sa mír seo a leanas.

[80] ComReg 18/118, Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim Raidió 2019 go 2021, a foilsíodh ar 20 Nollaig 2018.

**STAID NA HIOMAÍOCHTA I MARGAÍ MIONDÍOLA – SEASTA AGUS MÓIBÍLEACH**

5.11 Léiríonn Fíor 11 thíos leibhéal an dlúis margaidh i margaí leathanbhanda sheasta, gutha sheasta agus gutha mhóibíligh miondíola. Úsáideann an graf Innéacs Herfindahl-Hirschman (HHI). Is gnáthionstraim den dlús margaidh é seo a úsáidtear le hiomaíocht margaidh a shocrú. Áirítear é trí sciar margaidh gach comhlacht atá san iomaíocht i margadh a chearnú agus tríd na huimhreacha a tháinig dá bharr a shuimiú. A airde atá an dlús margaidh (agus a ísle atá a iomaíocht), is amhlaidh is airde atá an HHI.

5.12 Suas go 2014, laghdú sa dlús, le HHI ag titim ba ea an treocht fhadtéarmach i margaí móibíleacha miondíola. Chuir an cumasc idir Hutchison 3G agus Telefónica O2[81] in 2014 deireadh le hiomaitheoir líonra agus ba chúis le méadú i ndlús margaidh é. In iarracht leis na himpleachtaí diúltacha a tháinig chun cinn ó níos mó iomaíochta a laghdú, cruthaíodh dhá MVNO nuair a ghlac Coimisiún na hEorpa leis an mbeart leigheasanna. Chuir ComReg a inmí faoin gcumasc agus faoin mbeart leigheasanna in iúl i mBealtaine 2014.[82] In Aibreán 2018, d'imigh ceann de na leigheasanna MVNO, iD Mobile, ó mhargadh na hEireann, mar ní raibh aige ach sciar beag den mhargadh móibíleach miondíola. Sheol an dara MVNO, Virgin Mobile, a sheirbhísí in 2015, agus bhí fás ar a ioncam agus ar a sciar síntiúsóirí de thart ar 1% in R3 2018[83]. In 2018 rinne BEREC athbhreithniú[84] ar eispéireas thrí chumasc margaidh mhóibíligh éagsúla i limistéar an AE, cumasc Hutchison 3G agus Telefónica O2 in 2014 in Éirinn san áireamh. Fuair an staidéar seo amach gur chúis le tomhaltóirí Éireannacha ag íoc praghsanna níos airde an cumasc, ná mar a d'íocfaidís mura raibh an cumasc ann.

5.13 Chabhraigh dinimic an mhargaidh leathanbhanda sheasta míondíola, rolladh amach líonraí nua agus teacht isteach tairscintí nua miondíola agus mórdhíola, níos mó iomaíochta a chur sa mhargadh leathanbhanda sheasta miondíola. Sa lá atá inniu, glacann a lán tomhaltóirí le bearta imeartha triaraí agus cuad-imeartha de sheirbhísí gutha sheasta, leathanbhanda, teilifíse agus fóin mhóibíligh. Cuireann gach ceann de na príomhsholáthraithe leathanbhanda sheasta bearta imeartha triaraí ar fáil agus soláthraíonn a lán eile seirbhísí fóin mhóibíligh (trí shocrú MNO nó MVNO) i mbeart cuad-imeartha. Agus níos mó tomhaltóirí ag ceannach seirbhísí gutha agus leathanbhanda sheasta le chéile, tá an dlús sna margaí seo ag éirí níos ailínithe. Táthar ag súil leis go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh thar an tréimhse atá le teacht.

---


81 Thug Coimisiún na hEorpa cead coinníollach don idirbheart seo sa chinneadh a rinne sé dar dáta 28 Bealtaine 2014, M.6992 – Hutchison 3G UK/Telefonica Ireland ("Three/O2")

82 Doiciméad ComReg 14/53

83 Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí ComReg

84 Tá Tuarascáil BEREC ar Fhorbairtí Iarchumaisc sa Mhargadh ar fáil anseo: https://berec.europa.eu/eng/document_register/subject_matter/berec/reports/8168-berec-report-on-post-merger-market-developments-price-effects-of-mobile-mergers-in-austria-ireland-and-germany

**Fior 11: Comhdhlúthaíocht Mhiondíola: Q2 2013 to Q4 2018**




## MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR MHARGAÍ

5.14 Tá sé mar chuid de ról ComReg ná cinntiú go bhfeidhmíonn margaí cumarsáide ar mhaithe le húsáideoirí deiridh agus leis an tsochaí (féach ar Chaibidil 6). Le hidirghabhálacha cuí a shocrú go héifeachtach, tá sé riachtanach go bhfuil tuiscint chruinn agus chuimsitheach againn ar a fheabhas agus atá na margaí ag feidhmiú.

5.15 Chuige sin, bailíonn ComReg sonraí agus déanann sé anailísí, anailísí margaidh a dhéantar de réir chreatlach rialála an AE san áireamh. Lena chois sin, déanann ComReg monatóireacht ar mhargaí eile taobh istigh d'éiceachóras na cumarsáide leictreonaí. Ina leithéid seo de mhargaí tá margaí cumarsáide leictreonaí nach bhfuil molta d'anailís mhargaidh níos mó, margaí ina bhfuil soláthar ionchur riachtanach (amhail rochtain ar chuaillí, duchtaí agus ceall-shuíomhanna), margaí do tháirgí a dhíoltar i mbeart le ECS (amhail ábhar meán), agus margaí do tháirgí a bhfuil tionchar criticiúil acu ar eispéireas ECS an úsaideora deiridh (amhail gléasanna láimhe móibíleacha), san áireamh. Ligeann tuiscint fhorbartha ar na fáthanna nach bhféadfadh na margaí bheith ag feidhmiú go maith d'úsáideoirí deiridh, do ComReg idirghabhálacha rialála a dhíriú níos fearr ar fud fairsinge a fheidhmeanna.

5.16 Leagann Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg dhá sprioc amach maidir le monatóireacht a dhéanamh ar mhargaí:

**SPRIOC 1**

Monatóireacht rialála a dhéanamh ar éifeachtúlacht na hiomaíochta ar fud na margaí cumarsáide, margaí seasta agus móibíleacha, agus margaí bainteacha san áireamh.

**SPRIOC 2**

Rialáil na margaí cumarsáide leictreonaí dírithe ar theipeanna sna margaí a laghdú agus cosc a chur ar dhochar.

5.17 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

- **Monatóireacht Mhargaidh:** Cuirfidh ComReg tús le clár oibre chun tuiscint níos fearr ar an iomaíocht i margaí ábhartha a fhorbairt. D'úsáidfí an clár oibre seo le faisnéis a thabhairt ar ghníomhaíochtaí ComReg ar fud a fheidhmeanna go léir.
- **Cumhachtaí leis an Margadh a Fhiosrú:** Staidéar a dhéanamh ar eispéiris dhlínsí eile a úsáideann cineál cumhachtaí fiosraithe margaidh, agus a leithéid seo de chumhachtaí in Éirinn a mholadh má shíltear go mbeidh siad cuí.

5.18 Déanann ComReg monatóireacht ar éifeachtúlacht na hiomaíochta sna margaí miondíola agus mórdhíola éagsúla a rialaímid nó a bhfuil tionchar ag rialáil orthu, agus déanaimid monatóireacht ar dhóigheanna éagsúla, gníomhaíochtaí leanúnacha ár Rannóg éagsúil, ár ngníomhaíochtaí monatóireachta comhlíonta agus ár bhfeidhmeanna taighde, san áireamh.

5.19 Baineann eochairghné de ghníomhaíochtaí monatóireachta margaidh ComReg le Feidhm Faisnéise Margaidh ComReg. Baineann an fheidhm Faisnéise Margaidh seo le clár a bhailíonn sonraí go rialta ó earnáil na tionsclaíochta. Úsáidtear na sonraí a bhailítear le faisnéis a thabhairt d'fheidhmeanna ComReg mar aon leis an ngnáthphobal agus earnáil na tionsclaíochta a chur ar an eolas faoi na treochtaí margaidh sa Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí (QKDR) agus faoi na sonraí trína Thairseach Sonraí[85]. Mar a phléifear níos mó i gCaibidil 9, tá ComReg ag comhoibriú le hoibreoirí ar na dóigheanna a mbailímid sonraí, na sonraí a bhailímid agus a phróiseálaimid agus a stórálaimid an fhaisnéis seo. Is é an toradh a bheidh air seo ná go mbeidh próiseas níos éifeachtúla ann le sonraí a bhailiú, rud a chinnteoidh go mbeidh sonraí ardchaighdeánacha ar fáil go tráthúil a chabhróidh le ComReg cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhianaise. Cuirfidh an togra seo leis na léargais ar fáil ó na sonraí agus cinnteoidh sé go mbeidh sé suas chun dáta agus oiriúnach don fheidhm. Cuirfidh sé ar chumas ComReg tacar sonraí níos mó agus níos mine a fhoilsiú do pháirtithe leasmhara fosta. Beidh foráil sa Chód fosta le níos mó faisnéise a bhailiú agus a fhoilsiú, go háirithe maidir le suirbhéanna tíreolaíocha de líonraí fosta, agus déanfaidh ComReg iarracht é seo a éascú de réir mar is cuí é.

5.20 I measc gníomhaíochtaí taighde ComReg tá roinnt suirbhéanna taighde margaidh (a phléitear i Mír 7)

[85] www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/.

le léargais a fháil ar úsáid agus ar eispéireas tomhaltóirí. Cuirtear an fhaisnéis seo le taighde seachtrach a fhaigheann ComReg ó earnáil na tionsclaíochta nó ó anailísithe.

5.21 Ó foilsíodh Ráiteas Straitéise 2017-2019, cuireadh Grúpa um Léargais Straitéiseacha inmheánach ar bun. I measc gníomhaíochtaí an ghrúpa seo tá faire na fáistine, agus athruithe, treochtaí agus ceisteanna a aithint a bhféadfadh impleachtaí bheith acu do na margaí nó do ComReg. Bunaíodh roinnt grúpaí trasrannáin le hanailís a dhéanamh ar thopaicí aitheanta, agus cuirtear aschur na ngrúpaí seo isteach sna tograí ar fud na heagraíochta.

5.22 Bainteach le Spriocanna 1 agus 2, tá rún ag ComReg, thar an tréimhse atá le teacht:

- **Monatóireacht Mhargaidh:** Tá rún ag ComReg a fheidhmeanna monatóireachta ar mhargaí a fhorbairt a thuilleadh. I measc na ngníomhaíochtaí atá beartaithe beidh obair a dhéanamh le hoibreoirí bailiú na sonraí atá ann faoi láthair a fheabhsú go leanúnach agus feidhmeanna a thuairisciú lena n-éifeachtúlacht, a n-éifeachtacht agus a n-ábharthacht a chinntiú, cur leis na léargais is féidir baint as na sonraí atá bailithe, an dóigh ar féidir a leithéid seo d'fhaisnéis a chur ar fáil go cuí agus go poiblí san áireamh, níos mó forbartha d'fheidhm na Léargas Straitéiseach agus ag méadú soláthar sonraí oscailte trí Thairseach Sonraí ComReg ar ár suíomh gréasáin[86].
- **Taighde:** Cur lenár dtuiscint ar na margaí cumarsáide leictreonaí éagsúla (an réimse táirgí ionaid agus comhlántacha san áireamh) agus ar iompar na n-imreoirí margaí agus na dtomhaltóirí trí shonraí margaidh faoin rácháirt agus faoin soláthar a bhailiú, anailís a dhéanamh orthu, agus trí theicnící láidre taighde a dhéanamh.

## IOMAÍOCHT, ROCHTAIN AR SHEIRBHÍSÍ AGUS ROGHANNA TOMHALTÓIRÍ A CHUR CHUN CINN

5.23 Tá trí phríomhbhealach ina bhféadann ComReg iomaíocht agus roghanna do thomhaltóirí a chur chun cinn i margaí cumarsáide leictreonaí:

- Trí Chreatlach SMP.
- Trí úsáid éifeachtach speictrim agus acmhainní uimhrithe.
- Trí shoghluaiseacht tomhaltóirí a chinntiú (is é sin tá tomhaltóirí toilteanach agus ábalta an soláthraí a athrú).

5.24 Faoin gcreatlach rialála, nuair a aithnítear go bhfuil cumhacht mhórthábhachtach (SMP) ag oibreoir, d'fhéadfadh ComReg réimse oibleagáidí ar son na hiomaíochta a bhrú. Tá a leithéid seo d'oibleagáidí leagtha amach le hiomaíocht a chur chun cinn trí chur ar chumas oibreoirí eile agus ar iontrálaithe nua dul in iomaíocht chothrom leis an oibreoir SMP.

5.25 Leagann an Straitéis ECS Chúig Bliana dhá sprioc a bhaineann le hIomaíocht a Chur Chun Cinn:

[86] https://www.comreg.ie/industry/electronic-communications/data-portal/

**SPRIOC 3** Tá ár gcuid oibre ag iarraidh iomaíocht éifeachtach a chur chun cinn agus roghanna do thomhaltóiri a éascú laistigh den Margadh Singil.

**SPRIOC 4** Laghdaíonn rialáil cumhacht an mhargaidh agus éascaíonn sí iontráil agus méadú sa mhargadh agus sna margaí cumarsáide leictreonaí mórdhíola agus miondíola nuair is féidir leí.

5.26 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí faoi na spriocanna seo;

- **Anailís ar na Margaí:** Cinntí ar mhargaí 1 agus 2 a fhoilsiú (margadh chríochnú guthghlao seasta mórdhíola agus margadh chríochnú guthghlao móibíleach mórdhíola), margaí 3a agus 3b (na margaí rochtana áitiúla mórdhíola agus rochtana lárnaí mórdhíola) agus margadh 4 (rochtain ardchaighdeánach mhórdhíola).
- **Bonneagar Comhtháite Ingearach Eircom:** Leanstan ar aghaidh le hathbhreithniú ar rialachas rialála Eircom ó pheirspictíocht oibríochtúil agus bonneagair de.
- **Líonraí Oidhreachta:** Teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le Eircom ag tarraingt siar seirbhísí oidhreachta.
- **Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda:** Leanstan ar aghaidh a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda.

5.27 Thar na blianta, bhí anailís ar na margaí ag éirí níos coimpléascaí agus níos mine, mar gheall ar níos mó iomaíochta i margaí ar leith agus ar an bhfócas ar an iomaíocht ar leibhéal margaidh fonáisiúnta. Tugann ComReg a lán acmhainní don fheidhm anailíse margaidh agus d'fhoilsigh sé roinnt doiciméad thar dhá bhliain dhéanach anuas. Go háirithe, i mí Dheireadh Fómhair 2017, d'fhoilsigh ComReg a chomhairliúchán ar a dhréachtmholadh do rialáil na margaí Chríochnú Guthghlao Seasta (FVCT) agus Chríochnú Guthghlao Móibíleach (MVCT), mar aon le Comhairliúchán a bhain le gnéithe rialú praghsanna bainteacha a foilsíodh i mí Mhárta 2018. Tá ComReg ag súil lena chinneadh deireanach ar na hathbhreithnithe ar na margaí críochnaithe a fhoilsiú in 2019. Ina theannta sin, i mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg a chinneadh ar a anailís ar na margaí Rochtana Áitiúla Mórdhíola (WLA) agus Rochtana Lárnaí Mórdhíola (WCA)[87,88,89]. Go hachomhair, chinn ComReg go raibh údar le dírialáil do bheagnach leathchuid den tír – i gceantracha uirbeacha sa chuid is mó – sa mhargadh Uirbeach WCA. Tá sé seo amhlaidh mar gheall ar níos mó

87 Uimhir Dhoiciméad ComReg 18/94, Cinneadh ComReg D10/18: Athbhreithnithe ar na Margaí: Rochtain Áitiúil Mórdhíola agus Rochtain Lárnach Mórdhíola, foilsithe 19 Samhain 2018 ("Cinneadh ComReg D10/18"). Ar fáil ag: https://www.comreg.ie/publication/3a-3b-market-analysis-decision/

88 Doiciméad ComReg 18/95

89 Doiciméad ComReg 18/96.

iomaíochta sna réimsí seo. Chinn ComReg go raibh Cumhacht Shuntasach Mhargaidh (SMP) ag Eircom sa mhargadh WLA agus sa mhargadh Réigiúnach WCA, agus mar sin de, tá sé faoi réir rialála.

5.28 In Iúil 2016, scríobh Eircom chuig ComReg ag iarraidh réamhfhaomhadh leis na líonraí agus na seirbhísí oidhreachta a chur as feidhm. D'fhreagair ComReg sa samhradh in 2017 ag iarraidh plean mion leis na seirbhísí a tharraingt siar. Go dtí seo, ní bhfuarthas aighneacht fhoirmiúil ó Eircom. Rachaidh ComReg i mbun oibre le hearnáil na tionsclaíochta ar cheist tharraingt siar na líonraí oidhreachta dá bhfaighfí aighneacht fhoirmiúil ó Eircom.

5.29 Is le Eircom, an mhonaplacht ar leis an stát é, an t-aon líonra uileláithreach amháin in Éirinn, agus feidhmíonn sé mar sholáthraí mórdhíola nó miondíola i roinnt margaí mórdhíola agus miondíola ingearacha, bainteacha, sna margaí leathanbhanda mórdhíola agus miondíola go mór mór. Bhí imní ar ComReg faoi bhonneagar ingearach Eircom le roinnt blianta anuas, agus thug siad aghaidh ar an imní seo tríd na hoibleagáidí rialála a cuireadh air in athbhreithnithe margaidh éagsúla, mar ar tugadh cumhacht shuntasach mhargaidh dó. Ina theannta sin, ghlac ComReg le roinnt cásanna comhlíonta a bhí ann le tabhairt faoi bhuarthaí ar leith. In 2016, d'iarr ComReg ar chomhairleoirí athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe bonneagair agus rialaithe Eircom agus cinneadh a dhéanamh ar munar leor socruithe rialaithe inmheánacha Eircom le cinntiú go gcloíoidís go hiomlán le rialáil de réir a oibleagáidí d'earnáil na tionsclaíochta agus do ComReg.

5.30 I mí na Nollag 2018, tháinig ComReg ar chomhaontú le Eircom[90] ina raibh coimitmintí, nuair a chuirfí i bhfeidhm iad, go mbunófaí agus go mbeadh Samhail um Rialú Rialála ("RGM") i bhfeidhm in Eircom. De réir an chomhaontaithe, cuirfidh Eircom roinnt beart tábhachtach i bhfeidhm le rialú inmheánach Eircom a fheabhsú agus le neamhspleáchas a rannóige Mórdhíola a mhéadú ón chuid eile dá ghnó, ina measc, inter alia, Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách ('IOB') a chruthú. (Féach ar Bhosca Mínithe 7 i gCaibidil 7 le haghaidh tuilleadh sonraí).

5.31 Tá rólanna ag ComReg rochtain ar bhonneagar fisiceach a éascú le go soláthrófar cumarsáid leictreonach faoi Alt 57 d'Acht 2002 agus faoi na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda[91]. Thar an tréimhse 2017-2019, ní bhfuair ComReg gearán foirmiúil ar bith maidir le rochtain ar bhonneagar fisiceach faoi na Rialacháin um Laghdú i gCostas Leathanbhanda.

5.32 Bainteach le Spriocanna 3 agus 4, thar an tréimhse atá le teacht tá rún ag ComReg:

- **Anailís ar an Margadh:** Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg tús a chur le agus dul chun cinn lena athbhreithithe ar na Margaí Rochtana Miondíola, na margaí Rochtana Seasta agus Céadchumaidh Ghlao agus ar na

[90] Doiciméad ComReg 18/110

[91] An tAontas Eorpach (Ísliú ar an gCostas le Líonraí Cumarsáide Ardluais Poiblí a Sholáthar) Rialacháin 2016 (I.R. Uimh. 319 de 2016).

margaí sheirbhísí tarchur agus dáileachán craolacháin Mórdhíola. Ina theannta sin, tá ComReg ag athbhreithniú na Margaí Rochtana Ardchaighdeánaí Mórdhíola agus tá súil aige lena Chinneadh deireanach a fhoilsiú go luath in 2019.

- **Líonraí Oidhreachta:** I Meán Fómhair 2018, d'fhógair Eircom plean 5 bliana le FTTH a rolladh amach go 1.4 milliún áitreabh. Tar éis seo, d'athchuir ComReg tús leis an teagmháil le Eircom ar a phleananna le snáthoptaic a úsáid agus ar na héifeachtaí a bhaineann le haistarraingt agus le hascnamh na seirbhísí rialaithe oidhreachta. Ag an am céanna, déanfaidh ComReg teagmháil le hearnáil níos leithne na tionsclaíochta ar na ceisteanna agus na héifeachtaí a bheidh ar Chuardaitheoirí ar Rochtain agus ar a gcustaiméirí.
- **Struchtúr Comhtháite Ingearach Eircom:** Déanfaidh ComReg maoirseacht ar chur i bhfeidhm RGM Eircom mar a bhí leagtha amach sa chomhaontú réitigh idir Eircom agus ComReg, ina measc, bunú an IOB, na hathruithe bonneagair agus na socruithe rialaithe a bheidh riachtanach le cinntiú go bhfeidhmeoidh Feidhm Mórdhíola Eircom ar dhóigh shoiléir agus gan idirdhealú.
- **Rialachán um Laghdú i gCostas Leathanbhanda:** Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh a fheidhmeanna a chomhlíonadh de réir na Rialachán um Laghdú I gCostas Leathanbhanda agus monatóireacht a dhéanamh ar an nglacadh le agus ar úsáid an bhonneagair fhisicigh i gcoitinne. Ina theannta sin, de bharr na bhforálacha nua faoin EECC, beidh ComReg ag comhoibriú le BEREC leis na treoirlínte a bhainfidh leis na socruithe comhinfheistíochta a ullmhú agus le machnamh a dhéanamh cé acu a bheidh nó nach mbeidh a leithéid seo de dheiseanna ann i gcomhthéacs Éireannach.

5.33 Mar bhall de BEREC, tá ról gníomhach ag ComReg i roinnt sruthanna oibre BEREC a bhaineann le cur chun cinn an Mhargaidh Shingil. Ina dhoiciméad Straitéise 2018-2020, chuir BEREC béim ar na tosaíochtaí straitéiseacha le (i) fadhbanna iomaíochta a aithint a d'fhéadfadh teacht chun cinn i mBallstáit éagsúla agus na líonraí ardacmhainne á bhforbairt, agus an rún a bheidh ann faisnéis a mhéadú ar an dóigh a bhfuil tionchar aige ar iomaíocht, agus (ii) tabhairt faoi na bacanna féideartha ar iomaíocht le cinntiú go gcoinnítear na margaí oscailte agus go gcosnaítear an neodracht. Bíonn ionchur leanúnach ag saineolaithe ComReg in obair BEREC (i measc an ionchuir dhéanaigh is suntasaí, tá an méid a ionchuireann siad leis an gCód Eorpach Cumarsáide Leictreonaí).

## ROCHTAIN AR IONCHUIR RIACHTANACHA: ACMHAINN SPEICTRIM AGUS UIMHRITHE

5.34 Tá speictream raidió agus uimhreacha riachtanach le feidhmiú na cumarsáide leictreonaí. Bainistíonn ComReg dáileadh agus ainmniú an dá acmhainn theoranta seo. Pléitear bainistíocht speictrim ráidió níos mine sa Straitéis um Bainistíocht Speictrim Raidió.

5.35 Tríd is tríd, is í bainistíocht speictrim an próiseas le húsáid an speictrim raidió a rialú agus a úsáid éifeachtúlach agus éifeachtach a chur

chun cinn ar mhaithe leis an tsochaí. Baineann bunús obair bainistíochta speictrim ComReg le ceadúnú speictrim. San áireamh, gné dhíreach na gceart speictrim a rialú, bronnadh ceart speictrim a leagan amach agus a chur i bhfeidhm, cearta úsáide/ceadúnas úsáide a bhronnadh agus na critéir theicniúla a bhunú le comhoiriúnacht agus cómhaireachtáil úsáideoirí a chinntiú. Baineann bainistíocht uimhrithe leis an bhfreastal ar an ngá le huimheacha a chaomhnú agus le cinntiú go mbíonn soláthar sásúil ann i gcónaí chun tacú le héilimh na gcustaiméirí agus na soláthraithe seirbhíse atá ann faoi láthair, móide nua. Cuirtear de chúram ar ComReg coinníollacha a chur le cearta úsáide uimhreacha fosta.

5.36 Leag Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg sprioc amháin an ceann a bhaineann le speictream agus uimhriú:

**SPRIOC 5**

Cuireann bainistíocht speictrim do na margaí cumarsáide leictreonaí, inter alia, cur chun cinn na hiomaíochta san áireamh.

**SPRIOC 6**

Éascaíonn bainistiú uimhreacha iomaíocht.

**SPEICTREAM**

5.37 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, d'aithin ComReg roinnt eochair-thograí maidir le speictream:

- **Léasanna Speictrim:** Creatlach um léasanna speictrim a bhunú.
- **Leagan Amach Bhronnadh Speictrim:** Cinntiú go leagfar an próiseas/na próisis bhronnta chuí le cearta úsáide speictrim a shannadh, de bharr na ngnáthchúinsí.
- **Is féidir eisiúint speictrim chomhchuibhithe a úsáid do sheirbhísí leathanbhanda móibíleacha, fánaíochta agus seasta gan sreang:** Leis an bpróiseas bronnta do bhanda 3.6 GHz a chríochnú faoi R3 2017, agus leis an bpróiseas/na próisis bhronnta do bhandaí 700 MHz, 1.4 GHz, 2.3 GHz agus/nó 2.6 GHz a cur chun cinn go mór.
- **Eisiúint speictrim eile:** Leanstan ar aghaidh speictream raidió a chur ar fáil agus a thabhairt ar bhealach tráthúil.
- **Éag chearta speictrim:** Leanstan ar aghaidh machnamh a dhéanamh ar éag na gceart speictrim raidió atá ann faoi láthair go maith roimh éag an cheadúnais, agus moltaí sannta speictrim ComReg a leagan amach maidir leis an rud céanna.

5.38 Maidir le cearta úsáide speictrim, nuair atá na céarta úsáide speictrim atá ann faoi láthair le héagú amach anseo (m.sh. laistigh de na cúig bliana atá le teacht), féachann ComReg lena mholtaí ar úsáid a leithéid sin de

bhandaí sa todhchaí go maith roimh éagú, sainmhíniu a dhéanamh ar phróiseas sannta agus sainmhíniú a dhéanamh ar an rud céanna, san áireamh nuair is cuí é. Mar sin, d'fhoilsigh ComReg Straitéis um Bainistíocht Speictrim Raidió gach dhá bhliain, a leagann amach tosaíochtaí phlean oibre ár speictrim raidió go cuimsitheach sa dóigh is gur féidir an úsáid is fearr a bhaint as an eochair-acmhainn seo ar mhaithe leis na húsáideoirí go léir.

5.39 I dtaca leis na ceantanna a rinneadh thar an tréimhse ama seo, chuir ComReg críoch lena bhronnadh ar chearta úsáide bhanda 3.6GHz i Meitheamh 2017. Cuireadh an bronnadh seo, ina raibh 594 luchtóg, scaipthe thar naoi réigiún, (ceithre cheann faoin tuath agus cúig chathair), trí cheant. Sannadh chearta speictrim na 350 MHz uilig a bhí ar fáil an toradh a bhí air seo.

5.40 Bhain cúig tháirgeoir, Imagine Communications Ireland Ltd ("Imagine"), Airspan Spectrum holdings Limited ("Airspan"), Meteor Mobile Communications Ltd ("Meteor"), Three Ireland Hutchison Ltd ("Three") agus Vodafone Ireland Ltd ("Vodafone"), an bronnadh. Mairfidh gach ceart úsáide speictrim ar feadh 15 bliana agus éagfaidh siad ar 31 Iúil 2032. Faoin am sin, beidh breis agus €78m íoctha ag na táirgeoirí a bhain an bronnadh. Mhéadaigh an bronnadh seo méid iomlán an speictrim chomhchuibhithe do na seirbhísí móibíleacha, fánaíochta agus seasta gan sreang tugtha in Éirinn faoi 86%.

5.41 I Meitheamh 2018, chríochnaigh ComReg Bronnadh Speictrim Bhanda 26 GHz do na naisc raidió le ceangal díreach[92]. Méadú 25% sa méid cearta 26 GHz tugtha don margadh an toradh a bhí ar an mbronnadh agus tacóidh sé leis an riachtanas do naisc raidió le ceangal díreach, píosa barrthábhachtach de chnámh droma an bhonneagair do na líonraí cumarsáide leictreonaí in Éirinn.

5.42 I Meitheamh 2018, d'eisigh ComReg réamhchomhairliúchán[93] le béim ar na bandaí speictrim ba chóir cur san áireamh sa bhronnadh molta de chearta úsáide speictrim a bheidh oiriúnach le seirbhísí leathanbhanda gan sreang a sholáthar. Tá ComReg den réamhthuairim gur chóir na bandaí seo a leanas a chur san áireamh ann: banda déphléascach 700 MHz; banda péireáilte 2.1 GHz; banda 2.3 GHz; agus banda 2.6 GHz idir phéireáilte agus neamhphéireáilte.

5.43 Tar éis na haighneachtaí a fháil agus machnamh cuí orthu mar fhreagairt don chomhairliúchán seo, agus d'ábhar ar bith ábhartha eile, tá rún ag ComReg leanstan ar aghaidh le moltaí bronnta níos faisnéisí agus níos mine a fhorbairt agus freagra don chomhairliúchán seo agus do thuilleadh comhairliúcháin maidir leis seo, a fhoilsiú.

[92] Doiciméad ComReg 18/53 – Torthaí bhronnadh speictrim 26 GHz in 2018.

[93] ComReg 18/60

5.44 I mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh ComReg torthaí thrí staidéar agus fógra faisnéise[94], a phléann cuid de na dúshláin, na réitigh agus na gníomhaíochtaí leis an nascacht in Éirinn a fheabhsú. Ba é cuspóir na staidéar seo ná cabhrú le ComReg a mholtaí bronnta a fhorbairt do na bronntaí speictrim a bhí le teacht agus, ach go háirithe, a mhachnamh ar na hoibleagáidí clúdaigh cuí. Pléitear na staidéir seo níos mó i mBosca Mínithe 6 i gCaibidil 6.

5.45 I mí na Nollag 2018, d'fhoilsigh ComReg a Straitéis um Bainistíocht Speictrim Raidió do 2019 to 2021[95]. Leagann an straitéis seo amach tosaíochtaí agus plean oibre ComReg suas go 2021, agus i measc na n-ábhar eile inti, tá na hábhair phlean oibre seo a leanas:

- Na moltaí bhronnadh ilbhanda a fhorbairt agus críoch a chur leo d'eisiúint na gceart speictrim le haghaidh seirbhísí leathanbhanda gan sreang (idir leathanbhanda móibíleach agus seasta) a sholáthar;
- Na bearta riachtanacha a dhéanamh leis na teicneolaíochtaí Inneall go hInneall a sholáthar sna bandaí minicíochta MHz agus 1800 MHz;
- Machnamh a dhéanamh ar na bandaí minicíochta 130 – 134 GHz, 141 – 148.5 GHz, 151.5 – 164 GHz agus 167 – 174 GHz a oscailt le ceadúnú na nasc seasta trastíre a éascú; agus
- Críoch a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin ar bhronnadh féideartha na gceart úsáide ar an mbanda 400 MHz.

## UIMHRIÚ

5.46 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019 ComReg, d'aithin ComReg roinnt eochair-thograí maidir le huimhriú:

- **Plean Uimhrithe:** feidhm bainistíochta phlean uimhrithe leanúnach a sholáthar le go leor uimhreacha a chur ar fáil ar bhonn comhionann agus soiléir do na soláthraithe seirbhíse go léir a mbeidh siad de dhíth orthu.
- **Coinníollacha Uimhrithe:** na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe agus an Próiseas Iarratas a uasdátú in 2017 agus gach 2 bhliain tar éis sin ar a laghad.
- **Uimhriú do Sheirbhísí Móibíleacha, OTT agus M2M:** athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an uimhriú do sheirbhísí móibíleacha, OTT agus M2M in 2017, agus an aidhm a bheidh ann, tacú le seirbhísí nuálaíochta nua, (go háirithe seirbhísí idirnáisiúnta M2M), gan an gá le huimhir ar bith a athrú d'úsáideoirí deiridh na seirbhísí móibíleacha atá ann faoi láthair.

5.47 Foilsíodh réimse doiciméad a bhain le huimhriú ó foilsíodh an Straitéis ECS Chúig Bliana. Ina measc bhí an tuarascáil thréimhsiúil ar uimhriú[96], agus ar na Coinníollacha Úsáide Uimhrithe agus an Próiseás Iarratas,

[94] Doiciméid 18/103, 18/103a 18/103b, 18/103c, agus 18/103d

[95] ComReg 18/118. Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim Raidió 2019 go 2021. Ar fáil ag https://www.comreg.ie/publication/radio-spectrum-management-strategy-statement-2019-to-2021/

[96] ComReg 17/96

a leasaíodh tar éis phróiseas comhairliúcháin[97].

5.48 Tá na seirbhísí Inneall go hInneall ag éirí níos coitianta, agus is dócha gurb iad uimhreacha na haitheantóirí uilíocha is coitianta fós san am atá le teacht. Thar 2017 agus 2018, rinne ComReg athbhreithniú ar an scéim uimhrithe fhadtéarmach do sheirbhísí móibíleacha agus, tar éis comhairliúcháin, d'oscail sé an réimse uimhreacha 088 do sheirbhísí inneall go inneall[98].

5.49 In 2018, chríochnaigh ComReg a athbhreithniú ar uimhreacha neamhthíreolaíocha ('NGN') sna réimsí uimhreacha 1800, 1850, 1890, 0818 & 076[99] fosta. Thug cinneadh ComReg dhá bheart isteach le tabhairt faoin gcostas lena leithéid seo d'uimhreacha a úsáid agus le tabhairt faoin mearbhall a bhí ar thomhaltóirí faoi na difríochtaí idir na huimhreacha. Is í an phríomhfhadhb í nach féidir le tomhaltóirí idirdhealú a dhéanamh idir na NGNanna éagsúla agus nach bhfuil a fhios acu ar, nó nach féidir leo na táillí miondíola ar ghlaonna a chur ar NGNanna éagsúla a mheas. Bhí "suaitheadh bille" ar a lán tomhaltóirí ag am éigin nuair a chuir siad glao ar NGN. Tarlaíonn sé seo nuair gur féidir leis na táillí miondíola bheith ard, go háirithe nuair a chuirtear glao ó fhón móibíleach. Ní chuirtear an chuid is mó de na glaonna NGN san áireamh sa "gnáthbheart míosúil de nóiméid ghlaonna" a sholáthraíonn na hoibreoirí teileachumarsáide Éireannacha.

5.50 I measc na n-athruithe a thabharfaidh ComReg isteach beidh:

- **Coinníoll Geo-nasctha**: ó 1 Nollaig 2019, ní chosnóidh glao a chur ar 1850, 1890, 0818 nó ar 076 NGN níos mó ná an costas ar ghlao a chur ar uimhir líne talún. Ciallaíonn sé seo má bhíonn glaonna líne talún sa "beart de nóiméid ghlaonna" s'agatsa, beidh glaonna NGN "sa bheart" fosta. Ní bheidh táille ar leith as glao NGN ar bith (mura mbeidh do bheart de nóiméid ghlaonna caite agat).
- **Tabhairt le Chéile NGN:** Ó Eanáir 1 2022, ísleofar na cúig réimse NGN go dhá cheann. Aistharraingeofar na réimsí 1850, 1890, 076 ach beidh an 1800 (Saorghlao) agus an réimse 0818 ann fós. Tabharfaidh an tréimhse 3 bliana seo am do na heagraíochtaí atá ag úsáid NGN le ullmhú.

5.51 D'fhoilsigh ComReg a phlean achoimre agus na céimeanna eile leis an Ardán NGN Nua[100] a chur i bhfeidhm ar 4 Eanáir 2019. Cuireann sé seo réamh-mholtaí ComReg in iúl ar an dóigh ar féidir le ComReg agus earnáil na tionsclaíochta cur i bhfeidhm rathúil na bhfeabhsuithe ar an ardán NGN[101] a chomhordú.

[97] ComReg 18/44

[98] ComReg 18/46

[99] ComReg 18/106

[100] ComReg 19/01

[101] Tá siad seo do na hoibreoirí sin a dtéann siad i bhfeidhm orthu go príomhá le machnamh a dhéanamh orthu. Do na heagraíochtaí a úsáideann NGNanna faoi láthair, ('Soláthraithe Seirbhíse' nó 'SPanna'), molann ComReg go ndéanfadh an t-oibreoir atá i mbun seirbhíse faoi láthair teagmháil lena gcustaiméirí SP féin go díreach leis sonraí ar na hathruithe, agus comhairle a thabhairt ar na chéad chéimeanna eile a bheadh le déanamh.

5.52 Glacann ComReg páirt i roinnt fóram uimhrithe idirnáisiúnta fosta, ina measc, Grúpa Oibre CEPT ECC, Sainghrúpaí Oibre BEREC agus i gCeardlanna EC ar cheisteanna uimhrithe.

**AG ATHRÚ**

5.53 Ní bhraitheann iomaíocht éifeachtach sna margaí cumarsáide leictreonaí ar mhachnaimh soláthair bainteach le héascaíocht na hiontrála sna margaí, nó  ar ionchuir riachtanacha a chur ar fáil, amháin. Braitheann iomaíocht éifeachtach ar fhachtóirí éilimh fosta, mar atá leagtha amach i Spriocanna 1 agus 2 thuas, agus go príomha ar chumas agus ar thoilteanas custaiméirí soláthraithe a athrú mar fhreagairt do bheart níos fearr sa mhargadh, cé acu atá nó nach bhfuil siad ag athrú go soláthraí eile nó ag athrú go tairiscint nó beart eile soláthraithe ag an soláthraí atá acu faoi láthair.

5.54 Mar chuid dá athbhreithniú ar an Straitéis ECS Chúig Bliana, tháinig ComReg ar an tuairim gur chóir go mbogfaí an sprioc a bhain le hathrú (Sprioc 7), go dtí an Rún Straitéiseach a chlúdaíonn ceisteanna um Chosaint Tomhaltóirí mar go n-ailíneoidh sí níos fearr le feidhmeanna ComReg a bhaineann le cearta tomhaltóirí. Aithníonn ComReg áfach gurb í an iomaíocht príomhspreagthóir roghanna tomhaltóirí í.

5.55 Is í an dara rún straitéiseach ardleibhéil atá ag ComReg gur féidir le tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach. Tugtar achoimre air seo sa chéad chaibidil eile.

06

# COSAINT AGUS FAISNÉIS A THABHAIRT DO THOMHALTÓIRÍ

## RÉAMHRÁ


6.1 Is é an dara rún straitéiseach atá ag ComReg gur féidir le **tomhaltóirí seirbhísí cumarsáide a roghnú agus a úsáid go muiníneach.** Leagann an Chaibidil seo spriocanna straitéiseacha ComReg amach a bhaineann le cosaint agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí leis an rún ardléibhéil seo. Is í an aidhm atá againn ná bheith mar ionadaí éifeachtach do thomhaltóirí agus sainionchur a sholáthar ar cheisteanna a bhfuil tionchar acu ar an dóigh a bhfeidhmíonn na margaí ar son na dtomhaltóirí.

6.2 Cuireann ár straitéis um chosaint tomhaltóirí béim ar ról na cinnteoireachta láneolaí, agus tá trí eilimint aici a thagann ar an iomlan le eispéireas tomhaltóra ag breathnú ar an margadh (déantar cur síos air seo i bhFíor 12 thíos):

- **Tomhaltóirí a ullmhú don chinneadh ceannacháin:** Le faisnéis chuí agus shásúil a thabhairt do thomhaltóirí chun cabhrú leo agus iad ag roghnú agus ag úsáid seirbhísí cumarsáide leictreonaí, tá sé riachtanach go dtuigimid a n-iompair agus na rudai is fearr leo.
- **Rochtain ar agus ag úsáid táirgí agus seirbhísí:** Déanann ComReg monatóireacht ar na hoibreoirí cumarsáide leictreonaí agus na hoibreoirí seirbhíse ardráta le cinntiú go gcloíonn siad lena n-oibleagáidí. Tá ár straitéis leagtha amach le cinntiú go bhfuil rochtain ag tomhaltóirí ar bhunsheirbhísí agus go bhfuil bearta cuí, ar leith i bhfeidhm lena gcosaint agus le cinntiú go seastar lena gcearta, maidir le, inter alia, ag athrú, conarthaí, usáid seirbhíse agus billeáil
- **Gearáin thomhaltóirí agus ceartú:** Le go mbeidh muinín ag tomhaltóirí as earnáil na cumarsáide leictreonaí, caithfear rochtain bheith acu ar phróiseas réitigh a thugann faoin gcumhacht dhifreálach idir oibreoir mór agus an duine aonair. Is í straitéis ComReg le cinntiú go mbeidh meicníochtaí éifeachtacha ceartaithe ag tomhaltóirí. Thar an tréimhse atá le teacht beimid ag iarraidh ar oibreoirí agus na híoschaighdeáin a fheabhsú sa déileáil le gearáin agus meicníochtaí achrainn eile a fheabhsú, de réir mar is cuí.

6.3 Is í an aidhm atá againn bheith mar ionadaí éifeachtach do thomhaltóirí agus sain-ionchur a thabhairt ar cheisteanna a bhfuil éifeacht acu ar an mbealach a fheidhmíonn margaí dá gcustaiméirí.

**Fíor 12: Turas na dTomhaltóirí**




## 02

## RÚN STRAITÉISEACH 2: IS FÉIDIR LE TOMHALTÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CUMÁRSÁIDE A ROGHNÚ AGUS A ÚSÁID GO MUINÍNEACH.

**Cad é an chuma atá air seo?**

- Seirbhísí riachtanacha agus bunaidh ar fáil dúinn go léir de réir mar a athraíonn an teicneolaíocht
- Cosnaítear úsáideoirí leochaileacha
- Cumhachtaítear tomhaltóirí trí fhaisnéis shoiléir agus shásúil agus trí réiteach éifeachtach
- Caitheann soláthraithe Seirbhísí ECS agus Ardráta (PRS) le tomhaltóirí go cothrom
- Faigheann tomhaltóirí na seirbhísí atá ina gconradh agus dá n-íocann siad

## COMHCHEISTEANNA NA DTOMHALTÓIRÍ

6.4 Mar a nótáladh i Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, tá Líne Tomhaltóirí thiomnaithe[102] ag ComReg le ceisteanna a fhreagairt agus le gearáin ó thomhaltóirí a bhaineann le Soláthraithe ECS agus PRS[103] a láimhseáil.

6.5 Léiríonn Fíor 13 thíos mionbhreacadh síos an méid teagmhála a rinneadh le líne Tomhaltóirí ComReg maidir le ceisteanna agus gearáin agus ag na margaí ECS agus PRS. Is fiú nótáil nár chúis le gearán foirmiúil gach ceist ó thomhaltóirí a tháinig chun cinn. In R4 2018, ba cheisteanna seachas gearáin 89.5% de na hábhair a láimhseáil Líne Tomhaltóirí ComReg. Léiríonn an graf seo gur go raibh an méid ceisteanna sna sé bliana déanacha idir 15,000 agus 25,000 an bhliain[104], cé go raibh méid na ngearán faighte idir 5,000 agus 10,000 an bhliain. Thar an tréimhse seo, tá an treocht i gcúrsaí gearán chuig ComReg anuas go ginearálta maidir le ECS, a léiríonn go bhfuil na gearáin á réiteach ag soláthraithe an chéad uair de réir a gCóid Chleachtais. Ar a bharr sin, nuair a mholtar do thomhaltóirí a dhéanann teagmháil le Líne Chúraim Tomhaltóirí ComReg le ceist ECS, gearán a dhéanamh lena soláthraí (de réir Chód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin), tá na ceisteanna seo á réiteach gan idirghabháil uainn le déileáil le gearáin.

6.6 Léiríonn Fíor 14 thíos mionbhreacadh síos de na ceisteanna agus na gearáin a fuarthas thar tréimhse ama. Baineann ceisteanna PRS le 9k de na ceisteanna faighte. Den méid iomlán 16k de na ceisteanna ECS, is iad billeáil, ábhair conartha agus seirbhíse na príomhréimsí a luann tomhaltóirí go fóill. Ta sé soiléir gur ceisteanna fosta catagoirí eile, go háirithe ag athrú, suiteáil agus seirbhís chustaiméara.

IN R4 2018, BA CHEISTEANNA SEACHAS GEARÁIN 89.5% DE NA HÁBHAIR A LÁIMHSEÁIL LÍNE TOMHALTÓIRÍ COMREG.





102 Is féidir teagmháil a dhéanamh le Líne Tomhaltóirí ComReg trí r-phost, SMS nó foirm ar líne a chur, trí chomhrá a dhéanamh ar líne, nó tríd an ngnáthphost.

103 Tuairiscíonn ComReg faisnéis ar staitisticí na líne tomhaltóirí ar bhonn ráithiúil. Ar fáil ag: www.comreg.ie/publications/


104 In 2017/18, fuair Líne Tomhaltóirí ComReg 65,000 teagmháil indibhidiúil, a bhain le thart ar 25,000 ceist agus gearán.

**Fíor 13: Líne Tomhaltóirí ComReg – Ceisteanna agus Gearáin**




**Fíor 14: Miondealú de na Ceisteanna & Gearáin (PRS agus ECS)**



## TURAS NA DTOMHALTÓIRÍ

### AG ULLMHÚ TOMHALTÓIRÍ DON CHINNEADH

6.7 Is táirgí coimpléascacha táirgí agus seirbhísí teileachumarsáide, rud a chiallaíonn gur féidir le cinnteoireacht bheith ina thasc deacair do thomhaltóirí. Mar go gcuirtear seirbhísí i mbearta ar dhóigheanna nua agus éagsúla, ní fhéadfadh tomhaltóirí an rogha 'geilleagrach, réasúnta', a bheadh de dhíth, a dhéanamh i gcónaí.

6.8 Le feidhmiú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha caithfidh tuiscint dhomhain ar thuras na dtomhaltóirí bheith ag ComReg agus bheith ar fáil le faisnéis agus comhairle a thabhairt do thomhaltóirí cinntí eolacha a dhéanamh. Sa Straitéis ECS Chúig Bliana leagamar amach sprioc ghinearálta faoi chinntiú go mbeidh bacanna ísle ar thomhaltóirí athrú a dhéanamh, agus dhá Sprioc a bhaineann le tuiscint ar, agus faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí:

**SPRIOC 7**

Tá baic ísle ann do thomhaltóirí agus iad ag déanamh a roghanna[105].

**SPRIOC 8**

Tuigeann ComReg riachtanais, roghanna, iompar agus tuairimí forbartha na dtomhaltóirí.

**SPRIOC 9**

Beidh rochtain ag na tomhaltóirí go léir, úsáideoirí leochaileacha san áireamh, ar fhaisnéis shoiléir agus shásúil a éascóidh roghanna eolasacha.

6.9 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanálamar roinnt eochairthograí:

- **Taighde Margaidh:** Bhí rún againn taighde margaidh rialta a dhéanamh le roghanna, iompair agus tuairimí athraitheacha tomhaltóirí a thuiscint. Ina theannta sin, bhí rún againn taighde a dhéanamh ar eispéireas tomhaltóirí den chlúdach móibíleach.
- **Painéil chomhairleacha:** Bhí rún ag ComReg painéil a reáchtáil le léargais ar cheisteanna tomhaltóirí a fháil, ceisteanna do dhaoine le míchumais san áireamh.
- **Sonraí gearán:** Mar aon le staitisticí a bhaineann lenár Líne Tomhaltóirí a fhoilisiú, bhí rún againn anailís a dhéanamh ar shonraí ó ghearáin agus ó cheisteanna faighte le tuiscint níos fearr bheith againn ar thuras na dtomhaltóirí agus ar threocht ar bith a tháinig chun cinn.
- **Ár láithreacht ar líne:** Nótálamar gur nuashonraíodh ár suíomh gréasáin go mór in 2016 agus bhí rún againn feidhmiúlacht nua a chur leis an suíomh gréasáin, uirlis san áireamh a ligfidh do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir praghsanna agus bearta ó sholáthraithe ECS.

105 Bogadh an Sprioc seo ón gCaibidil ar Iomaíocht go dtí an Chaibidil faoi Chosaint Tomhaltóirí, tar éis athbhreithnithe ar na Rúin Straitéiseacha agus ar na Spriocanna bainteacha a leagadh amach sa Straitéis ECS Chúig Bliana, a foilsíodh in 2017.

- **Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin:** Bhí rún againn Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin a fhoilsiú agus cinntiú go mbeidh níos mó faisnéise ag tomhaltóirí faoin gcód cleachais agus faoin bpróiseas ceartaithe.
- **Neodracht Idirlín:** Bhí rún againn cinntiú go gcloíodh soláthraithe seirbhíse go hiomlán lena n-oibleagáidí maidir le neodracht idirlín.
- **An Margadh Móibíleach:** Bhí rún ag ComReg tástálacha a dhéanamh ar íogaireacht ghléasanna láimhe leis an gcaidreamh idir feidhmíocht aeróige agus clúdach líonra a scrudú, léarscáil ar an gclúdach náisiúnta a fhoilsiú fosta. Ligfidh sé seo do thomhaltóirí an soláthraí líonra a riarann níos fearr dá riachtanas san áit n-oibríonn siad agus ina bhfuil siad ina gcónaí, a roghnú.

6.10 Déanann ComReg monatóireacht ar mhéid an athraithe a tharlaíonn sna Margaí ECS trí shuirbhéanna taighde ar thomhaltóirí a dhéanamh. Trínár ngníomhaiochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, rinneamar iarracht chinntiú nach mbeadh tomhaltóirí faoi mhíbhuntáiste de dheasca cleachtas éagothrom nó mídhlíthiúil a chuirfeadh teorainn ar thomhaltóirí ag athrú. Lena chois sin, in 2017, sheol ComReg a uirlis chomparáid praghsanna nuashonraithe,[106] le bealach muiníneach a chur ar fáil do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir an méid tairiscintí atá ar an margadh, na gléasanna láimhe atá ar fáil san áireamh. Rinneamar píosaí éagsúla de thaighde margaidh le tuiscint níos fearr bheith againn ar eispéireas tomhaltóirí sa phróiseas le hathrú a dhéanamh.

6.11 Thar dhá bhliain anuas, chuir ComReg lena thuiscint ar cheisteanna a bhaineann le hiompar tomhaltóirí. Comh maith le suirbhéanna tomhaltóirí agus gnó éagsúla a dhéanamh, rinne ComReg iarracht teicnící taighde nua a iniúchadh leis na bunchúiseanna le hiompar tomhaltóirí a scrúdú. Leanamar ar aghaidh lenár dtaighde leis an Institiúid um Thaighde Geilleagrach agus Sóisialta ('ESRI') maidir le hiompar athraithe mar chuid dá chlár Price Lab. Lena chois sin, oibrímid leis an ESRI, i gcomhar le DCCAE chun taighde a dhéanamh ar na margaí teileachumarsáide.

6.12 Mar aon le taighde margaidh, d'iarr ComReg ar an bPainéal Comhairleach um Tomhaltóirí[107] léargas a fháil ar na ceisteanna atá ag tomhaltóirí agus le comhairle a thabhairt ar fhorbairtí, nuálaíochtaí agus ar ábhair buairimh tomhaltóirí. Reáchtálamar ceardlanna tréimhsiúla fosta ar ábhair a bhain le ceisteanna míchumais. Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaimid ar aghaidh casadh ar an bPainéal Comhairleach um Thomhaltóirí agus le grúpaí ionadaíocha chun cinntiú go leanfaidh ComReg léargais a fháil ar na ceisteanna seo fós.

106 www.comreg.ie/compare

107 Tá sonraí ar Phainéal Comhairleach Tomhaltóirí ComReg ar fáil anseo - https://www.comreg.ie/engagement/consumer-advisory-panel/

108 Tá na sonraí leagtha amach anseo - https://www.comreg.ie/code-practice-handling-complaints/

6.13 Thug ComReg Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin[108] nua isteach in 2017, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2018. Leagann an Cód seo amach na híosriachtanais do chóid chleachtais um dhéileáil le gearáin Sholáthraithe Seirbhíse chun cabhrú le tomhaltóirí agus gearán á dhéanamh acu.

6.14 D'eisigh ComReg Cinneadh[109] i mí Feabhra 2018 ag éileamh ar sholáthraithe seirbhíse móibílí áis a chur ar fáil, ó 1 Eanáir 2019, chun ligean dá síntiúsóirí bac a chur ar sheirbhísí Ardráta. Ní mór do sholáthraithe seirbhíse móibílí a síntiúsóirí a chur ar an eolas faoin áis seo.

6.15 D'eisigh ComReg Cinneadh[110] i mí Eanáir 2018 maidir le faisnéis a sholáthar i dtaca le cúltaca cadhnra i ngcás seirbhísí seasta ar líonraí neamhPSTN.

6.16 D'uireasa na gcumhachtaí dlíthiúla, ní dhearna ComReg gníomhaíocht forfheidhmithe ar bith i dtaca le Neodracht Idirlín. A luaithe agus a bheidh na cumhachtaí dlíthiúla ag ComReg, beimid ábalta gníomhaíochtaí forfheidhmithe a dhéanamh, de reir mar a iarrfar orainn.

6.17 Ag an am céanna agus a bhí ComReg páirteach sa Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda (Bosca Mínithe 4), tharla roinnt gníomhaíochtaí ó Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019 (agus ón Ráiteas Straitéise um Bainistíocht Speictrim Raidió) a bhaineann le gléasanna láimhe agus le clúdach móibíleach. Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinne ComReg réimse tástálacha ar ghléasanna láimhe a bhfuil tóir orthu sa mhargadh Éireannach agus d'fhoilsigh sé a dtorthaí[111]. Chlúdaigh na tástálacha seo guthghlaonna agus sonraí agus an éifeacht a d'fhéadfadh bheith ag ábhair thógála ar an bhfeidhmíocht mhóibíleach laistigh.

6.18 I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh ComReg a léarscáil den Chlúdach Móibíleach ar a shuíomh gréasáin (www.comreg.ie/coveragemap). Tá sampla den léarscáil i bhFíor 15 thíos.

6.19 Bainteach le Spriocanna 7, 8 agus 9, thar an tréimhse atá le teacht tá rún ag ComReg:

- **Léarscáil den Chlúdach**: Tá rún ag ComReg gnéithe nua a chur leis an léarscáil den Chlúdach Móibíleach ar a shuíomh gréasáin thar am chun cur leis an méid seirbhísí atá sé ag soláthar dá chuid tomhaltóirí.
- **Taighde**: Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg cur lena thuiscint ar iompar tomhaltóirí agus ar na fáthanna a n-athraíonn siad, agus trí thaighde a dhéanamh go inmheánach agus i gcomhar le saineolaithe, an ESRI san áireamh. Nuair is cuí é, mar thoradh ar ghearáin ó thomhaltóirí agus ar thograí eile, beimid ag iarraidh cinntiú gur féidir le tomhaltóirí a roghanna a dhéanamh ar bhealach tráthúil.

[109] "Selective Barring Response to Further Consultation 15/125 and Final Decision", Feabhra 2018: https://www.comreg.ie/publication/selective-barring/


[110] Requirements regarding Battery Back-up and information for Fixed Voice Services over non Public Switched Telephone Networks" Eanáir 2018 https://www.comreg.ie/publication/requirements-regarding-battery-back-information-fixed-voice-services-non-public-switched-telephone-networks/

[111] Doiciméid ComReg 18/05, 18/82, 18/84 agus 18/109

- **Taighde Margaidh**: Le forbairt a dhéanamh ar ár suirbhé faoi eispéireas móibíleach tomhaltoirí in 2017, tá rún ag ComReg staidéar ar eispéireas móibíleach tomhaltóirí a choimisiúnú in 2019. Ina theannta sin, in 2019, cuirfimid tús le staidéar a dhéanamh ar mhuinín tomhaltóirí le seirbhísí ECS a roghnú agus a úsáid.

- **Tástáil a Dhéanamh ar Ghléasanna Móibíleacha**: Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg leanstan ar aghaidh feidhmíocht na gcineálacha agus na saghasanna nua gléasanna móibíleacha a chuirfear ar fáil ar an margadh Éireannach do ghuthghlaonna agus sonraí a thomhas, agus a leithéid seo de

**Fíor 15: Léarscáil den Chlúdach Móibíleach – www.comreg.ie/coveragemap**



thomhais a fhoilsiú de réir mar a bheidh siad ar fáil. Tá níos mó sonraí leagtha amach sa Straitéis um Bainistíocht Speictrim Raidió 2019-2021.

- **Teagmháil le Tomhaltóirí**: Thar an dá bhliain dhéanach anuas, leathnaigh ComReg a theagmháil le tomhaltóirí nuair a d'fhoilsigh sé faisnéis ar shuíomh gréasáin ComReg agus ar uirlis comparáide ar luachanna, trí fheachtais ar na meáin shoisialta, margaíocht dhigiteach agus thraidisiúnta, imeachtaí líonraithe agus imeachtaí for-rochtana. Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg é seo a choinneáil agus a theagmháil le tomhaltóirí a leathnú a thuilleadh trí straitéis cumarsáide thráthúil agus ábhartha um thomhaltóirí a fhorbairt, féiniúlacht/branda ComReg ina measc, a chuirfidh teachtaireachtaí dírithe ar fáil trí ilchainéil.
- **Ábhair Eile**: I mí na Samhna 2018, d'eisigh ComReg a chinneadh maidir le réiteach foirmiúil ar dhíospóidí[112], a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2019.

## ROCHTAIN AR AGUS AG ÚSÁID TÁIRGÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

6.20 A luaithe agus atá faisnéis léirsteanach agus shásúil ag tomhaltóirí le cinneadh ceannachta a dhéanamh, ní mór tacaíocht bheith ann dóibh le cinntiú go mbeidh na táirgí agus na seirbhísí oiriúnach dá bhfeidhm. Mar a bhí leagtha amach i Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, tá roinnt beart um chosaint tomhaltóiri i bhfeidhm maidir le hoibleagáid seirbhíse uilíche do ghuth ag áit sheasta, rochtain ar sheirbhísí glaonna éigeandála agus bearta maidir le comhionannas rochtana agus rogha d'úsáideoirí deiridh míchumasacha. I dteannta na mbuncheart seo, téann an chosaint chun sochair tomhaltóirí maidir le ceannach, cead a thabhairt, ag athrú, conarthaí, ag úsáid seirbhísí, billeáil agus ceartú gearáin.

6.21 Tá feidhmeanna ag ComReg fosta a bhaineann le feidhmiú Sheirbhísí um Dhéileáil le Glaonna Éigeandála na hÉireann, ina measc, monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán na seirbhíse soláthraithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar na huastháillí um dhéileáil le glaonna a ghearrann soláthraithe ECAS ar oibreoirí.

6.22 Sa chomhthéacs seo, leag Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg an sprioc seo a leanas amach a bhain le cearta tomhaltóirí:

**SPRIOC 10**

Seasann a soláthraí seirbhíse le cearta tomhaltóirí i rith a dturais.

[112] Doiciméad ComReg 18/104

[113] Bogadh an Sprioc seo ón gCaibidil ar Infheistíocht go dtí an Chaibidil faoi Chosaint Tomhaltóirí, tar éis athbhreithnithe ar na Rúin Straitéiseacha agus ar na Spriocanna bainteacha a leagadh amach sa Straitéis ECS Chúig Bliana, a foilsíodh in 2017.

6.23 Tar éis athbhreithnithe ar Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana, bogadh an Sprioc seo a leanas ón rún Infheistíochta go dtí an rún um Chosaint Tomhaltóirí:

**SPRIOC 11**

USO a chur i bhfeidhm le cinntiú go bhfuil seirbhísí bunúsacha ar fáil, mar is cuí[113].

6.24 I Straitéis ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

- **Ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh**: Tá rún againn leanstan ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhíse ag cloí le réimse oibleagáidí maidir le cearta tomhaltóirí agus na Rialacháin Fánaíochta leasaithe.
- **Uimhriú Neamhthíreolaíoch**: Táimid tiomanta d'athbhreithniú ar uimhreacha neamhthíreolaíocha a chríochnú le praghsanna réasúnta a chinntiú do thomhaltóirí.
- **Ag déanamh monatóireachta ar Neodracht Idirlín**: Bhí rún againn clár monatóireachta agus comhlíonta do chúrsaí neodrachta idirlín a chur i bhfeidhm de réir ár gcumhachtaí.
- **USO**: Bhí rún againn machnamh a dhéanamh ar iarratas ar bith ó Eir maidir leis an gcostas glan lena oibleagáidí USO a chomhlíonadh agus le cinneadh a dhéanamh ar cé acu a bhí ualach éagothrom ar Eircom nó nach raibh, ina bhféadfaí meicníocht roinnte seirbhíse uilíche a bhunú. Nótáil ComReg go ndéanfadh sé athbhreithniú ar an sonrú USO um Rochtain ar Láthair Sheasta ('**AFL**') tar éis bhronnadh chonradh an NBP. I gcomhthéacs bainteach, tá rún ag ComReg iniúchadh a dhéanamh ar cheist riachtanais FIA an leathanbhanda ardluais agus ar cé acu atá sonrú USO de dhíth in Éirinn nó nach bhfuil.

6.25 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinne ComReg monatóireacht ghníomhach ar chomhlíonadh na soláthraithe seirbhíse agus rinne sé roinnt gníomhaíochtaí in aghaidh soláthraithe seirbhíse, de réir mar a bhí sé riachtanach. Mar aon leis an monatóireacht ghníomhach ar oibleagáidí, déanann ComReg anailís ar shonraí ó ghearáin a fuarthas tríd an Líne Chúraim do Thomhaltóirí le cinntiú go seastar le cearta tomhaltóirí i rith thuras na dtomhaltóirí. Maidir leis na Rialacháin Fánaíochta leasaithe, déanann ComReg monatóireacht ghníomhach ar an dóigh a bhfuil na soláthraithe seirbhíse ag cur na réime 'Roam like at Home' i bhfeidhm ó tugadh isteach é in 2017, agus rinne sé gníomhaíocht fhorfheidhmithe chuí fosta. Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh ag déanamh monatóireachta gníomhaí ar na soláthraithe seirbhíse ag cloí lena n-oibleagáidí agus déanfaidh sé gníomhaíocht/réiteach nuair is cuí é.

6.26 Chríochnaigh ComReg a athbhreithniú ar na huimhreacha tíreolaíocha in 2018. Déanfaidh na hathruithe a thabharfar isteach in 2019 cinnte nach gcosnóidh sé níos

mó ná an méid a bheidh i gceist le glao a chur ar ghnáthuimhir líne talún, glao a chur ar uimhir 1850, 1980, 0818 nó 076 ar bith agus cuirfear a leithéid seo de ghlaonna isteach in 'beart de nóiméid ghlao' ar bith. Ina theannta sin, thar na trí bliana atá le teacht, tá rún ag ComReg méid na réimsí uimhreacha tíreolaíocha a ísliú ó chúig cinn go dhá cheann, ar an dóigh sin simpleofar agus ísleofar costas na n-uimhreacha tíreolaíocha do thomhaltóirí.

6.27 Mar a nótáladh thuas, maidir le Neodacht Idirlín, d'uireasa na gcumhachtaí dlíthiúla, ní dhearna ComReg gníomhaíocht fhorfheidhmithe ar bith i dtaca le Neodracht Idirlín. Tá ullmhúcháin theicniúla déanta againn agus cuirfimid clár monatóireachta agus comhlíonta do chúrsaí neodrachta idirlín i bhfeidhm a luaithe agus a bheidh na cumhachtaí dlíthiúla riachtanacha ag ComReg.

6.28 Cuireann Treoir agus Rialacháin na Seirbhse Uilíche an phríomhfhreagracht ar ComReg soláthar íosmhéid seirbhísí teileachumarsáide sa Stát a chinntiú. In Iúil 2016, d'ainmnigh ComReg Eircom mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíche ('**USP**') suas go Meitheamh 2021[114].

6.29 Mar chuid den athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana, chinn ComReg go raibh sprioc bhreise ag teastáil le cinntiú go mbeadh cearta do chosaint tomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh míchumasacha san áireamh, sásúil leis an dochar do thomhaltóirí a mhaolú.

6.30 Ní fhéadfadh iomaíocht feidhmiú ar mhaithe le tomhaltóirí go hiomlán i gcónaí. Dá dheasca sin, d'fhéadfadh dochar bheith déanta do thomhaltóirí mar gheall ar na lochtanna sa mhargadh (féach ar Bhosca Mínithe 1). Ní fhéadfadh comhlachtaí an cur chuige ceart a dhéanamh i gcónaí ar

TÁ RÚN AG COMREG MÉID NA RÉIMSÍ UIMHREACHA TÍREOLAÍOCHA A ÍSLIÚ Ó **CHÚIG** CINN GO **DHÁ** CHEANN



[114] Cinneadh ComReg D05/16. Doiciméad 16/65.

mhaithe le tomhaltóirí. Braitheann iomaíocht éifeachtach ar fhachtóirí éilimh agus go príomha, ar ábaltacht agus ar thoilteanas custaiméirí soláthraithe a athrú mar fhreagairt do mhargadh níos fearr sa mhargadh.

6.31 Mar a nótáladh thuas, tá réimse meicníochtaí ag ComReg le heispéireas níos fearr a chur ar fáil do thomhaltóirí.

6.32 Mar sin féin go bhfuil cearta bearta um chosaint tomhaltóirí ann a théann chun sochair do agus a chosnaíonn tomhaltóirí, d'fhéadfadh riosca bheith ann go ndéanfaí dochar do thomhaltóirí mar nach bhféadfadh an chosaint seo bheith sásúil go leor le suimeanna tomhaltóirí a chosaint mar gheall ar mhargadh a athraíonn níos gaiste agus ar iompar tomhaltóirí. Le heasnamh ar bith sa phróiseas iomaíochta nó sna dreasachtaí tráchtála chun seirbhísí ar leith a sholáthar, d'úsáideoirí deiridh míchumasacha san áireamh, a cheartú, is féidir le ComReg, de réir mar is cuí é, a chuid cumhachtaí a úsáid le hidirghabháil a dhéanamh a chabhroidh le torthaí do thomhaltóirí a fheabhsú agus le cinntiú go bhfeidhmeoidh na margaí go héifeachtach do thomhaltóirí.

6.33 Mar sin de, tá Sprioc nua ann:

**SPRIOC 12**

Cinntiú go mbeidh cearta agus cosaint do thomhaltóirí, d'úsáideoirí deiridh míchumasacha san áireamh, sásúil leis an dochar do thomhaltóirí a mhaolú.

6.34 Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg na rudaí seo a leanas a dhéanamh atá bainteach leis na trí sprioc thuas:

- **Ag déanamh monatoireachta ar chomhlíonadh**: Tá rún againn leanstan ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthraí seirbhíse ag cloí le réimse oibleagáidí maidir le cearta tomhaltóirí agus na Rialacháin Fánaíochta leasaithe.

- **Athbhreithniú ar Shuaitheadh Bille**: Tá rún ag ComReg Iarraidh ar Ionchuir leis an riachtanas féideartha a thuiscint do bhearta ar son úsáideoirí deiridh le bheith ábalta an costas ar sheirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí d'úsáideoirí deiridh a stiúradh. Ba mhaith le ComReg tuiscint níos fearr bheith aige ar cheist na mbillí arda nach mbeifí ag súil leo, mar sin de, táimid ag iarraidh ar pháirtithe leasmhara a n-eispéiris a roinnt linn. Tá cosaint ann do thomhaltóirí cheana féin i dtaca le smacht ar chaiteachas. Tá roinnt rialacha áirithe ann fosta a thugann cosaint do thomhaltóirí nuair atá siad ag taisteal i dtíortha eile san AE. Déanfaidh ComReg machnamh ar na freagraí go léir don Iarraidh ar Ionchuir seo, agus ar an bhfaisnéis a gheobhfar ó na Soláthraithe Cumarsáide, le go mbeidh tuiscint níos fearr aige ar na ceisteanna a bhaineann le suaitheadh bille tí féideartha. D'fhéadfadh ComReg tuilleadh comhairliúchán a dhéanamh ar cheist ar bith a bheas aitheanta le tabhairt fúithi, agus ar cé acu a bheidh nó nach mbeidh cás ann le haghaidh idirghabhála a

chinnteoidh go mbeidh cosaint ar thomhaltóirí.

- **Athbhreithniú ar an ráiteas um rochtain do dhaoine faoi mhíchumas**: Le cinntiú go léiríonn na bearta atá i bhfeidhm d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas forbairtí sna margaí agus go leanann siad le riaradh do riachtanais na dtomhaltóirí fós.
- **Ag déanamh monatóireachta ar Neodracht Idirlín**: Leanfaidh ComReg ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh i dtaca le táirgí agus seirbhísí rátála nialasaí. Ina theannta sin, tá ComReg ag obair lena chomhghleacaithe in BEREC maidir lena chláir ar an idirlíon oscailte.
- **USO**: Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh faisnéis ar fheidhmíocht Chaighdeán Seirbhíse USO Eir a fhoilsiú agus measúnuithe a dhéanamh ar iarratais Eir le haghaidh maoinithe do USO thar an tréimhse sin atá le teacht. Ina theannta sin, cuirfidh ComReg tús le hathbhreithniú 3 mhí tar éis don Roinn a próiseas bhonnadh conartha NBP a chríochnú. Tar éis an athbhreithnithe, cinnfidh ComReg más gá dó tús a chur le próiseas comhairliúcháin nua i dtaca le USO AFL sa Stát agus foilseoidh sé fógra faisnéise maidir leis seo.
- **Uimhriú**: Mar a bhí leagtha amach i gCaibidil 4, chríochnaigh ComReg a athbhreithniú ar na huimhreacha neamhthíreolaíocha sna réimsí uimhreacha 1800, 1850, 1890, 0818 & 076[115]. Tugann cinneadh ComReg dhá bheart isteach a bhfuil cuspóir acu tabhairt faoin gcostas as a leithéid seo d'uimhreacha a úsáid agus tabhairt faoin mearbhall i measc tomhaltóirí faoi na difríochtaí idir na huimhreacha. Tiocfaidh na bearta seo i bhfeidhm in 2019 agus in 2022.
- **An EECC**: Déanfaimid na ullmhúcháin leis an gCreatlach Rialála a thabhairt isteach trí anailís a dhéanamh ar na forálacha nua d'úsáideoirí deiridh agus beimid ag ullmhú le hathbhreithniú a dhéanamh ar na bearta polasaí atá ann faoi láthair nó le bearta nua a thabhairt isteach nuair is cuí é. Glacfaimid páirt na grúpaí oibre úsáideoirí deiridh BEREC fosta atá ag ullmhú do na cearta agus na caighdeáin nua do thomhaltóirí.

### GEARÁIN AGUS RÉITEACH TOMHALTÓIRÍ

6.35 Le go mbeidh muinín ag tomhaltóirí as an bpróiseas le táirge nó seirbhís teileachumarsáide a roghnú nó a úsáid, ní mór dóibh meicníocht bheith acu le tabhairt faoi agus le ceist ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn lena soláthraí seirbhíse a réiteach.

6.36 I ngach cás, ní mór do thomhaltóirí gearán a lua lena Soláthraí Seirbhíse roimh theagmháil a dhéanamh le ComReg. Tá oibleagáid dhlíthiúil ag gach Soláthraí Seirbhíse ECS Cód Cleachtais bheith acu i dtaca le bheith ag déileáil le gearáin le gur féidir leo an dóigh a ndéileálann siad le díospóidí, agus na bearta a chaithfidh tomhaltóir a dhéanamh, a chur in iúl. Mura raibh réiteach ar ghearán tomhaltóra taobh istigh de 10 lá, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le ComReg ansin. Cuireann ComReg seirbhís ar fáil do thomhaltóirí agus is féidir leo glao fóin a chur ar líne tomhaltóirí, ríomhphost, foirm ar line,

ISL agus téacs a chur chuici, nó comhrá líne a dhéanamh léi.

6.37 Sa chomhthéacs seo, Leag an Straitéis ECS Chúig Bliana an Sprioc seo a leanas amach:

**SPRIOC 13**

Tomhaltóirí le meicníochtaí éifeachtacha réitigh bheith acu.

6.38 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanálamar tograí a bhí dírithe ar ghearáin thomhaltóirí a réiteach:

- Rinneamar iarracht na nósanna imeachta a fheabhsú agus a chaighdeánú trí Chód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin.
- Phleanálamar le dul i gcomhairle ar ár bproiseas le déileáil le gearáin agus le hábhair a bhain leis an Réiteach Malartach Díospóidí do dhíospóidí tomhaltóirí (mar atá leagtha amach in I.R. Uimh. 343 de 2015).

6.39 Mar a nótáladh thuas, thug ComReg Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin nua[116] isteach in 2017, a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2018. Leagann an Cód seo amach na íosriachtanais do chóid chleachtais Sholáthraithe Seirbhíse um dhéileáil le gearáin chun cabhrú le tomhaltóirí nuair a dhéanann siad gearán.

6.40 Thar an dá bhliain dhéanach anuas d'fhoilsíomar staitisticí líne tomhaltóirí[117] go ráithiúil a thug faisnéis ar méid agus gné na ngearán agus na gceisteanna a bhí luaite ar líne Chúram Tomhaltóirí ComReg maidir le ECS agus PRS.

6.41 Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg na rudaí seo a leanas, a bhaineann le Sprioc 11, a dhéanamh:

- **Cúram Custaiméara agus Déileáil le Gearáin**: Beimid ag cur lenár bhfoilseachán ar staitisticí tomhaltóirí mar cuimseoimid fad an ama a bheidh na cásanna oscailte, de réir an oibreora. Tá rún againn fosta gnéithe nua a sholáthar dár soláthraithe seirbhíse a ligfidh dóibh a gcásanna ComReg atá oscailte agus a gcomhfhreagras a aimsiú. Déanfaimid monatóireacht fosta ar a gcloí leis na híoschaighdeáin leagtha amach ag ComReg maidir le Cód Cleachtais na soláthraithe seirbhíse um Dhéileáil le Gearáin. Tá sé i gceist againn go gcuirfidh na bearta seo feabhas ar thréimhsí ama réitigh na soláthraithe seirbhíse.
- **An EECC**: Déanfaimid na hullmhúcháin leis an gCreatlach Rialála a thabhairt isteach trí anailís a dhéanamh ar na forálacha nua d'úsáideoiri deiridh agus tabharfaimid an fhaisnéis, an chomhairle agus an traenáil chuí dár bhfoireann chúram tomhaltóirí de bharr na gceart nua.

115 ComReg 18/106

116 Tá na sonraí leagtha amach anseo - https://www.comreg.ie/code-practice-handling-complaints/

117 Tá siad seo foilsithe i ndoiciméad agus tá siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin, https://www.comreg.ie/consumer-information/consumer-care/statistics/

## CUMARSÁID AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

6.42 Mar aon lenár gcomhoibriú le tomhaltóirí, bímid ag obair le réimse comhlachtaí ionadaíocha agus le páirtithe leasmhara eile agus déanaimid taighde margaidh le cinntiú go bhfuil tuiscint chuimsitheach ag ComReg ar na fadhbanna atá ag tomhaltóirí sna margaí ECS. Mar shainrialálaí na hearnála do ECS agus PRS, oibrímid le réimse comhlachtaí, amhail an CCPC agus Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann, le cinntiú go seastar go sásúil do na tomhaltóirí sin a úsáideann seirbhísí ECS agus PRS. Déanann ComReg iarracht an réimse iomlán brúnna atá aige a úsáid. ina measc, ár gcumhachtaí rialála agus ár gcumhachtaí boga, amhail ár scileanna tionchair, le suimeanna úsáideoirí deiridh a chur chun cinn de réir mar is cuí é.

6.43 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, chuaigh ComReg i dteagmháil le agus thug sé faisnéis do thomhaltóirí ar roinnt dóigheanna, ina measc:


- Sheolamar ár n-áis ComReg Compare ar ár suíomh gréasáin;
- Bhaineamar úsáid as feachtais meán sóisialta le faisnéis a thabhairt ar an dóigh le héirí as na seirbhísí ardráta agus ar na táillí atá le teacht ar Uimhriú Neamhthíreolaíoch;
- Bhí seastáin againn ag ócáidí for-rochtana éagsúla, ina measc, Seó Trádála agus Turasóireachta Active Retirement Ireland i mBaile Átha Cliath, Comhairle Daoine Scothaosta Ros Comáin, Cruinniú Mullaigh na Scoileanna in Sord, Co. Átha Cliath agus ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i dTulach Mhór.
- Chuireamar treoracha do thomhaltóirí ar taispeáint i mbreis agus 1,300 seomra feithimh míochaine ar fud na tíre;
- Chuireamar tomhaltóirí ar an eolas tríd *Public Sector Magazine*, *Council Journal* agus *Senior Times Magazine.*

6.44 Thugamar faisnéis ar an réimse seirbhísí a sholáthraíonn ComReg tríd an teagmháil a bhí againn le hOifigigh Leathanbhanda an Tascfhórsa Mhóibíligh agus Leathanbhanda, trí agallaimh teilifíse agus raidió, cuir i láthair do ghrúpaí Active Retirement Ireland agus tríd na treoracha do





CHUIR COMREG TREORACHA DO THOMHALTÓIRÍ AR TAISPEÁINT I MBREIS AGUS **1,300** SEOMRA FEITHIMH MÍOCHAINE AR FUD NA TÍRE;



thomhaltóirí a cuireadh ar taispeáint i leabharlanna.

6.45 Comh maith leis sin, leanamar ar aghaidh nuacht agus faisnéis a chur in iúl do thomhaltóirí ar ár suíomh gréasáin, ina measc, faisnéis ar fhachtóirí a bhféadfadh éifeacht bheith acu ar chaighdeán eispéireas móibíleach tomhaltóirí agus ar ghnéithe den Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí a bhfuil spéis ag tomhaltóirí iontu.

6.46 Maidir leis seo, leag Straitéis ECS Chúig Bliana an Sprioc seo a leanas amach:

**SPRIOC 14**

Tá ComReg go héifeachtach ar son tomhaltóirí.

6.47 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, Bhí ComReg mar chrann taca ar son tomhaltóirí ar roinnt dóigheanna, ina measc, an freastal ar chruinnithe éagsúla de Choiste an Oireachtais agus trí theagmháil a dhéanamh le DCCAE agus le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, an CCPC agus Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann, san áireamh. Mar aon leis sin, chuireamar aighneachtaí chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ag iarraidh cumhachtaí nua a fháil chun cabhrú lenár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe. Úsáidimid ár gcumhachtaí rialala agus ár gcumhachtaí boga go rialta agus sinne ag comhoibriú le hearnáil na tionsclaíochta agus lena comhlachtaí ionadaíocha, le cinntiú go gcuirtear suimeanna na dtomhaltóirí chun cinn agus go seastar leo.

6.48 Bainteach le Sprioc 12, thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg fós a theagmháil le tomhaltóirí a leathnú lena gcearta agus leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn ComReg a chur in iúl do thomhaltóirí trí:

- Féiniúlacht/branda ComReg do thomhaltóirí agus straitéis cumarsáide do thomhaltóirí a fhorbairt.
- Ábhar a dhéanamh agus a chur ar fáil trí ilchainéil, feachtais mhargaíochta dhírithe dhigiteacha agus dhíreacha san áireamh.

6.49 Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaimid ar aghaidh teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara, ina measc, An Painéal Comhairleach um Thomhaltóirí, Fóram na nDaoine faoi Mhíchumas, Coiste Comhairleach na Roinne, Oifigigh Leathanbhanda (an Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda) agus Foghrúpa Líonra na Rialáithe Geilleagracha.

6.50 Tá rún ag ComReg leanstan ar aghaidh lena chlár teagmhála tomhaltóirí tríd anailís ar an bhfaisnéis a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, ina measc, anailísíocht líonláithreáin, painéil chomhairleacha, sonraí ó ghearáin luaite le ComReg agus torthaí ó thaighde margaidh a bhaineann le hábhair amhail leibhéal feasachta agus na muiníne atá ag tomhaltóirí.

6.51 Ina theannta sin, mar a nótáladh thuas, tá rún ag ComReg tús a chur le taighde margaidh chun iniúchadh a dhéanamh ar mhuinín tomhaltóirí seirbhísí ECS a roghnú agus a úsáid.

07

# AG CRUTHÚ NA GCÚINSÍ D'INFHEISTÍOCHT

## 03 CHUMASAIGH INFHEISTÍOCHT ÉIFEACHTACH ROCHTAIN INACMHAINNE, ARDCHAIGHDEÁNACH AGUS FHORLEATHAN AR SHEIRBHÍSÍ AGUS AR FHEIDHMCHLÁIR CUMARSÁIDE

**Cad é an chuma atá air seo?**

- Clúdach bonneagair a chumasaíonn gach úsáideoir deiridh páirt a ghlacadh sa tsochaí dhigiteach
- Soláthraithe bonneagair iomaíocha nuair atá sé ina fhéidearthacht go geilleagrach
- Seirbhísí ECS mórdhíola a riarann d'eileamh an mhargaidh
- Earnáil atá tarraingteach d'infheisteoirí

7.1 Is é an tríú rún atá ag ComReg ná **gur chumasaigh infheistíocht éifeachtach rochtain inacmhainne, ardchaighdeánach agus fhorleathan ar sheirbhísí agus ar fheidhmchláir cumarsáide**. An bhunchúis atá le hobair ComReg is ea an creideamh go spreagann margaí iomaíocha éifeachtúla dreasachtaí tráchtála a ghríosóidh na hinfheistíochtaí a bheidh riachtanach le táirgí agus seirbhísí nuálaíocha a chur ar fáil sa mhargadh, agus le nascacht agus caighdeán na seirbhíse a fheabhsú.


7.2 Mar a nótáladh i gCaibidil 3, sa chreatlach rialála nua, an EECC, atá le haistriú roimh 2020, tá cuspóir nua – nascacht a chur chun cinn, rochtain ar agus glacadh le líonraí an-ardacmhainne, ina measc, líonraí seasta, móibíleacha agus gan sreang. Ceapann ComReg go dtagann an cuspóir seo a bheag nó a mhór le chéile lena rún Infheistíochta. Spreagann infheistíocht i dteileachumarsáid nascacht. Tríd na líonraí an-ardacmhainne (VHCN) a bheidh ar fáil amháin, idir sheasta agus gan sreang, gur féidir le tomhaltóirí rochtain bheith acu ar an réimse seirbhísí agus feidhmchlár a thacóidh lena riachtanais shoisialta agus geilleagracha.

7.3 Tríd na dreasachtaí rialála riachtanacha a sholáthar d'infheistíocht, feabhsúcháin ar theip ar bith sa mhargadh, agus soláthar oibleagáidí seirbhíse uilíche san áireamh, tá ComReg ag iarraidh cinntiú go mbeidh an bonneagar agus na seirbhísí teileachumarsáide ar fáil a mhéad agus a fhorleithne agus is féidir. Ina theannta sin, nuair a chinneann an Rialtas go bhfuil idirghabháil de dhíth sna margaí teileachumarsáide (m.sh. An Plean Náisiúnta Leathanbhanda), tugann ComReg comhairle agus tacaíocht don Rialtas mar shainrialálaí na hearnála.

7.4 Tá sé úsáideach idirdhealú a dhéanamh idir na suíomhanna difriúla ina bhfuil: infheistíocht déanta (féach ar Fíor 2):

- **Infheistíocht thráchtála:** Tá infheistíocht ann atá go hiomlán tráchtáil-bhunaithe ina nádúr. Is é ag éascú na hinfheistíochta trí chinnteacht rialála a chothú, bacainní ar iontráil a ísliú, agus cur ar fáil na n-ionchur cuí a chinntiú nuair is féidir,

**Figure 16: Réimsí Infheistíochta**




príomhról ComReg sa chomhthéacs seo. Is féidir le sainordú ar sholáthar na n-ionchur mórdhíola faoin gcóras SMP, ag cur praghsanna a ligeann leordhóthanach ar infheistíocht, bainistíocht éifeachtach an speictrim raidió, agus dea-riarachán ar an acmhainn uimhrithe náisiúnta, bheith i gceist leis seo.

- **Infheistíocht dhreasaithe:** Tarlaíonn roinnt infheistíochta mar thoradh díreach ar idirghabháil mhargaidh ag ComReg. Mar shampla, tá oibleagáid ar gach soláthraí seirbhíse teileafóin poiblí inrochtana infheistíocht a dhéanamh chun rochtain gan bhriseadh ar an tseirbhís freagartha ghlaonna éigeandála a chinntiú.
- **Idirghabháil stáit:** Tarlaíonn roinnt infheistíochta i gcomhthéacs na hidirghabhála dírí ón Stát sa mhargadh, m.sh., an Plean Náisiúnta Leathanbhanda. Cé gur féidir gné phríobháideach bheith ag baint le hinfheistíocht den chineál seo, ní féidir leis tarlú gan rannpháirtíocht airgeadais dhíreach ó chomhlacht poiblí. Cé nach bhfuil baint dhíreach ag ComReg i gcásanna den chineál sin, tá ról aige go fóill comhairle agus tacaíocht a thabhairt don Stát sa dóigh is go dtacaíonn na hidirghabhálacha le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh.

7.5 Ar deireadh, tá infheistíocht a tharlaíonn, ní go díreach i margaí cumarsáide leictreonaí, ach i margaí gaolmhara. D'fhéadfadh an bealach ina dtugann ComReg faoina ról maidir leis na margaí cumarsáide leictreonaí, tionchar bheith aige ar dhreasachtaí le hinfheistíocht a dhéanamh i margaí gaolmhara áirithe agus a mhalairt.

7.6 Díríonn straitéis ComReg don tréimhse atá le teacht ar:


- **Infheistíocht thráchtála a éascú:** Tá sé mar aidhm ag ComReg go spreagann dreasachtaí iomaíocha infheistíocht thráchtála i mbonneagar agus i seirbhísí a mhéad agus is féidir. Is é ról ComReg anseo go bhféadfadh sé údarás a thabhairt d'ionchuir mórdhíola a sholáthar nuair ba chuí é, praghsanna a shocrú a ligfeadh do bhrabús sásúil a dhéanamh ar an infheistíocht, a bheag nó a mhór ag bainistiú an speictrim raidió agus ag déanamh riaracháin ar an acmhainn náisiúnta uimhrithe.

- **Ag cruthú na ndreasachtaí rialála le hinfheistiú nuair is gá é:** Gan rialáil, ní fhéadfadh an easpa iomaíochta i roinnt margaí ECS bheith mar an spreagadh ceart nó sásúil d'infheistíocht. Dá mbraitheofaí ar na dreasachtaí margadhbhunaithe amháin, ní sholáthrófaí seirbhísí d'úsáideoirí deiridh neamhgheilleagracha.
- **Ag cabhrú le lucht déanta na mbeartas:** Nuair atá idirghabháil Stáit ag teastáil, mar shampla, leathanbhanda a sholáthar ar fud na tíre, is í straitéis ComReg í cabhrú le lucht déanta na mbeartas idirghabhálacha a dhéanamh a théann le fírinní an mhargaidh. Mar sin, tá sé mar aidhm ag ComReg sainionchur a thabhairt bunaithe ar a eolas agus ar a thaithí ar chumarsáid leictreonach agus ar na margaí bainteacha.

7.7 Leirítear patrún na hinfheistíochta ón earnáil phríobháideach in Éirinn i bhFíor 17 thíos. Thar an tréimse seo bhí ardú san infheistíocht in ECS/ECN, a léirigh an tuairim gheilleagrach, dhearfach a bhain le téarnamh gheilleagar na hÉireann.

7.8 Do thomhaltóirí, ciallaíonn an infheistíocht seo atá déanta ag na soláthraithe ECS gur féidir le níos mó tomhaltóirí seirbhísí níos gaiste a fháil ar na líonraí seasta agus móibileacha araon. Sa lá atá inniu tá níos mó ná 1.05 milliún síntiúsóir[118] ag fáil seirbhísí seasta leathanbhanda na chéad ghlúine eile in Éirinn (féach ar Fíor 6 Caibidil 4). Mar an gcéanna, sa mhargadh móibíleach, tá tomhaltóirí ag leanstan ar aghaidh le hathrú go seirbhísí 4G agus iad ag nuashonrú na ngléasanna láimhe le líonraí móibíleacha níos gaiste, atá á rolladh amach ar fud na tíre, a fháil.

**Fíor 17: Infheistíocht in ECS/ECN (Éire, €milliúin)**[119]




118 ComReg QKDR, Q4 2018.

119 Eurostat

7.9 Thar an tréimhse atá le teacht, is féidir le tomhaltóirí Éireannacha bheith ag súil le tairbhe a bhaint as rolladh amach forásach líonraí FTTH agus as na hinfheistíochtaí déanta sna líonraí móibíleacha (líonraí 5G san áireamh). Mar a nótáladh i gCaibidil 4 áfach, ciallaíonn eacnamaíochtaí rolladh amach na líonraí agus an dlús daonra éagsúil ar an oileán nach mbeidh tairbhí an líonra sheasta agus mhóibíligh níos gaiste ag an am céanna ag na tomhaltóirí go léir. I roinnt cásanna, beidh rialáil agus idirghabháil ón Stát de dhíth le nascacht fhorleathan a chinntiú.

## ÉASCÚ NA HINFHEISTÍOCHTA TRÁDÁLA

### ROCHTAIN AR NA MARGAÍ: CREATLACH SMP

7.10 Mar a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, baineann na margaí atá iomaíoch agus éifeachtach na torthaí optamacha amach ó thaobh praghsanna, cáilíochta, rogha agus nuálaíochta de. Ba chóir do na dreasachtaí iomaíocha cabhrú le soláthraithe seirbhíse dul isteach sa mhargadh, a mhéad agus is féidir, clúdach a líonraí a leathnú nó na hinfheistíochtaí riachtanacha a dhéanamh le táirgí agus seirbhísí nua a chur ar fáil sa mhargadh. Úsáideann ComReg an réimse uirlisí rialála atá aige lena a leithéid seo de dhreasachtaí iomaíocha a chosaint agus a spreagadh, mar an phríomhbhealach le hinfheistíocht thráchtála a chur chun cinn sa mhargadh.

7.11 Mar a pléadh i gCaibidil 4, nuair nach bhfeidhmíonn na margaí go héifeachtach, d'fhéadfadh ComReg réimse oibleagáidí rialála a bhrú ar oibreoir a cheaptar a bhfuil Cumhacht Shuntasach Margaidh aige. Is féidir le leigheasanna a bhaineann le rochtain, soiléireacht, neamhidirdhealú, agus rialú praghas bheidh i measc a leithéid seo d'oibleagáidí. Ina theannta sin, aithníonn ComReg go gcaithfidh idirghabhálacha sna margaí éagsúla deis a thabhairt do na solathraithe mórdhíola agus miondíola ráta réasúnta brabúis bheith acu. Úsáidtear a leithéid seo d'idirghabhálacha ó ComReg le fadhbanna iomaíochta féideartha a leigheas agus na dreasachtaí infheistíochta cearta a chur ar fáil do na hoibreoirí atá ann faoi láthair agus d'iontrálaithe nua féideartha sa mhargadh.

7.12 Sa chomhthéacs seo, seo a leanas Spriocanna ComReg a bhaineann le *Éascú Infheistíochta Tráchtála:*

**SPRIOC 15**

Éascaíonn dreasachtaí iomaíochta infheistíocht thráchtála éifeachtach i mbonneagar agus seirbhísí a mhéad agus is féidir.

**SPRIOC 16**

Tá lámhaíl sa rialáil do ráta réasúnta brabúis, d'oibreoirí mórdhíola agus miondíola araon.

7.13 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

Rochtain agus réitigh bhainteacha i margaí ina bhfuil Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP): Bhí

aidhm ag ComReg cinntiú go mbeadh leigheasanna cuí brúite ar na hoibreoirí ainmnithe le SMP chun infheistíochtaí ó oibreoiri údaraithe eile sna margaí iartheachtacha a spreagadh. Nótálamar go gcuirfimis an infheistíocht ón oibreoir san áireamh agus go dtabharfaimis deis dó ráta réasúnta brabúis bheith aige bunaithe ar an gcaipteal a úsáideann sé má bhíonn sé sásúil.

7.14 Mar a pléadh i gCaibidil 5, rinne ComReg roinnt cinntí rialála maidir le margaí le hiomaíocht a chur chun cinn agus le hinfheistíocht a spreagadh ón oibreoir SMP agus ó chuardaitheoirí rochtana ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ar dhréimire na hinfheistíochta, agus réimse agus/nó clúdach a líonraí agus seirbhísí a leathnú. In 2018, bhrúigh ComReg roinnt oibleagáidí rialála ar Eircom, mar an t-oibreoir ainmnithe a bhfuil cumhacht shuntasach margaidh (SMP) aige sna margaí Rochtana Áitiúla Mórdhíola agus Rochtana Lárnaí Mórdhíola[120]. Sna hoibleagáidí rialála seo bhí oibleagáid treochostais ar phraghsáil líonra FTTC Eircom.

7.15 Mar a bhaineann sé le Spriocanna 15 agus 16, thar an tréimhse atá le teacht, nuair atá ComReg ag iarraidh fiontar a cheapadh le SMP, déanfaimid cinnte go gcuirfimid na hoibleagáidí rialála in iúl i gceart d'earnáil na tionsclaíochta maidir le hiomaíocht agus le cinntí infheistíochta. Sa tréimhse seo atá le teacht ach go háirithe, beidh ComReg ag déanamh cinntí ar mhargadh na Rochtana Ardchaighdeánaí Mórdhíola agus ar na margaí críochnaithe seasta agus móibíleacha. In 2019, beidh ComReg ag dul i gcomhairle ar chur chuige molta i dtaca le costas cuí ar chaipiteal a mheas sna margaí seasta, móibíleacha agus craolacháin

7.16 Mar a nótaladh thuas, tá cuspóir nua Nascachta san EECC. Ceapann ComReg go dtéann an cuspóir a bheag nó a mhór lena rún Infheistíochta. Cuireann infheistíocht i dteileachumarsáid nascacht chun cinn agus mar sin de, tá na cúinsí cearta ag teastáil le hinfheistíocht a chur isteach sna líonraí an-ardacmhainne, idir sheasta agus gan sreang.

7.17 Nótálann ComReg go bhfuil an fhéidearthacht ag an bhfás in úsáid agus soláthar na dteicneolaíochtaí digiteacha nua agus na gceann atá ag teacht chun cinn, ról tábhachtach bheith aige i ndícharbónú ár ngeilleagair. Maidir leis seo, tá ComReg tiomanta do staidéar a dhéanamh ar riachtanais agus impleachtaí an ghlacadh forleathan le teicneolaíochtaí digiteacha a thacaíonn le dícharbónu. Tá an obair ar an staidéar seo ag dul ar aghaidh fós agus beidh sé críochnaithe faoi dheireadh 2019.

## ROCHTAIN AR IONCHUIR RIACHTANACHA – SPEICTREAM AGUS UIMHREACHA

7.18 Maidir le bainistíocht speictrim, tá cúinsí idirnáisiúnta agus intíre ann.

7.19 Sa chomhchuibhiú idirnáisiúnta don speictream raidió tá gnéithe amhail caighdeáin theicneolaíochta agus aithint bandaí speictrim do theicneolaíochtaí amhail 5G. Tá a

120 Doiciméad ComReg 18/94, Cinneadh D10/18

leithéid seo de chomhchuibhiú riachtanach le hinfheistíocht éifeachtúil i speictream a chinntiú. Tá ról gníomhach ag ComReg agus DCCAE sna fóraim idirnáisiúnta le cinntiú, a mhéad agus is féidir, go bhfreastaíonn cinntí déanta maidir leis an gcreatlach rialála idirnáisiúnta um speictream raidió ar shainriachtanais na hÉireann.

7.20 Ar an leibhéal intíre, gníomhaíonn ComReg ar na forbairtí idirnáisiúnta seo nuair a dhéanann sé a fheidhmeanna bainistíochta speictrim ar dhóigh thráthúil. Spreagann na gníomhaíochtaí a dhéanann ComReg le speictream a thabhairt agus na coinníollacha éagsúla curtha le cearta úsáide speictrim, infheistíocht éifeachtúil i speictream in Éirinn.

7.21 Sa chomhthéacs seo, mar aon le Sprioc 15 agus 16, cuireann Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg Sprioc eile léi, ceann a bhaineann go sonrach le bainistíocht speictrim agus le cur chun cinn na hinfheistíochta:

**SPRIOC 17**

Éascaíonn bainistíocht speictrim agus uimhreacha infheistíocht éifeachtúil.

7.22 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí a bhain le bainistíocht speictrim:

- **Teicneolaíocht 5G:** Phleanáil ComReg staid na hÉireann maidir le gnéithe bainistíochta speictrim de theicneolaíocht 5G agus dá bhandaí iarrrthóra, a chur chun cinn.
- **Tástáil agus Triail:** Leanfaimid ar aghaidh Test and Trial Ireland agus na tairbhí a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar áit le táirgí agus seirbhísí gan sreang a thástáil agus a thriail i bhfíorthimpeallacht réalaíoch, a chur chun cinn.
- **Coinníollacha Ceadúnais:** Nótáil ComReg go ndéanfadh sé machnamh ar an ról a d'fhéadfadh bheith ag na coinníollacha ceadúnais (coinníollacha clúdaigh san áireamh) in infheistíocht a chur chun cinn.
- **Cinnteacht Rialála:** Phleanáil ComReg a straitéis cheannródaíoch um bainistíocht an speictrim raidió a fhoilsiú.

7.23 Thar an dá bhliain dhéanach anuas rinne ComReg:

- D'fhoilsigh sé a Straitéis um Bainistíocht Speictrim Raidió do 2019-2021, ag leagan amach tosaíochtaí an phlean oibre don tréimhse seo, ina measc, faisnéis ar bhandaí don chéad ghlúin eile (5G) de nascacht.
- Chríochnaigh sé bronnadh Bhanda Speictrim 3.6 GHz, agus d'eisigh sé cearta úsáide speictrim do chúig tháirgeoir a bhain an bronnadh, mar sin de, ag éascú soláthar seirbhísí 5G ar bith sa todhchaí. Is banda tábhachtach an banda GHz a sholáthraíonn seirbhísí leathanbhanda gan sreang agus bhí

[121] Tuairim RSPG ar ghnéithe bainteach le speictream don chéad ghlúin eile de chórais gan sreang (5G) |Deireanach|09 Samhain 2016 Doiciméad RSPG16-032 DEIREANACH

[122] Doiciméid 18/103, 18/103a, 18/103b, 18/103c, agus 18/103d.

[123] Doiciméad 18/118

an RSPG á aithint mar an phríomhbhanda do 5G san Eoraip.[121];

- Lean sé ar aghaidh Test and Trial Ireland a chur chun cinn. Tháing méadú ar an méid ceadúnas tástála agus trialach a eisíodh in 2018, i gcomparáid leis na blianta roimhe; agus
- I mí na Samhna 2018, d'fhoilsigh sé torthaí thrí staidéar agus Fógra Faisnéise[122], a phléann cuid de na dúshláin, na réitigh agus na gníomhaíochtaí le nascacht a fheabhsú in Éirinn. Is é cuspóir na staidéar seo cabhrú le ComReg agus é ag forbairt a mholtaí bronnta dá bhronntaí speictrim atá le teacht agus, go háirithe, a mhachnamh ar na oibleagáidí clúdaigh cuí.

7.24 Bainteach le Sprioc 15, leagann Straitéis ComReg um Bainistíocht Speictrim Raidió do 2019 go 2021[123] amach tosaíochtaí agus plean oibre ComReg suas go 2021 agus cuimsíonn sí, i measc ábhar eile, na hábhair seo a leanas sa phlean oibre:

- Na moltaí don bhronnadh ilbhanda a fhorbairt agus a chríochnú le cearta speictrim a scaoileadh agus le seirbhísí leathanbhanda gan sreang (idir leathanbhanda móibíleach agus seasta) a sholáthar;
- Na bearta riachtanacha a dhéanamh le soláthar na dteicneolaíochtaí Inneall go hInneall sna bandaí minicíochta 900 MHz agus 1800 MHz a chumasú;
- Machnamh a dhéanamh ar na bandaí minicíochta 130 – 134 GHz, 141 –148.5 GHz, 151.5 – 164 GHz agus 167 – 174 GHz a oscailt le ceadúnú nasc seasta talún a éascú;
- Críoch a chur leis an bpróiseas comhairliúcháin ar bhronnadh féideartha na gceart úsáide sa bhanda 400 MHz; agus
- Leanstan ar aghaidh Test and Trial Ireland agus tairbhí a bhaineann le hÉirinn a úsáid mar áit le táirgí agus seirbhísí gan sreang a thástáil agus a thriail i bhfíorthimpeallacht réalaíoch, a chur chun cinn.

## DREASACHTAÍ RIALÁLA

7.25 Cuireann Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019 ComReg béim ar thrí réimse mar a bhféadfadh ComReg a chumhachtaí a úsáid de dheasca an riosca go mbeadh teipeanna ar na margaí:

- Oibleagáidí na Seirbhíse Uilíche;
- Clúdach Móibíleach; agus
- Athléimneacht, Iontaobhacht, agus Slándáil Líonra (NRRS).

7.26 I rith an athbhreithnithe lárthéarmaigh ar an Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana, bhí ComReg den tuairim gur chóir go mbogfaí cúrsaí a bhaineann le hOibleagáidí na Seirbhíse Uilíche go dtí an chaibidil a phléann le cúrsaí um chosaint tomhaltóirí. Ag an am ceanna, bogtar an sprioc bhainteach, Sprioc 16 go Caibidil 5 den Ráiteas Straitéise seo.

7.27 Tá tábhacht náisiúnta ag baint le clúdach móibíleach, rud atá léirithe agus é mar thosaíocht i gClár Rialtais 2016 agus i mbunú an Tascfhórsa Fóin Mhóibíligh agus Leathanbhanda

[124] Mar shampla, haiceáil PBX agus calaois teileafónaíochta.

(a pléadh níos mó i mBosca Mínithe 4). In ainneoin na bhfeabhsuithe i gclúdach móibíleach 3G agus 4G sna blianta is déanaí tá an tuairim ann fós go bhfuil eispéireas móibíleach tomhaltóirí níos laige i roinnt ceantracha den tír. Aithníonn ComReg go bhfuil na huirlisí rialála aige le heispéireas tomhaltóirí a fheabhsú agus/nó rolladh amach bonneagair i gceantracha neamhthráchtála a dhreasú murar féidir an clúdach móibíleach a éilíonn tomhaltóirí a sholáthar ar dhóigh thráchtála.

7.28 Is dócha go mbeidh fás ar thábhacht athléimneacht, iontaobhacht agus slándáil líonra sna blianta atá le teacht agus ár sochaí agus ár ngeilleagar ag brath níos mó ar na líonraí ECS, bídís seasta nó gan sreang. Tá iontaobhacht, slándáil agus sláine na líonraí barrthábhachtach do leathnú agus don ghlacadh leanúnach le ECS. Ina theannta sin, féadtar gur cúis le teip líonraí ECS, nochtadh ár sonraí pearsanta nó haiceáil ár dtrealaimh[124], ar féidir leo éifeacht bheith acu ar thomhaltóirí, ar earnáil na tionsclaíochta agus ar an ngeillleagar i gcoitinne, éifeacht na drochaimsire, bristeacha sa líonra leictreach nó gníomhaíochtaí mailíseacha déanta ag daoine eile.

7.29 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna sa mhír seo den Straitéis ECS Chúig Bliana, tagann an dá sprioc seo a leanas faoin teideal *dreasachtaí rialála:*

**SPRIOC 18**

Úsáidtear oibleagáidí clúdaigh mhóibíligh le hinfheistíocht a chur chun cinn nuair is cuí é.

**SPRIOC 19**

Tá dreasachtaí ann, dreasachtaí rialála san áireamh, nuair atá riosca de theipeanna sa mhargadh, le hinfheistiú i slándáil, iontaobhacht agus i gcumas.

7.30 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí a bhain leis na Spriocanna thuas:

- **Oibleagáidí Clúdaigh agus Rolladh Amach:** Táimid tiomanta do mhachnamh a dhéanamh ar oibleagáidí clúdaigh agus/nó rolladh amach a úsáid le húsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú.
- **Meicníochtaí comhoibrithe:** Phleanálamar le scrúdú a dhéanamh ar úsáid oibleagáidí ceadúnais chun meicníochtaí comhoibrithe cost-éifeachtúla (amhail suíomh/bonneagar a roinnt) a chur chun cinn le go n-éascófaí an soláthar bonneagair ar mhaithe le húsáideoirí deiridh.

[125] Doiciméad 17/38

[126] Doiciméid 18/103, 18/103a, 18/103b, 18/103c, agus 18/103d.

[127] Doiciméad ComReg 19/31

- **Rioscaí córasacha ECS:** Phleanálamar rioscaí córasacha a aithint a bhféadfadh éifeacht fhorleathan bheith acu ar ECS, agus an méid cumhachtaí agus acmhainní riachtanacha a shonrú a bheadh ag ComReg nó ag comhlachtaí poiblí eile lena leithéid seo de rioscaí a láimhseáil.

7.31 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, lean ComReg ar aghaidh machnamh a dhéanamh, nuair ba chuí e, ar na hoibleagáidí clúdaigh agus rolladh amach le húsáid éifeachtúil an speictrim raidió a chinntiú. I mBronnadh Banda Speictrim 3.6 GHz ComReg i mí na Bealtaine 2017[125], bhí oibleagáid le íosmhéid bunstáisiún a rolladh amach agus a chothú laistigh de 3 bliana. Lena chois sin, i mí na Samhna 2018, d'fhoilsíomar torthaí thrí staidéar agus Fógra Faisnéise[126], a phléann cuid de na dúshláin, réitigh agus gníomhaíochtaí le nascacht a fheabhsú in Éirinn. Is é cuspóir na staidéar seo cabhrú le ComReg agus é ag forbairt a mholtaí bronnta dá bhronntaí speictrim atá le teacht agus, go háirithe, a mhachnamh ar na oibleagáidí clúdaigh cuí. Tá achoimre ar an obair seo i mBosca Mínithe 6.

7.32 In 2017, bhunaíomar Sainionad Oibríochtaí Líonra le tacaíocht trasrannach agus sainchomhairle theicniúil a thabhairt d'ionaid eile ComReg ar cheisteanna líonra theicniúil, ina measc, athléimneacht, slándáil agus iontaobhacht líonra an oibreora. Ag deireadh mhí Mhárta 2019, d'fhoilsigh an tIonad Oibríochtaí Líonra (NOU) a thuarascáil bhliantúil[127]. Leagann an tuarascáil amach go mion an bunús dlíthiúil atá le hobair an NOU, achoimre ar a chuid gníomhaíochtaí in 2018, agus leagann sé amach a fhócas ar an dá mhí dhéag atá le teacht.

7.33 Bainteach le Spriocanna 18 agus 19, thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg leanstan ar aghaidh machnamh a dhéanamh ar na dúshláin, réitigh agus gníomhaíochtaí le nascacht a fheabhsú in Éirinn, ina measc, oibleagáidí clúdaigh agus/nó rolladh amach a úsáid le húsáid éifeachtúil an speictrim raidió agus na meicníochtaí comhoibrithe a chinntiú, nuair is cuí iad. Ina theannta sin, tabharfaidh an tIonad Oibríochtaí Líonra sainfhaisnéis do ComReg ar cheisteanna líonra theicniúil agus déanfaidh sé iarracht feidhmíocht, athléimneacht agus iontaobhacht líonraí na n-oibreoirí a thomhas.

[128] Ta an achoimre seo bunaithe ar staidéar ComReg 2018 de nascacht in Éirinn. Doiciméad ComReg 18/103.

[129] Caibidil de Dhoiciméad 18/103c

## BOSCA MÍNITHE 6:
### NASCACHT MÓIBÍLEACH IN ÉIRINN A FHEABHSÚ[128]

Tá ról tábhachtach ag ComReg na torthaí margaidh a chuireann infheistíocht éifeachtúil agus iomaíocht éifeachtúil chun cinn, a éascú ar mhaithe le tomhaltóirí. Níos mó fós, ina ról mar bhainisteoir den speictream raidió in Éirinn, tá ról tábhachtach ag ComReg na coinníollacha cuí a leagan amach le cearta úsáide speictrim a bhronnadh. Chun cabhrú le ComReg agus é ag forbairt a mholtaí bronnta dá bhronntaí speictrim atá le teacht agus, go háirithe, a mhachnamh ar na hoibleagáidí clúdaigh cuí, choimisiúnaigh ComReg trí staidéar le comhairle a thabhairt ar ghnéithe éagsúla de nascacht mhóibíleach a sholáthar in Éirinn.

I measc rudaí eile, tugann na staidéir seo le fios:

- Is cinneadh tráchtála, oibreoir-spreagtha líonra móibíleach comhroinnte a bhfuil an fhéidearthacht le costais mhóra a shábháil ann mar spreagadh. Cé gur féidir na tairbhí féideartha ó líonra comhroinnte a fheiceáil, ní mór iad seo a choinneáil cothrom in aghaidh an tsaofa iomaíochta fhéideartha a d'fhéadfadh teacht chun cinn25[129];
- Is féidir le hoibleagáidí clúdaigh bheith mar dhóigh éifeachtach le hinfheistíocht i nascacht mhóibíleach a dhreasú. Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar shonraí áirithe na n-oibleagáidí clúdaigh agus ba chóir go gcuirfí in oiriúint iad thart ar ghnéithe agus tosaíochtaí ar leith na hÉireann;
- I measc na réiteach maith do nascacht istigh tá úsáid Wi-Fi, glaonna dúchasacha Wi-Fi ar nasc líonra sheasta, agus úsáid athsheoltóirí fóin mhóibílígh díolmhaithe ó cheadúnas. Trí rochtain fhorleathan ar nascacht leathanbhanda sheasta ardluais, tá sé soiléir go bhfuil an NBP barrthábhachtach don sciar den mhargadh de, agus don ghlacadh le seirbhísí Wi-Fi agus seirbhísí ghlao Dúchasach Wi-Fi;
- Is léir go bhfuil sé ina fhéidearthacht don mhargadh é féin clúdach an leathanbhanda mhóibílígh 30 Mbit/s a mhéadú ó na leibhéil reatha go dtí 90% den daonra ar a laghad (mar a bhfuil cónaí ar dhaoine) sa tréimhse suas go 2025. Leis an leibhéal seo de chlúdach a bhaint amach, bheadh níos mó feabhsuithe móra ar chlúdach teagmhasach le déanamh do ghnéithe clúdaigh eile, (tíreolaíoch, mótarbhealach, príomhbhóithre) agus do na seirbhísí 3 Mbit/s agus na glaosheirbhísí, mar sin de, ag méadú na seirbhíse seo go suas de 90% den chlúdach tíreolaíoch;
- Ní bhainfeadh an margadh é fein na léibhéil an-ard den chlúdach leathanbhanda mhóibílígh 30 Mbit/s ar an mbonn tíreolaíoch mar bheadh dhá go ceithre oiread níos mó suíomhanna ceall ná mar atá ann faoi láthair de dhíth ar líonraí. Ghlacfadh sé seo a lán blianta le baint amach agus bheadh an costas foriomlán do na páirtithe leasmhara iontach mór;
- D'fhéadfaí idirghabhálacha beartais agus rialála a úsáid le torthaí clúdaigh níos forleithne a chinntiú ná mar a bhainfí amach dá n-úsáidfí iomaíocht amháin sa mhargadh. Bheifí iad seo a shocrú go cúramach, agus bunaithe ar mheasúnú ar na costais agus ar na tairbhí don tsochaí den chlúdach breise atá á iarraidh.

## IDIRGHABHÁIL STÁIT

7.34 Cé go bhfeictear ar infheistíocht thráchtála i líonraí mar an phríomhbhealach le clúdach na líonraí nua agus atá ann faoi láthair a leathnú, is minic a chiallaíonn eacnamaíochtaí sholáthar na líonraí nach féidir le hinfheisteoirí príobháideacha ráta an bhrabúis atá siad ag iarraidh a bhaint amach i gcónaí. Aithníonn ComReg ach go háirithe nach féidir le hinfheistíocht thráchtála amháin riaradh do gach ceantar sa tír, agus gur ghníomhaigh na rialtais in Éirinn (agus in áiteanna eile) leis an mbearna chistithe a dhúnadh.

7.35 Mar sin de, chuir ComReg an Sprioc seo a leanas sa Straitéis ECS Chúig Bliana:

**SPRIOC 20**

Cabhrú le lucht leanúna beartas nuair is gá é, idirghabhálacha stáit a chruthú a théann leis an margadh agus le rialáil.

7.36 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, nótáil ComReg cé nach bhfuil sé freagrach as an NBP, tá ról aige i bpróiseas an NBP. Aithníonn na Treoirlínte Eorpacha maidir le Státchabhair, mar an t-údarás náisiúnta rialála (NRA) tá ag ComReg *"an t-eolas teicniúil agus an saineolas mar gheall ar an ról barrthábhachtach a thug an rialáil earnála dóibh. Tá siad chun tosaigh le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis phoiblí maidir leis na scéimeanna Státchabhrach agus ba chóir dul i gcomhairle leo nuair atá na spriocréimsí á n-aithint. Ba chóir dul i gcomhairle le NRAnna fosta maidir leis na praghsanna agus na coinníollacha rochtana mórdhíola a shocrú, agus le díospóidí idir cuardaitheoirí rochtana agus an t-oibreoir bonneagair fóirdheonaithe a réiteach".* D'fhéadfadh ComReg bheith ábalta comhairle theicniúil ar leith maidir le hearnáil na tionsclaíochta a thabhairt nuair is cuí í. Maidir leis seo, thug sé roinnt ball den bhfoireann ar iasacht don DCCAE le cabhair a thabhairt.

7.37 Maidir le Sprioc 20, thar an tréimhse atá le teacht, leanfaimid ar aghaidh cabhrú le lucht déanta beartas agus comhairle theicniúil a thabhairt dóibh nuair is cuí í.

08

# FORFHEIDHMIÚ AGUS COMHLÍONADH

## 04 CLOÍONN AONÁIN RIALAITHE LE HOIBLEAGÁIDÍ RIALÁLA.

**Cad é an chuma atá air seo?**

- Tá aonáin rialaithe ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí agus cloíonn siad leo
- Cuirtear stop le haonáin rialaithe ag sárú a n-oibleagáidí
- Tá cultúr institiúideach comhlíonta in aonáin rialaithe

8.1 Is é ceathrú rún straitéiseach ComReg go gcloíonn na ha **na hoibleagáidí rialála**. Aithníonn ComReg nach bhfuil rialáil mhargaidh ach éifeachtach agus fiúntach má chloíonn na haonáin rialaithe le hoibleagáidí. Mar sin, tacaíonn an rún straitéiseach seo leis na trí cinn ar tugadh achoimre orthu cheana féin.


8.2 Tá ComReg gníomhach i réimse timpeallachtaí comhlíonta éagsúla; léirítear é seo inár gcur chuige ar an leibhéal oibríochtúil. I dtéarmaí ginearálta, tá trí eilimint inár straitéis (déantar cur síos orthu i bhFíor 18):

- **Cultúr Comhlíonta:** Ceapaimid gurb í an chéad staid is fearr go bhfuil a fhios go hiomlán ag na haonáin rialaithe ar a n-oibleagáidí, go gcloíonn siad leo agus go bhfuil cultúr comhlíonta inmheánach acu. Molann ComReg go láidir d'oibreoirí go mbeidh rialuithe agus beartais inmheánacha láidre acu le cosc a chur ar neamhchomhlíonadh agus é a aimsiú. Nuair is cuí é, bainfidh ComReg úsáid as teagmháil agus comhráite le hiompair inmhianaithe a chur chun cinn.

- **Comhlíonadh agus Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Spriocdhírithe:** Baineann gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe spriocdhírithe le hacmhainní a úsáid i dtreo gníomhaíochtaí ar bhealach a uasmhéadaíonn éifeachtacht. Ciallaíonn na socruithe forfheidhmithe éagsúla ina bhfuil ComReg gníomhach gur gá leis na tosaíochtaí a chur in ord agus in oiriúint do na tosca ábhartha.

- **Díspreagadh éifeachtach:** Ní bhraitheann éifeachtúlacht an réimis rialála ar deireadh a chur le hiompar neamhchomhlíonta amháin, ach ar a thionchar ó thaobh neamhchomhlíonadh a dhíspreagadh sa todhchaí. Is í straitéis ComReg le cinntiú go bhfuil cumhachtaí againn le comhlíonadh a spreagadh, le monatóireacht a dhéanamh air agus é a fhorfheidhmiú. Mar sin, molfaidh ComReg do leasuithe reachtúla a bheidh á chumasú a straitéis a chomhlíonadh, bunaithe ar a shaineolas agus ar a thaithí rialála.

**Fíor 18: Forfheidhmiú Optamach**




8.3 I bprionsabal, déanann gnéithe den straitéis fáinne sochair ina gcomhlíonann na haonáin rialaithe iompair spriocdhírithe, rud a ligeann don rialálaí athdhíriú ar ghníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, agus araile. Sula dtéimid ar aghaidh leis na gnéithe a phlé, tá sé úsaideach le hathbhreithniú gairid a dhéanamh ar na socruithe forfheidhmithe éagsúla.

8.4 Mar a leagadh amach i Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, tá trí phríomhréimse freagrachta ag ComReg i dtaca le forfheidhmiú agus comhlíonadh sna margaí ECS – Cosaint Tomhaltóirí, Comhlíonadh Mórdhíola agus Speictream. Go hachomair[130], tá freagracht fhorfheidhmithe agus chomhlíonta ag ComReg sna réimsí seo a leanas:



**Cosaint Tomhaltóirí**

- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ar an USP le rochtain ag suíomh seasta a chur ar fáil móide ar riachtanais ar leith de chaighdeán seirbhíse, agus iad a fhorfheidhmiú fosta;
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí ar ghníomhaíochtaí ECS maidir le fánaíocht, neodracht idirlín, iniomparthacht uimhreacha, ag athrú, príobháideacht i gcumarsáid leictreonach, trédhearcacht, conarthaí agus billeáil agus forfheidhmiú a dhéanamh orthu; agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí agus iad a fhorfheidhmiú ar sholáthraithe PRS.

**Comhlíonadh Mórdhíola**

- Monatóireacht a dhéanamh ar oibleagáidí curtha ar sholáthraithe seirbhíse ERS ainmnithe le Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP) acu, agus iad a fhorfheidhmiú fosta, maidir le:
  - Rochtain;
  - Trédhearcacht;
  - Neamhidirdhealú; agus
  - Rialú Praghsanna agus Faisnéis cuntasaíochta.
- Díospóidí a thagann chun cinn ón AE a réiteach (Laghdú ar an gCostas as Líonraí Cumarsáide Poiblí Ardluais a Sholáthar) Rialacháin 2016 (“Na Rialacháin um Chostas ar Leathanbhanda a Laghdú”).

## TEAGMHÁIL AGUS COMHRÁITE LE CULTÚR COMHLÍONTA A CHUR CHUN CINN



[130] Tá feidhmeanna agus cumhachtaí dlíthiúla iomlána ComReg leagtha amach ar ár suíomh gréasáin, https://www.comreg.ie/about/legislation/

**Bainistíocht Speictrim**

- Monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na coinníollacha faoi iamh leis na cearta úsáide speictrim (msh. údarú ginearálta agus coinníollacha ceadúnais)
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an speictrim raidió le húsáid gan neamhúdaraithe a aimsiú agus leis an ngníomhaíocht fhorfheidhmithe chuí a dhéanamh, agus
- Cásanna de shárú tuairiscithe ag ceadúnaithe agus ag an ngnáthphobal a fhiosrú, agus an ghníomhaíocht fhorfheidhmithe chuí a dhéanamh.
- Faireachas a dhéanamh ar tháirgí atá á gcur ar an Margadh maidir leis an Treoir um Threalamh Raidió agus an Treoir um Chomhoiriúnacht Leictreamaighnéadach.

8.5 Nuair is cuí é, foilsíonn ComReg faisnéis nuashonraithe ar a shuíomh gréasáin a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, tuarascáil bhliantúil ar fhiosrúcháin speictrim san áireamh. [131]

## CULTÚR COMHLÍONTA

8.6 Aithníonn ComReg, dá mbeadh an saol gan locht, go mbeadh na soláthraithe seirbhíse san earnáil ECS ar an eolas faoina n-oibleagáidí rialála agus dlíthiúla go léir agus go mbeadh na nósanna imeachta agus na próisis inmheánacha riachtanacha acu i bhfeidhm le cinntiú go gcloíoidís lena n-oibleagáidí.

8.7 Sa chomhthéacs seo, leagann Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg an Sprioc seo a leanas amach a bhaineann le *Cultúr Comhlíonta:*

**SPRIOC 21**

Tá aonáin rialaithe réamhghníomhach agus iad ag cinntiú a gcomhlíonta féin.

8.8 Tá ComReg den tuairim gur chóir go mbeadh próisis rialaithe agus socruithe rialachais inmheánacha i bhfeidhm ag soláthraithe seirbhíse agus ag aonáin rialathe ach go háirithe le cásanna de neamhchomhlíonadh a aimsiú agus cosc a chur orthu, móide gur chóir go ndéanfaidís na bearta riachtanacha le fadhb ar bith a réiteach sula dtiocfaidís chun solais. Ina theannta sin, ba chóir go mbeadh a leithéid seo de phróisis agus de shocruithe i bhfeidhm ar gach leibhéal d'eagraíocht. Ar an dóigh sin, laghdófaí an fhéidearthacht agus an gá do ghníomhaíocht fhorfheidhmithe ó ComReg agus chuirfí iomaíocht éifeachtúil agus inbhuanaithe chun cinn.

8.9 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, leag ComReg amach go n-úsáidfimis teagmháil agus comhráite le cultúr comhlíonta a chur chun cinn, ag nótáil go raibh an teagmháil agus na comhráite ábhartha ach go háirithe sa réimse comhlíonta speictrim.

[131] Doiciméad ComReg 18/86 – Tuarascáil Bhliantúil ar Fhaisnéis & Fiosrúcháin Speictrim 2017-2018

8.10 Thar an dá bhliain dhéanach anuas chuaigh ComReg i dteagmháil le hearnáil na tionsclaíochta ar dhóigheanna éagsúla. Déanann tograí amhail an Cód Cleachtais um Dhéileáil le Gearáin, a tháinig i bhfeidhm in Eanáir 2018, cinnte go ndéileálann soláthraithe seirbhíse le gearáin ó thomhaltóirí ar bhealach a chinntíonn nach mbeidh cabhair ó ComReg de dhíth ar mhóramh mór na dtomhaltóirí le ceist ar bith a réiteach.

## BOSCA MÍNITHE 7:
### RIALACHAS RIALÁLA IN EIRCOM

In 2011, d'fhógair Eircom d'earnáil na tionsclaíochta (agus do ComReg) go raibh rún aige leanstan ar aghaidh le próiseas de "Leasú Mórdhíola" a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach.

Leis na cuspóirí Leasaithe Mórdhíola seo a bhaint amach, bhí Eircom tiomanta d'fhorbairt Samhail Rialachais Rialála feabhsaithe ("RGM") agus chuir sé earnáil na tionsclaíochta ar an eolas faoi roinnt uaireanta tríd na tuarascálacha a d'fhoilsigh sé. D'aimsigh RGM Eircom roinnt lochtanna ina chomhlíonadh rialála, a bhí ann le roinnt blianta. In 2016, choimisiúnaigh ComReg Comhairleoirí le hathbhreithniú a dhéanamh ar rialachas rialála Eircom, a RGM san áireamh. D'fhoilsigh na Comhairleoirí dhá thuarascáil in 2017 a chuir béim ar roinnt easpaí in RGM Eircom[132].

Ar 10ú Nollaig 2018, tháinig ComReg ar chomhaontú le Eircom ina raibh coimitmintí go mbunófaí agus go bhfeidhmeodh Samhail Rialachais Rialála feabhsaithe in Eircom, nuair a chuirfí i bhfeidhm iad. Cuirfear taca faoi roinnt "Spriocanna Feidhmíochta" le €9 milliún, a chuirfear in eascró, inar féidir le ComReg tarraingt anuas má bhainfidh Eircom na Spriocanna Feidhmíochta amach go mall nó mura mbainfidh Eircom amach iad.

Faoin gcomhaontú, cuirfidh Eircom roinnt beart tábhachtach i bhfeidhm le rialachas inmheánach Eircom a fheabhsú, ina measc:

a) Comhlacht Maoirseachta Neamhspleách ("IOB") a bhunú le formhór na ballraíochta le bheith neamhspleách. Beidh an comhlacht seo freagrach inter alia as maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe rialachais rialála Eircom agus iad a mheasúnú fosta. Is é cuspóir an IOB gealltanas a thabhairt go mbeidh bearta, socruithe, struchtúir agus rialuithe inmheánacha glana soiléire ann, a chinnteoidh go gcloífar le hoibleagáidí rialála Eircom. Déanfaidh an IOB monatóireacht ar agus tabharfaidh sé tuairisc ar cé acu atá nó nach bhfuil Eircom ag cloí leis na tascanna ar ghabh sé air féin a dhéanamh faoin gcomhaontú agus lena oibleagáidí rialála i gcoitinne. Ina theannta sin, déanfaidh an IOB athbhreithniú bliantúil ar rialachas Eircom a oibleagáidí rialála a chomhlíonadh, agus ullmhóidh agus foilseoidh sé tuarascáil le tuairim, maidir le cur i bhfeidhm agus éifeachtacht RGM Eircom.

b) Beidh 5 bhall ar an IOB. Ceapfaidh ComReg triúr dá bhaill, an Cathaoirleach ina measc, agus ceapfaidh Eircom beirt bhall eile óna bhord;

c) Socruithe rialachais inmheánacha feabhsaithe in Eircom agus tuairisciú níos mine don IOB;

d) Méadóidh Eircom neamhspleáchas a fheidhme Mórdhíola ón gcuid eile de ghnó Eircom le níos mó trédhearcachta faoi chinnteoireacht inmheánach; agus

e) Bearta le córais TE agus rialuithe bainteacha eile a réiteach a chinnteoidh go ndéanfar rialú cuí sa rochtain ar na córais TE.

[132] ComReg 17/64

8.11 Thar an dá bhliain dhéanach, bhí ComReg i dteagmháil le Eir maidir lena Shamhail um Rialachas Rialála **(‘RGM’)**. I mí na Nollag 2018, tháinig ComReg ar chomhaontú le Eircom ina raibh coimitmintí go mbunófaí agus go bhfeidhmeodh RGM feabhsaithe, nuair a chuirfí i bhfeidhm iad.

8.12 Sa tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh cultúr comhlíonta san earnáil ECS a chur chun cinn agus níos mó forbartha a dhéanamh ar ár gcuir chuige le cinntiú go bhforbróidh a leithéid seo den chultúr sin. Nuair is cuí é, bainfimid úsáid as teagmháil agus comhráite le cinntiú gur focal faire na hearnála a leithéid seo den chultúr sin.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ COMHLÍONTA AGUS FORFHEIDHMITHE SPRIOCDHÍRITHE

8.13 Mar go bhfuil acmhainní teoranta ag ComReg (pléadh seo níos mó faoi Rún Straitéiseach 5 - Eagraíocht), caithfidh sé tosaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí forfheidhmithe a thosaíonn sé agus a fhiosraíonn sé. Mar a nótáladh i Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, tugann ComReg tosaíocht dá ghníomhaíochtaí comhlíonta ar dhóigheanna éagsúla, ag brath ar na réimsí atá i gceist, is iad sin, Cosaint Tomhaltóirí, Comhlíonadh Mórdhíola agus Bainistíocht Speictrim.

8.14 Leagann Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg an sprioc amháin seo a leanas amach a bhaineann le *gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe spriocdhírithe:*

**SPRIOC 22**

Tá gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe dírithe agus tugtar tosaíocht chuí dóibh.

8.15 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinne ComReg roinnt gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, ina measc, cásanna dlí in aghaidh roinnt soláthraithe ECS agus PRS. Nuair is cuí é, foilsímid faisnéis ar ár ngníomhaíochtaí forfheidhmithe ar ár suíomh gréasáin.

8.16 Déanann ComReg machnamh ar roinnt fachtóirí agus é ag déanamh cinnidh ar ghníomhaíocht chomhlíonta nó fhorfheidhmithe a dhéanamh, ina measc:

- Tromchúiseacht an tsáraithe, éifeacht na hiomaíochta agus tomhaltóirí san áireamh;
- An méid margaí a raibh éifeacht aige orthu, margaí iartheachtacha san áireamh;
- Fad an tsáraithe; agus
- Stair ar bith roimhe de sháruithe den chineál céanna.

## DÍSPREAGADH ÉIFEACHTACH

8.17 Déanann teip le hoibleagáidí rialála a chomhlíonadh dochar do thomhaltóirí, d’earnáil na tionsclaíochta agus d’fhás na hiomaíochta éifeachtaí. Mar sin de, tá cumhachtaí éifeachtacha agus láidre barrthábhachtach d’éifeachtúlacht na rialála. Ba chóir go bhfeidhmeodh a

leithéid seo de chumhachtaí mar fhíorbhac éifeachtach, agus ba chóir go ndíspreagfadh smachtbhannaí nó pionóis gearrtha neamhchomhlíonadh sa todhchaí sna soláthraithe seirbhíse lena mbaineann sé agus i soláthraithe seirbhíse rialaithe eile.

8.18 Baineann ComReg úsáid as na cumhachtaí forfheidhmithe atá aige faoi láthair le caingne coiriúla agus sibhialta a chur i gcoinne soláthraithe seirbhíse ECS agus PRS nach gcomhlíonann. Mar a nótáladh i Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, d'fhéadfadh easnaimh áirithe an réimis fhorfheidhmithe ina bhfeidhmímid teorainneacha a chur ar ComReg. D'éascódh feabhsuithe ar ár gcumhachtaí forfheidhmithe (idir choiriúil agus shibhialta) díspreagadh éifeachtach agus nuair is cuí é, ligfeadh sé do ComReg gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh. Le go mbeidh ComReg ina rialálaí éifeachtach, caithfidh cumhachtaí forfheidhmithe cearta agus leordhóthanacha bheith aige a mbeidh éifeacht riachtanach dhíspreagtha acu. De réir mar a fhorbraíonn an earnáil, leanann ComReg ar aghaidh cumhachtaí níos mó a iarraidh le tabhairt faoi na dúshláin reatha agus sa todhchaí i soláthar a shainchúraim reachtúil agus rialála, ina measc, nuair is cuí é, an chumhacht le pionóis airgid a ghearradh (mar a dhéanann rialálaithe eile, idir intíre in earnálacha eile, agus i mBallstáit eile). Is ceist í seo atá aitheanta mar phríomhthosaíocht, agus tá ComReg á scrúdú faoi láthair i gcomhar leis an Roinn. Cuireann ComReg fáilte roimh an Roinn ag cur in iúl go bhfuil sí tiomanta do chinntiú go bhfuil na cumhachtaí is fearr, is cuí agus is éifeachtaí atá ar fáil aige, ach ceist don Aire, agus ar deireadh don Oireachtas é, is ea cinneadh/gníomhaíocht dheireanach ar bith a dhéanamh maidir léi seo, leoga.

8.19 Sa chomhthéacs seo, leag Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg an Sprioc seo a leanas amach a bhaineann le *Díspreagadh Éifeachtach:*

**SPRIOC 23**

Tá cumhachtaí éifeachtacha againn le comhlíonadh a dhreasú agus le monatóireacht agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh.

8.20 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, nótáil ComReg go bhféadfaí an réimeas forfheidhmithe a fheabhsú i dtrí phríomhréimse:

- **Smachtbhannaí Riaracháin:** Nótáil ComReg go n-éascódh rialáil éifeachtach na hearnála cumarsáide leictreonaí an cumas le smachtbhannaí airgeadais sibhialta (fíneálacha riaracháin) a bhrú i gcúinsí cuí.
- **Pionóis Airgeadais:** Bhí rún againn leanstan ar aghaidh le bheith ar son méadú san uasfhíneáil a d'fhéadfaí brú do chionta coiriúla, tar éis ciontú a chúisiú. Measaimid go bhfuil na fíneálacha féideartha chomh hard go leor sin gur féidir leo feidhmiú mar dhíspreagadh láidir.

[133] Tuarascáil (2018) an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar 'Regulatory Powers and Corporate Offences', Imleabhar 1. Deireadh Fómhair 2018. (LRC 119-2018)

- **Cumhachtaí caighdeánaithe:** Ba chóir cumhachtaí rialála, agus go háirithe, cumhachtaí cigireachta agus forfheidhmithe bheith caighdeánaithe a mhéad agus is féidir ar fud na gcomhlachtaí rialála go léir. D'fheabhsódh sé seo éifeachtúlacht agus éifeachtacht na rialála agus chabhródh sé le cinnteacht dhlíthiúil a chur chun cinn.

8.21 In 2012 agus 2016, chuir ComReg aighneachtaí chuig an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí bunaithe ar an ngá don réimeas forfheidhmithe meicníochtaí éifeachtacha díspreagtha a chuimsiú. In 2018, chuireamar aighneacht eile, a bhí déanta i gcomhar le Gníomhaireachtaí Stáit eile, chuig clár oibre an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí ar *Cumhachtaí Rialála agus Cionta Corparáideacha.* Chuir ALTO aighneacht tacaíochta isteach fosta. Mar gheall ar an gclár seo, foilsíodh tuarascáil mhór i mí Dheireadh Fómhair 2018[133], a léirigh agus a thug tacaíocht do thuairimí ComReg agus rialálaithe geilleagracha eile in Éirinn gur chóir go mbeadh réimse iomlán uirlisí rialála ar fáil acu, ina measc, an chumhacht le smachtbhannaí móra airgeadais a bhrú agus le comhaontuithe forfheidhmithe rialála a dhéanamh.

8.22 Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg ar aghaidh le bheith ar son na n-athruithe reachtúla atá riachtanach le cinntiú go gcuimseoidh an réimeas forfheidhmithe sna hearnálacha ECS agus PRS na meicníochtaí éifeachtacha díspreagtha a bheidh riachtanach do ComReg a straitéis a chomhlíonadh. Is ceist í seo a bhí aitheanta mar thosaíocht ard, agus tá sí á scrúdú ag ComReg faoi láthair i gcomhar leis an Roinn. Tá sé aitheanta ag DCCAE go bhfuil sé ar mhaithe le gach duine go bhfuil ComReg ina rialálaí éifeachtach agus láidir, i bhfianaise barrthábhacht na hearnála cumarsáide leictreonaí don gheilleagar ginearálta agus don tsochaí i gcoitinne. Tuigeann ComReg go bhfuil an Roinn tiomanta do chinntiú go mbeidh na cumhachtaí is fearr, is cuí agus is éifeachtaí ar fáil do ComReg. Ceist don Aire, agus ar deireadh don Oireachtas is ea é cinneadh/gníomhaíocht dheireanach ar bith a dhéanamh maidir léi seo, leoga.

09

# AG FEIDHMIÚ MAR RIALÁLAÍ ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA

# 05 IS RIALÁLAÍ ÉIFEACHTACH AGUS ÁBHARTHA COMREG

**Cad é an chuma atá air?**

- Tarlaíonn idirghabhálacha mar fhreagairt do dhochar soiléir nó do chuspóirí beartais phoiblí sonracha
- Tá idirghabhálacha éifeachtach agus cóir maidir le teip mhargaidh nó leis an gcuspóir beartais phoiblí lena mbaineann siad
- Féachtar orainn mar cheannasaí smaointeoireachta agus tá meas ag daoine agus eagraíochtaí eile ar ár dtuairimí, idir sa tír nó idirnáisiúnta
- Síltear go dtugaimid ardleibhéal luacha don phobal

9.1 Is é an cúigiú rún straitéiseach ná le cinntiú gur rialálaí éifeachtach **agus ábhartha ComReg.**

9.2 Aithníonn ComReg, i gcomhthéacs chúinsí beartais phoiblí, margaidh agus teicneolaíochta atá ag athrú, gur féidir le rialáil bheith éifeachtach agus ábhartha. Is í tuairim ComReg nach féidir linn seasamh éigníomhach a ghlacadh. Ina áit sin, déanfaimid ár ndícheall le feidhmiú mar eagraíocht ghníomhach agus dhinimiciúil atá ábalta freagairt don timpeallacht atá ag athrú go gasta. Tá sé réidh, ó thaobh saineolais, anailísíochta láidre, an eolais suas chun dáta agus acmhainní de, le tabhairt faoi na ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar ár gcumas agus ar ár misean a chomhlíonadh. Má fhíortar an rún straitéiseach seo is dócha go gcinnteofar rath ar ComReg a cheithre rún Straitéiseacha eile a bhaint amach.


9.3 Fíor 5 thíos an caidreamh idir na cúig phríomhspreagthóir de rath eagraíochtúil:

- **Sonraí (nó faisnéis mhargaidh):** Tá rochtain ag teastáil ó ComReg ar shonraí ardchaighdeánacha, tráthúla agus cuí sa dóigh is gur féidir leis tuiscint níos doimhne ar an earnáil a fhorbairt ar aghaidh.
- **Anailís (anailísíocht láidir):** Caithfidh ComReg bheith ábalta anailísíocht sonraí chuí a dhéanamh.
- **Rannpháirtíocht (agus ceannasaíocht smaointeoireachta):** Caithfidh ComReg páirtíocht ghníomhach, shainiúil agus áititheach a dhéanamh le páirtithe leasmhara, idir intíre agus idirnáisiúnta.
- **Mandáid:** Ba chóir do ComReg a shaineolas san earnáil a úsáid agus páirt dhearfach a ghlacadh i bplé beartais phoiblí, idir intíre agus idirnáisiúnta, a bhféadfadh tionchar bheith acu ar chumas ComReg a mhisean a chomhlíonadh.

- **Daoine agus próisis:** Ag cur taca faoi na ceithre phríomhspreagthóir de rath eagraíochtúil atá an riachtanas go bhfuil lucht oibre meabhrach, sciliúil, spreagtha agus sásúil in ComReg ar saineolaithe ina n-ábhair iad, agus a dtacaíonn próisis eagraíochtúla éifeachtacha leo.

9.4 Is caidreamh bunúsach é seo sa dóigh is go gcuireann rath faoi na cúig cheannteideal seo leis an dóchúlacht go n-éireoidh le ComReg na rúin straitéiseacha, atá leagtha amach sna caibidlí roimhe, agus ar deireadh, a mhisean, a bhaint amach.

**Fíor 19: Rialáil Éifeachtach agus Ábhartha a Chinntiú**




## SONRAÍ AGUS ANAILÍS

9.5 Tá rochtain ar shonraí iontaofa, ardchaighdeánacha, agus trathúla, riachtanach do ComReg a chuspóirí a bhaint amach agus a thosaíochtaí éagsúla a fhíorú. Bailíonn ComReg faisnéis ó réimse leathan foinsí, ag úsáid a chumhachtaí rialála nuair is cuí é. Cuirtear faisnéis óna thaighde margaidh agus ó fhoinsí tríú páirtí (m.sh. an CSO) leis na sonraí seo. Is féidir le sonraí ar shíntiúsóirí, táirgí, praghsanna, clúdach líonra, forbairtí teicniúla agus iompar tomhaltóirí cinntiú gur féidir le ComReg ghníomhú ar bhealach trathúil, mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha.

9.6 Le misean ComReg a fhíorú, úsáidimid sonraí agus faisnéis ar dhóigheanna éagsúla, ina measc, cinnteoireacht rialála, monatóireacht, comhlíonadh agus forfheidhmiú agus faisnéis a thabhairt d'earnáil na tionsclaíochta agus d'úsáideoirí deiridh.

9.7 Seo a leanas Spriocanna ComReg a bhaineann le *Sonraí agus Anailís:*

**SPRIOC 24**

Beidh anailísíocht sonraí láidir, caighdeán seirbhíse agus infhaighteacht san áireamh, bunaithe ar sholáthar tráthúil sonraí iontaofa a bhailítear go héifeachtúil, go rialta, agus atá á láimhseáil de réir mar is cuí.

**SPRIOC 25**

Réimse leathan sonraí a úsáid, sonraí margaidh agus léargais tomhaltóirí san áireamh. Tá tuiscint dhomhain againn ar na margaí, iad sin bainteach leis na margaí a rialaímid san áireamh, agus táimid ábalta tairbhí agus dochar do thomhaltóirí agus teipeanna margaidh a aithint.

9.8 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

- **Straitéis Sonraí:** Tar éis athbhreithnithe ar ár gcur chuige maidir le sonraí in 2016, táimid tiomanta do theicnící agus uirlisí oiriúnacha anailíse ar shonraí mar aon le straitéis rialachais ar shonraí don eagraíocht a aithint agus glacadh leo.
- **Tuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí (QKDR):** Táimid tiomanta don obair le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú a dhéanamh ar QKDR le cinntiú go mbeidh sé oiriúnach don fheidhm. Táimid tiomanta fosta d'athbhreithniú ar an dóigh a mbailímid sonraí ó oibreoirí eile.
- **Taighde neamhspleách:** Aithníonn ComReg tábhacht an taighde bunaidh le léargais a thabhairt ar ghnéithe den margadh cumarsáide leictreonaí in Éirinn. Bhí rún ag ComReg comhoibriú le ESRI ar roinnt tograí, a ligfeadh do ComReg foinsí agus teicnící sonraí a fháil nach mbeadh ar fáil don eagraíocht de ghnáth.

9.9 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, tháinig fás ar an méid a bhí ComReg ag brath ar shonraí ardchaighdeánacha, inrochtana agus cruinne. Ar a bharr sin, is féidir go bhfuil ardtheicnící agus ardscileanna anailísíochta le hanailís a dhéanamh ar, agus leis na sonraí seo a thuiscint, mar gheall ar an méadú i gcoimpléascacht na margaí a rialaímid agus a ndéanaimid monatóireacht orthu. Chabhraigh an rochtain ar na sonraí seo le heolas a dhéanamh do smaointeoireacht ComReg ar réimse ábhar, ina measc, athbhreithnithe déanacha ar mhargaí, gníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, ár n-athbhreithniú ar an uimhriú tíreolaíoch agus ar ábhair a bhaineann lenár rannpháirteachas sa Tascfhórsa Móibileach agus Leathanbhanda. Mar bhunús leis an dul chun cinn seo bhí forbairt Cairte um Rialachas Sonraí do ComReg agus rolladh amach na gcaighdeán éagsúil sonraí ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, chuireamar le tacar sainscileanna na heagraíochta trí thraenáil ar anailísíocht sonraí, staitisticí agus ar mhodheolaíochtaí GIS a dhéanamh. Thar an tréimhse atá le teacht, tá rún ag ComReg an

dóigh a bhfaigheann sé, a láimhseálann sé, agus a bpróiseálann sé sonraí trí rolladh amach níos mó uirlisí chaighdeáin sonraí agus clisteachta gnó ar fud na heagraíochta, a fhorbairt a thuilleadh. Tá rún againn fosta cur lenár n-ábaltachtaí anailísíochta trí níos mó traenála agus forbairt foirne a dhéanamh.

9.10 Mar chuid dár n-oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) rinneamar uasdátú ar ár mbeartais láimhseála agus próiseála sonraí éagsúla agus cheapamar Oifigeach um Chosaint Sonraí (DPO) le maoirseacht a dhéanamh ar an gcloí lenár n-oibleagáidí.

9.11 Tríd an fhaisnéis staitisticiúil a bhailiú ó fhoinsí éagsúla, cuireann gníomhaíochtaí bailithe sonraí QKDR ComReg meadaracht feidhmíochta in iúl ar réimse táscairí a bhaineann leis an margadh cumarsáide leictreonaí. Chun cur leis seo, bailíonn ComReg sonraí fosta ach go háirithe ar an dóigh a ndéanann sé a ghníomhaíochtaí anailíse margaidh. Thar an bhliain dheireanach, rinne ComReg athbhreithniú ar a riachtanais sonraí agus bhí sé ag comhoibriú le hoibreoirí ar an dóigh a mbailímid sonraí, ar na rudaí a bhailímid, agus ar an dóigh a bpróiseálaimid agus a ndéanaimid stóras den fhaisnéis seo. Is í an aidhm atá againn, a mhéad agus is féidir, athrú go bailiú comhaontaithe de thacar sonraí daingnithe, níos saibhre, réamhshonracha, is féidir a úsáid le faisnéis a thabhairt do ghníomhaíochtaí ComReg go léir, ar an dóigh sin, íosmhéadófar an gá d'iarratais ad hoc ar shonraí agus cuirfear feabhas ar thráthúlacht na cinnteoireachta. Aithnímid go méadóidh sé seo an t-ualach oibre ar oibreoirí sa ghearrthéarma i rith na céime "forbartha", ach inár gcaibidlí le hoibreoirí, aithnítear go mbainfidh sé seo tairbhí amach dár bpáirtithe go léir. Mar chuid dár dtionscadail um Rialachas Sonraí agus TE éagsúla, táimid ag forbairt trádstóras sonraí níos fearr do na sonraí a bhailímid agus a ndéanaimid tuairisc orthu. Mar aitheantas ar thábhacht léirshamhlú sonraí agus sonraí oscailte, chuireamar tairseach sonraí ar ár suíomh gréasáin[134] mar a bhfoilsímid físghrafaicí a leagann amach na príomhthorthaí ón QKDR is déanaí.

9.12 De réir mar a athróidh ról agus mandáid ComReg thar an tréimhse atá le teacht agus níos faide anonn, is dócha go mbeidh borradh ar an mbrath ar agus ar riachtanais ComReg ar shonraí fós. Maidir leis seo, nótálann ComReg má chuirfear níos mó feidhmeanna lena mhandáid, mar shampla ón EECC, is féidir go mbeidh méadú sa méid agus sa ghné sonraí a bheidh de dhíth ar ComReg lena fheidhmeanna a chomhlíonadh.

9.13 Scrudaíonn ComReg ról na dteicneolaíochtaí nua go rialta in eascú soláthar ár bhfeidhmeanna agus ár ngníomhaíochtaí rialála, a dtugtar 'RegTech' air i gcoitinne. Nuair is cuí é, déanaimid iarracht teicneolaíochtaí éagsúla, idir réitigh bogearraí agus crua-earraí, a úsáid leis na próisis, an bailiú sonraí agus na hanailísí a dhéanamh níos éifeachtaí. Ina theannta sin, déanaimid monatóireacht ar an dul chun cinn sna teicneolaíochtaí, amhail

[134] http://www.comreg.ie/data-portal

néalríomhaireacht, sonraí móra, IS, foghlaim meaisín agus blocshlabhra, leis na himpleachtaí do na hearnálacha a rialaímid agus don rialáil í féin a thuiscint.

9.14 Thar an tréimhse atá le teacht tá rún ag ComReg roinnt athruithe a dhéanamh ar thograí bunaithe ar ár Sainstraitéis Sonraí leis na próisis um bailiú, próiseáil agus an anailísiocht sonraí a dhéanamh níos éifeachtaí agus a fheabhsú le haghaidh eochairmheadaracht agus eochairtháscairí margaidh agus mar ionchuir inár gcleachtaí rialála ar anailís mhargaidh. I measc na n-athruithe seo beidh:

- Feabhsuithe ar an mbealach a bhailímid, a dhéanaimid anailís ar, agus a fhoilsímid faisnéis ó na rannpháirtithe sna margaí dár dTuarascáil Ráithiúil ar Phríomhshonraí (QKDR);
- Ár bpróisis do na sonraí a bhailímid ó Oibreoirí do chuspóirí Anailíse Margaidh a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos rialta, le fócas ar chomhoibriú a dhéanamh le hOibreoirí chun cinnteacht ar ár riachtanais a thabhairt le fios agus más féidir é, ualach ad hoc na n-iarratas le haghaidh sonraí a ísliú;
- Feabhas ar scileanna ár ngairmithe sonraí a láimhseáil, a phróiseáil agus a anailísiú agus, go háirithe bainistiú tacar sonraí níos mó;
- Caighdeáin agus próisis dhea-chleachtais sa dóigh ina mbainistítear sonraí a chur i bhfeidhm; agus
- Uirlisí anailíse caighdeánaithe sonraí a úsáid le héifeachtúlacht an phróisis chinnteoireachta a fheabhsú.

ÁR BPRÓISIS ANAILÍSE MARGAIDH A DHÉANAMH NÍOS ÉIFEACHTAÍ AGUS NÍOS RIALTA



9.15 D'athraigh eacnamaíocht iompraíochta, ar cuid lárnach d'eacnamaíochtaí nua-aimseartha iad, an dóigh a mbreathnaímid ar agus a ndéanaimid anailís ar iompar agus roghanna tomhaltóirí. Mar aitheantas ar a tábhacht, chomhoibrigh ComReg le DCCAE agus le comhlachtaí poiblí eile chun cur lenár dtuiscint ar iompar tomhaltóirí agus ar na margaí cumarsáide leictreonaí. In 2010, bhí ComReg agus DCCAE páirteach i gcomhchlár taighde leis an ESRI chun staidéar a dheánamh ar ábhair chomhspéise sna margaí teileachumarsáide agus in éileamh tomhaltóirí. Maidir leis seo, d'fhoilsigh an ESRI roinnt páipéar atá ábhartha mar chuid den chlár seo a bhaineann le héifeacht rolladh amach an leathanbhanda agus eacnamaíochtaí áitiúla, agus praghsanna agus cáighdeán an leathanbhanda. Ina theannta sin, cómhaoinigh ComReg clár PRICE Lab an ESRI, sraith tástálacha le cinnteoireacht tomhaltóirí a thuiscint. Thacaigh fianaise ó na tástálacha agus na staidéir éagsúla seo le cinntí éagsúla ComReg ar fud roinnt margaí agus réimsí spéise. Thar an tréimhse atá le teacht, tabharfaidh ComReg tacaíocht do thaighde neamhspleách ar na margaí cumarsáide leictreonaí agus ar iompar tomhaltóirí i gcoitinne, trí chomhoibriú le hinstitiúidí taighde amhail an ESRI. Tacaíonn a leithéid seo de thaighde le hacmhainn an phobail a fhorbairt agus cabhraíonn sé le tuiscint níos mó a chruthú ar na ceisteanna éagsúla atá ag tomhaltóirí agus ag earnáil na tionsclaíochta sna margaí cumarsáide leictreonaí.

## RANNPHÁIRTÍOCHT

9.16 I measc páirtithe leasmhara ComReg tá tomhaltóirí, grúpaí ionadaiochta tomhaltóirí, oibreoirí cumarsáide leictreonaí, grúpaí ionadaíochta earnáil na tionsclaíochta, an rialtas intíre, comhlachtaí poiblí, oifigigh tofa agus comhlachtaí idirnáisiúnta amhail BEREC, an ITU, RSPG agus Coimisiún na hEorpa.

9.17 Is saineolaithe foireann ComReg in ábhair éagsúla a bhaineann le hearnáil na cumarsáide leictreonaí. Trínár n-eolas agus ár saineolas, gníomhaímid mar rialálaí neamhspleách agus oibiachtúil, déanaimid eolas do dhíospóireachtaí poiblí agus tugaimid faisnéis agus comhairle do thomhaltóirí, d'earnáil na tionsclaíochta agus do pháirtithe leasmhara rialtais.

9.18 Mar gheall go n-aithnímid go bhfuil riachtanais agus dearcthaí éagsúla ag ár bpáirtithe leasmhara, tá sé mar aidhm againn ár gcur chuige a oiriúnú agus rannpháirt a ghlacadh ar dhóigheanna éagsúla, ina measc, trí chomhairliúcháin fhoirmiúla, painéil chomhairleacha, fóraim earnáil na tionsclaíochta, cruinnithe le páirtithe leasmhara, ár suíomh gréasáin, seónna trádála agus tionsclaíochta agus ár bhfreastal ar choistí an Oireachais de réir mar a iarratar orainn, a úsáid.

9.19 Tá ról agus mandáid ComReg, de thairbhe na creatlaí reachtúla a chuireann taca faoinár gcuid oibre, faoi réir athbhreithnithe agus leasuithe tréimhsiúla. Le cinntiú gur féidir linn gníomhú mar rialálaí éifeachtach agus ábhartha go fóill, bímid ar son athruithe don chreatlach

rialála, idir intíre agus ar leibhéal an AE. Mar an rialálaí don earnáil cumarsáide leictreonaí, tá saineolas earnála áirithe againn agus is minic a bhraitear orainn comhairle a thabhairt don rialtas agus do chomhlachtaí poiblí eile ar ábhair éagsúla, ina measc, idirghabhálacha ar bheartais, caighdeáin agus reachtaíocht Eorpach agus idirnáisiúnta eile. Ina theannta sin, casann ComReg ar, agus tá ról gníomhach aige i gcomhlachtaí idirnáisiúnta, amhail BEREC, an RSPG agus CEPT.

9.20 Leagann Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg an dá sprioc seo a leanas amach maidir le rannpháirtíocht:

**SPRIOC 26**

Táimid réamhghníomhach ar rannpháirtíocht le réimse páirtithe leasmhara.

**SPRIOC 27**

Forbraíonn an mhandáid reachtaíochta chun cabhrú linn ár straitéis a chomhlíonadh.

9.21 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

- **Straitéis Cumarsáide:** Déanfaimid cinnte go mbeidh ár straitéis cumarsáide solúbtha go leor le riaradh d'éilimh agus do riachtanais tomhaltóirí agus na earnála cumarsáide leictreonaí.
- **Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda:** Comhoibriú leis an Tascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda agus gníomhaíochtaí agus aschuir a chur i bhfeidhm, de réir mar is gá.
- **Treoir EECC nua:** Ról gníomhach a ghlacadh san EECC, a bhí molta roimhe, trí shainchomhairle a thabhairt don DCCAE agus do BEREC, de réir mar is gá.

9.22 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinne ComReg iarracht comhoibriú a dhéanamh le páirtithe leasmhara ar roinnt dóigheanna. Is uirlis thábhachtach ár suíomh gréasáin do thomhaltóirí agus d'earnáil na tionsclaíochta fáisnéis, comhairle agus tacaíocht a fháil ar chúrsaí a bhaineann leis an margadh cumarsáide leictreonaí. Nuashonraíodh ár suíomh gréasáin in 2016 agus ó shin, cuireadh feidhmiúlacht nua air agus uasdátaíodh í, ár n-uirlis comparáide luacha, ComReg Compare, (www.comreg.ie/compare) san áireamh, a ligeann do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir tairiscintí margaidh, ina measc, gléasanna láimhe, ó sholáthraithe seirbhíse Éireannacha. Ina theannta sin, leathnaigh ár bhfoireann Rannpháirtíochta Tomhaltóirí a freastal le hábhar agus feidhmiúlacht nua tomhaltóra, a for-rochtain ar sheanóirí, a freastal ar sheónna trádála agus a feachtais meán sóisialta le tomhaltóirí a chur ar an eolas faoinár gcuid oibre agus le comhairle a thabhairt dóibh. Pléitear Rannpháirtíocht Tomhaltóirí níos mine i gCaibidil 5.

9.23 In 2017, réachtáil ComReg a chéad chomhdháil náisiúnta do pháirtithe leasmhara le beagnach deich mbliana anuas. Tháinig rannpháirtithe leasmhara éagsúla le chéile ar an gcomhdháil leathlae leis an tírdhreach athraitheach don teileachumarsáid agus ceisteanna d'Eirinn i dtodhchaí nasctha a phlé. Ina theannta sin, in 2018, bhí bricfeasta do pháirtithe leasmhara ag ComReg mar chuid dá athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise ECS Chúig Bliana. Tá rún againn comhdhálacha náisiúnta agus imeachtaí rannphháirtíochta pháirtithe leasmhara den chineál céanna a reáchtáil sa todhchaí, agus na hacmhainní againn, a chlúdóidh topaicí éagsúla a bheidh ábhartha dár misean agus ina mbeidh spéis ag na hearnálacha a rialaímid agus a ndéanaimid monatóireacht orthu. Lena chois sin, leanfaimid teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara eile trí ghníomhaíochtaí amhail imeachtaí líonraithe, feachtais dhírithe agus uirlisí faisnéise ar líne, amhail ár gclúdach móibíleach uirlisí ComReg Compare agus Service Checker.

9.24 Mar chuid de Thascfhórsa Móibíleach agus Leathanbhanda an Rialtais, cuireadh de chúram orainn roinnt gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, ina measc, léarscáil den chlúdach móibíleach a chruthú (www.comreg.ie/coveragemap), taighde a dhéanamh ar íogaireacht ghléasanna láimhe mar gheall ar fheidhmíocht aeróige agus na híosriachtanais nua do Chóid Cleachtais na Soláthraithe Seirbhíse um dhéiléail le gearáin. Nuair is cuí é, tá críoch agus dul chun cinn na dtascanna seo leagtha amach i dtuarascáil bhliantúil an Tacfhórsa ar dhul chun cinn. Thar an tréimhse atá le teacht, leanfaidh ComReg cabhrú leis an Tascfhórsa na gníomhaíochtaí atá le déanamh a chríochnú.

9.25 Mar a nótáladh roimhe (i gCaibidil 2), athraíonn ár mandáid reachtúil go fóill. Chomh maith leis an EECC, chomhoibrigh ComReg leis an Rialtas agus leis an gCoimisún um Athchóiriú an Dlí faoinár gcumhachtaí, na cinn sin san áireamh a bhaineann le cumhachtaí a chabhraíonn lenár ngníomhaíochtaí comhlíonta agus forfheidhmithe, Neodracht Idirlín, an Treoir Rialála um Chostas Leathanbhanda, Treoir NIS agus rialacháin Fánaíochta an AE. Le cur chuige comhchuibhithe a chinntiú i dtaca leis an earnáil ECS, shocraigh ComReg Comhaontú Comhoibrithe nua leis an CCPC. Ina theannta sin, comhoibrímid leis an gCoimsiún um Athchóiriú an Dlí ar ábhair éagsúla agus cuirimid aighneachtaí isteach nuair is cuí iad, mar atá leagtha amach i gCaibidil 8.

9.26 Is dócha go mbeidh tionchar ag aistriú an EECC ar iarrachtaí ComReg sa tréimhse atá le teacht. Glacfaimid páirt ghníomhach sa phróiseas seo trí shainchomhairle a thabhairt, de réir mar a iarrfar í, cabhrú leis an Rialtas agus le BEREC in ábhair a bhaineann leis an EECC. Is dócha go mbeidh impleachtaí móra ag na sruthanna oibre nua agus na riachtanais nua a thiocfaidh chun cinn do ComReg thar an tréimhse atá le teacht. Maidir leis seo, nuair is cuí é, déanfaimid cinnte go gcuirfidh an obair atá ag dul ar aghaidh faoi láthair cheana féin, na riachtanais éagsúla atá leagtha amach san EECC san áireamh. Ina theannta sin, beidh ComReg ag glacadh páirte i roinnt sruthanna oibre BEREC le treoirlínte a chur ar fáil ar ábhair a thiocfaidh chun cinn ón EECC.

## RANNPHÁIRTÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

9.27 Mar gheall ar a ghaiste agus tharlaíonn athruithe sna margaí a rialaímid agus a ndéanaimid monatóireacht orthu, aithníonn ComReg go bhfuil cur chuige comhchuibhithe de dhíth i dtaca le rialáil a spreagann iomaíochas sa dóigh is gur féidir le nuálaíocht, cruthaitheacht agus iomaíocht bheith faoi bhláth. Téimid i mbun plé le, agus glacaimid páirt i roinnt comhlachtaí idirnáisiúnta amhail:

- Institiúidí Eorpacha (Comhairle, Parlaimint, agus Coimisiún);
- Comhlacht Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC);
- An Grúpa um Beartas ar Speictream Raidió (RSPG);
- Grúpa na Rialálaithe Neamhspleácha (IRG);
- Comhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT);
- An tAontas Teileachumarsáide Idirnáisiúnta (ITU); agus
- An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

9.28 Trínár rannpháirtíocht sna heagraíochtaí éagsúla seo, déanann ComReg iarracht obair ar agus tairbhe a bhaint as forbairt teicnící, próisis, beartais agus treoracha dea-chleachtais. Cuireann ár rannpháirtíocht ghníomhach ar an leibhéal idirnáisiúnta an taca faoi fhorbairt leanúnach na hearnála cumarsáide in Éirinn.

## REACHTAÍOCHT AGUS CUMHACHTAÍ

9.29 Aithnítear go bhfuil sé ar mhaithe le gach duine go bhfuil ComReg ina rialálaí éifeachtach, má chuirtear barrthábhacht na hearnála cumarsáide leictreonaí don gheilleagar níos leithne agus don tsochaí i gcoitinne. Le go mbeidh ComReg ina rialálaí éifeachtach, caithfidh sé feidhmiú i gcomhthéacs dlíthiúil, cuí agus cumhachtaí cearta agus sásúla bheith aige le rialáil go héifeachtach.

9.30 Maidir leis an gcéad phointe, mar a cuireadh in iúl roimhe, bhí ComReg ag comhoibriú, agus tá rún aige comhoibriú go fóill leis an Roinn chun aistriú an EECC nua isteach sa dlí intíre in Éirinn a dhéanamh go réidh. Thosaigh ComReg obair ullmhúcháin fosta le haistriú réidh ón gcreatlach rialála atá ann faoi láthair go dtí an chreatlach nua a chinntiú, agus tá rún aige, páirt a ghlacadh i gclár gníomhach oideachais maidir leis an gcreatlach rialála nua in am agus i dtráth.

9.31 Maidir le cumhachtaí ComReg, aithnítear, mar shampla, nach mór do ComReg forfheidhmiú ceart, cóir agus sásúil bheith aige a mbeidh an éifeacht díspreagtha riachtanach aige, ina measc, nuair is cuí é, an chumhacht le pionós airgeadais a bhrú (mar a dhéanann a lán rialálaithe eile, idir intíre nó in earnálacha eile, agus i mBallstáit eile). Is ceist í seo a aithníodh mar phríomhthosaíocht, agus a bhfuil ComReg ag déannamh iniúchta uirthi faoi láthair i gcomhar leis an Roinn. Tuigeann ComReg go bhfuil an Roinn tiomanta do chinntiú go mbeidh na cumhachtaí is fearr, is cuí agus is éifeachtaí ar fáil aige. Ceist don Aire, agus ar deireadh don Oireachtas, leoga a bheidh cinneadh/gníomhaíocht dheireanach ar bith a dhéanamh maidir léi seo.

9.32 Beidh an cur chuige céanna ag ComReg maidir lena chumhachtaí i réimsí eile agus comhoibreoidh sé go gníomhach leis an Roinn agus le páirtithe leasmhara eile le cinntiú gur tosaíocht í go mbeidh na cumhachtaí is cuí agus is éifeachtaí ar fáil aige ar fud a fheidhmeanna éagsúla.

## DAOINE, PRÓISIS AGUS ACMHAINNÍ

9.33 Braitheann cumas ComReg a straitéis agus a mhandáid a chomhlíonadh ar na daoine a fhostaímid. Tá réimse saineolaithe in ábhair éagsúla fostaithe ag ComReg, ina measc, dlíodóirí, cuntasóirí, eacnamaithe, innealtóirí agus saineolaithe beartais phoiblí. Tá ceithre Rannóg san eagraíocht, tacaithe ag an Ard-Abhcóide agus ag an gComhairleoir Sinsearach um Eacnamaíocht, Beartas agus Thaighde. Oibríonn ár n-oibrithe foirne i bhfoirne trasfheidhmiúla a fheidhmíonn i dtimpeallacht ildhisciplíneach. Cothaíonn an comhoibriú seo cultúr inar cúis le réitigh nuálaíocha ar ár ndúshláin oibre, faisnéis a roinnt agus smaointeoireacht chruthaitheach.

9.34 Priomhspreagthóir do rath na heagraíochta is ea an gá go mbeidh go leor oibrithe foirne ag obair in ComReg leis na freagrachtaí agus na feidhmeanna reatha agus breise, a iarratar orainn a dhéanamh, a chomhlíonadh ar bhealach tráthúil. Tá meitheal oibre sofhreagúil, sciliúil, spreagtha againn a dtacaíonn próisis éifeachtúla leo san eagraíocht. Mar eagraíocht, leanaimid ar aghaidh le hinfheistiú i bhforbairt ár n-oibrithe foirne, ár gcóras (m.sh. córais TE) agus inár bpróisis, rudaí a chinntíonn gur féidir linn ár mandáid a chomhlíonadh.

9.35 Mar sin de, cuirimid béim láidir ar phríomhréimsí na hEarcaíochta, na Forbartha, na Rannpháirtíochta agus na Sláinte. Creidimid gur seirbhísí níos fearr do thomhaltóirí agus do pháirtithe leasmhara, an toradh atá ar chultúr a chothú a mheallann daoine cumasacha ó chúlraí ilghnéitheacha.

9.36 De réir ár luachanna, tá ComReg tiomanta do chomhlíonadh ár n-oibleagáidí reachtúla faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Cuireann Alt 42 den Acht sin dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn, cosc a chur ar idirdhealú, agus cearta daonna na ndaoine sin uilig lena gcomhoibríonn siad a chosaint – oibrithe foirne, úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara mar a chéile.

9.37 Is gá do ComReg cinntiú go gcloímid le hailt 25, 26, 27 agus 28 den Acht um Míchumas 2005. Déanaimid cinnte go bhfuil rochtain ag daoine le míchumais ar na limistéir phoiblí inar bhfoirgneamh agus go bhfuil rochtain ag daoine le míchumais ar ár ngnáthsheirbhísí poiblí[135].

9.38 Faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, d'fhoilsigh ComReg a chéad Scéim Ghaeilge. I measc eochairchoimitmintí ComReg don scéim tá:

- Cinntiú go bhfuil oibrithe foirne inár rannóg seirbhísí tomhaltóra a bhfuil Gaeilge acu ar fáil le déileáil le ceisteanna agus le gearáin i nGaeilge.
- Cinntiú gur féidir le hoibrithe foirne san fháiltiú cabhrú le sainoibrithe foirne a bhfuil Gaeilge acu agus a dhéanann teagmháil le tomhaltóirí,

[135] Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Rochtana ComReg ar access@comreg.ie

agus iad ar fáil, do ghlaoiteoirí ag iarraidh a gcuid gnó a dhéanamh le ComReg trí mheán na Gaeilge.

- An t-ábhar i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin a mhéadú, le béim ar leith ar an ábhar do thomhaltóirí.

9.39 Thosaigh an Scéim Ghaeilge ar 20 Márta 2017 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí an t-am a mbeidh scéim nua á dearbhú ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

9.40 Leag Straitéis ECS Chúig Bliana ComReg na trí sprioc seo a leanas amach a *bhaineann lenár ndaoine, lenár bpróisis agus lenár n-acmhainní:*

**SPRIOC 28** Coinnímid eagraíocht mheabhrach, sciliúil agus spreagtha.

**SPRIOC 29** Tá próisis agus córais éifeachtúla agus éifeachtacha againn.

**SPRIOC 30** Tá go leor acmhainní againn lenár straitéis eagraíochtúil a chomhlíonadh.

9.41 I Ráiteas Straitéise ECS 2017-2019, phleanáil ComReg roinnt eochairthograí:

- **Cód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit:** Táimid tiomanta don Chód Cleachtais a chur i bhfeidhm tar éis athbhreithnithe ar a riachtanais.
- **Próisis Inmheánacha:** táimid tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis inmheánacha airgeadais agus neamhairgeadais.
- **Acmhainní leis an mandáid a chomhlíonadh:** tar éis na ceadanna riachtanacha a fháil, bheadh rún againn líon ár n-oibrithe foirne a mhéadú.

9.42 Thar an dá bhliain dhéanach anuas, rinne ComReg bearta le cinntiú go raibh ár bpróisis agus ár nósanna imeachta oiriúnach dá bhfeidhm agus le riachtanais na heagraíochta agus na bpáirtithe leasmhara a chomhlíonadh. Ghlacamar leis an gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú agus thugamar feidhmeanna tuairiscithe airgeadais níos fearr isteach. D'fhoilsíomar ár gCairt Chustaiméirí agus Scéim Ghaeilge fosta. Go hinmheánach, thugamar sainchreatlach Cumais agus iompraíochtúla isteach, le húsáid d'earcaíocht ar dtús, ach le húsáid do bhainistíocht feidhmíochta anois fosta. Sainmhíníodh agus seoladh ár bpróiseas Chomhphlé Feidhmíochta agus Forbartha nua ar na mallaibh. Leanfaimid ar aghaidh ár gclár meantóireachta a neartú agus a rolladh amach don fhoireann atá againn faoi láthair agus nua.


9.43 I Méitheamh 2017, bhogamar ár n-oifigí go One Dockland Central sa IFSC. Éascaíonn ár dtimpeallacht oibre nua, le dearadh plean oscailte, faisnéis a roinnt agus comhoibriú idir foirne. Ina theannta sin, cabhraíonn áiseanna nua-aimseartha le tionscnaimh agus bearta níos éifeachtúla agus níos glaise, ó thaobh fuinnimh de, a ghlacadh. Cabhraíonn na rudaí seo lenár lorg carbóin a laghdú.

9.44 In 2017, tar éis athbhreithnithe ar ár leagan amach agus ar ár struchtúir eagraíochtúla, d'atheagraíomar ár Rannóga le riaradh níos fearr do riachtanais na bpáirtithe leasmhara agus leis na haidhmeanna a leagamar amach sa Straitéis ECS Chúig Bliana a bhaint amach. Bhunaíomar Ionad Oibríochtaí Líonra tiomnaithe le tacaíocht thrasrannóige a thabhairt agus le sainchomhairle theicniúil a thabhairt d'ionaid ComReg eile ar cheisteanna teicniúla líonra, ina measc, acmhainneacht agus caighdeán na líonraí oibreora. Ina theannta sin, bogadh ár bhFoireann Poist go dtí an Rannóg Mhiondíola lenár bhfeidhmeanna tomhaltóra a ailíniú níos fearr, agus bogadh ár bhfoireann Idirnáisiúnta, atá i mbun oibre ComReg le BEREC go hOifig an Choimisinéara faoin gComhairleoir Sinsearach um Eacnamaíocht, Beartas agus Thaighde mar gheall ar thábhacht an EECC nua don eagraíocht. Athlonnú inmheánach rathúil roinnt daoine indibhidiúla an toradh a bhí ar éifeachtúlachtaí de thairbhe feabhsuithe sna córais TE.

9.45 Tá acmhainní a chur ar fáil dúshlánach fos. Ba chúis le dianiomaíocht do na sainscileanna atá de dhíth orainn - Innealtóirí, Eacnamaithe, Cuntasóirí, Dlíodóirí agus Anailísithe, an geilleagar bríomhar agus an ráta íseal dífhostaíochta. Mar sin de, is féidir leis bheith deacair ár bhfolúntais a líonadh le daoine a bhfuil na scileanna agus an taithí acu atá de dhíth. Cruthaíodh dúshlán eile nuair a d'fhág oibrithe foirne le dul ag obair in eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí agus phríobháideach. Chuir an mhoill ar dhaoine a fháil a bhfuil na sainscileanna acu agus ar an am le hoibrithe foirne nua a uas-sciliú, ualach oibre breise ar na hoibrithe foirne atá ann faoi láthair. Tá béim againn ar dhaoine le heochairscileanna a choinneáil agus chruthaíomar próisis ionduchtaithe mar aon le tionscnaimh eile cumarsáide agus rannpháirtíochta chun cabhrú le hoibrithe foirne a choinneáil linn. Déanaimid athbhreithniú leanúnach ar ár n-ionad cuimsitheach de chláracha teicniúla agus gairmiúla bunaithe ar anailís ar riachtanais traenalá, agus in iarracht le hoibrithe foirne a uas-sciliú agus a fhorbairt sa dóigh is go mbeidh siad ábalta a riachtanais reatha agus amach anseo a chomhlíonadh.

9.46 Thug DCCAE cead do ComReg ar na mallaibh acmhainní breise a earcú.Leanfaimid ar aghaidh comhoibriú a dhéanamh leis an DCCAE maidir lenár riachtanais foirne faoi láthair agus sa todhchaí, agus faoi réir na gceadanna riachtanacha, líon ár n-oibrithe foirne a mhéadú a thuilleadh.

Commission for
**Communications Regulation**
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**



An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

1 Lárcheantar na nDugaí, Sráid na nGildeanna, BÁC 1, Éire, D01 E4X0.
One Dockland Central, Guild Street, Dublin 1, Ireland, D01 E4X0.

Teil | Tel **+353 1 804 9600**

Rphost | Email **strategy@comreg.ie**

Suíomh | Website **www.comreg.ie**